[2] Ciallaíonn amhuisce uisce sa timpeallacht (aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce idirchéimeach agus uisce cósta), nó uisce a baineadh ón timpeallacht nach ndearnadh cóireáil ar bith air. Nuair a bhímid ag tagairt don uisce cóireáilte, is é sin uisce ar a ndearnadh leibhéal éigin cóireála.

Figiúr 5: Earnálacha cháilíocht an uisce



- Pataiginí – lena n-áirítear foinsí, marthanas, conairí agus tionchair ar chóireáil Áirítear leis an bhfo-earnáil seo pataiginí a dhíorthaítear ó thalmhaíocht, fuíolluisce baile agus uirbeach, rith chun srutha uirbeach agus dramhaíl thionsclaíoch.
- Cothaithigh agus dríodar – lena n-áirítear foinsí, conairí agus tionchair ar chóireáil. Áirítear leis an bhfo-earnáil seo níotráití, amóinia, fosfáití, carbón orgánach tuaslagtha agus dríodar, a dhíorthaítear ó fhuíolluisce baile agus uirbeach, talmhaíocht (m.sh. leasacháin, aoileach, eallach beostoic), rith chun srutha uirbeach, foraoiseacht, dramhaíl thionsclaíoch agus suíomhanna stairiúla truaillithe.
- Lotnaidicídí – lena n-áirítear foinsí, díghrádú, conairí agus tionchair ar chóireáil Úsáidtear an téarma lotnaidicídí chun na táirgí cosanta plandaí go léir a chlúdach, lena n-áirítear luibhicídí, múiscnimheanna agus moiliscicídí, den chuid is mó ó thalmhaíocht ach ó ghníomhaíochtaí foraoiseachta agus tionsclaíocha den chuid is mó.
- Stádas comhshaoil – gnéithe éiceolaíocha na Creat-Treorach Uisce a ghabháil nár ghabháil fo-earnálacha eile; athróga comhshaoil a bhaineann go díreach le cáilíocht an uisce (m.sh. teocht, Éileamh Bitheolaíochta Ocsaigin, an ocsaigin tuastagtha), speicis ionracha, feineolaíocht agus an gaol idir an comhshaol agus an tsochaí.
- Truailleáin tionsclaíochta agus truailleáin atá ag teacht chun cinn – ábhair imní faoi cháilíocht an uisce a bhféadfadh sé nár tomhaiseadh fós iad agus nach mbaineann ábhar imní rialála leo ach a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tionchair amach anseo. Áirítear leis seo tosca mar mhianadóireacht, uisce fuaraithe tionsclaíoch, plaistigh, hidreacarbóin agus cógaisíocht (ó úsáid talmhaíochta agus daonna).
-

Figiúr 6: Fo-earnálacha an bhonneagair seirbhísí uisce



- Tarraingt amhuisce – rialáilte agus neamhrialáilte ó uisce dromchla agus screamhuisce ag breithniú sruth abhann agus feidhmíocht uiscíoch faoi seach
- Líonraí uisce agus fuíolluisce (tarchur agus dáileadh) - sócmhainní gaolmhara (mar shampla comhshreafaí séarachais) lena n-áirítear sócmhainní taobh an tsoláthair.
- Cóireáil uisce agus fuíolluisce – oibreacha cóireála nádúrtha agus a ndearnadh innealtóireacht orthu ar uisce agus ar fhuíolluisce agus bonneagar agus tomhaltáin, dabhcha séarachais agus ionaid phacáiste lena mbaineann
- Stóráil uisce - taiscumair thuas agus faoi thalamh le haghaidh uisce amh nó cóireáilte, agus bonneagar gaolmhar.

Figiúr 7: Fo-earnálacha cháilíocht an uisce agus an bhonneagair seirbhísí uisce



2.2.4 Slabhraí tionchar earnála

Sainíodh slabhraí tionchair chun na hidirghaolta idir spreagadh aeráide agus fo-earnáil a ghabháil, ag cur san áireamh íogaireacht, nochtadh, iarmhairtí agus an acmhainn oiriúnaitheach earnála agus tá sampla de sin léirithe i Figiúr 8.

Figiúr 8: Sampla de shlabhra tionchar: Laghdú ar infhaighteacht acmhainní uisce



Nóta: Tá cur síos ar an tionchar sin leagtha amach go hiomlán i gCuid 3.

Mar chuid den chleachtadh scagtha tionchar, cruthaíodh liosta fada de shlabhraí tionchar earnála bunaithe ar an bhfianaise reatha chun achoimre a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le hearnáil cháilíocht an uisce agus le hearnáil an bhonneagair seirbhísí uisce chun tacú le tuiscint, córasú agus beartú tosaíochta tionchar agus iarmhairtí earnála (Aguisín A). Maidir le gach tionchar a sainaithníodh, forbraíodh slabhra tionchar chun achoimre a dhéanamh ar na príomh-choincheapa seo a leanas, arna leagan amach i dtreoirlínte pleanála earnála an RCGAC [1]:

- **Spreagthaí aeráide**: sraith ráiteas maidir le hathrú aeráide réamh-mheasta chun athruithe a ar an inathraitheacht aeráide agus i minicíocht agus méid na bhfoirceann bunaithe ar threochtaí a breithníodh agus réamh-mheastacháin samhlaithe a ghabháil. Sa mheasúnacht seo, is mar seo a leanas a sainmhínítear iad:
  - Teocht mhéadaithe/ard;
  - Teocht laghdaithe/íseal
  - Frasaíocht mhéadaithe/ard;
  - Frasaíocht laghdaithe/íseal
  - Ardú ar leibhéal na farraige
  - Méadú ar anfacht[3].

[3] Gaotha móra, an dianfhrasaíocht agus aimsir stoirme dona eile, m.sh. clocha sneachta, tintreach.

- **Íogaireacht:** na gnéithe/córais ar dócha iad a bheith íogair i leith athruithe ar an aeráid, mar shampla uisce dromchla, screamhuisce, éiceachóras, grúpa daonra, sócmhainn bhonneagair.
- **Nochtadh**[4]: suíomh spásúil gné/córais a bhféadfadh na spreagthaí aeráide tionchar a imirt orthu.
- **Acmhainn oiriúnaitheach**: an seans go ndéanfaí gné/córas a oiriúnú do ghuaiseacha aeráide trí bhearta chun drochthionchair a laghdú nó leas a bhaint as deiseanna nua.
- **Tionchair**: tionchar an spreagtha aeráide ar an gcóras, ag cur íogaireacht, nochtadh agus acmhainn oiriúnaitheach san áireamh,
- **Iarmhairt earnála:** torthaí ó thionchar aeráide ar ghné/chóras agus cuntas ar acmhainn oiriúnaitheach.
-

Thosaigh an próiseas maidir le forbairt na slabhraí tionchar le breithniú ar thionchair reatha agus ionchasacha gach athróige aeráide ar gach fo-earnáil um cháilíocht an uisce agus um bonneagar seirbhísí uisce. Cuireadh 'liosta fada' tionchar i dtoll a chéile (Aguisín A)agus rinneadh é a réasúnú ansin; le haghaidh roinnt fo-earnálacha ní raibh tionchar intuartha ann agus le haghaidh roinnt eile bhí tionchair iolracha ann maidir le hathróg aeráide ar fho-earnáil amháin. Bhí cuid díobh comhcheangailte, m.sh. is féidir le hardfhrasaíocht tionchar comhchosúil a bheith aige ar phataiginí, ar chothaithigh agus ar lotnaidicíd mar sin cuireadh na tionchair sin le chéile i slabhra tionchar amháin. Rinneadh measúnú ansin ar mhéid an tionchair i gcomhthéacs tionchar eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta agus sannadh méid comhiomlán foriomlán le haghaidh gach tionchair.

Cuireadh athruithe réamh-mheasta ar an aeráid (mínithe i gCuid 2.2.5) i bhfeidhm maidir leis na slabhraí tionchar chun tuiscint a fháil ar threo na n-athruithe faoi aeráid amach anseo. Áiríodh leis sin breithniú ar an dóigh a bhféadfadh aeráid atá ag athrú an méid reatha tionchar lena gcuirtear san áireamh íogaireacht, nochtadh, acmhainn oiriúnaitheach agus iarmhairt earnála a dhéanamh níos measa nó a fheabhsú. I gcomparáid idir na slabhraí tionchar a léiríonn an aeráid reatha, agus na cinn a léiríonn tionchair aeráide amach anseo tugadh le tuiscint go ngéaróidh an t-athrú aeráide tionchair dhiúltacha atá ann cheana i bhformhór na gcásanna (bunaithe ar na tionchair a breithníodh). Is é ceann den bheagán eisceachtaí ionchas geimhrí níos teo a d'fhéadfadh tionchair a bhaineann le haimsir fhuar a mhaolú amhail beart reo is coscairt a théann i

[4] Ba cheart a thabhairt faoi deara cé go sainítear 'nochtadh' go minic mar 'náisiúnta' le haghaidh slabhraí tionchar a léiríonn an aeráid reatha agus go bhféadfaí tionchair a imirt ar fud na hÉireann, is féidir sin a mhéadú tuilleadh fós faoi aeráid amach anseo. Mar shampla, d'fhéadfadh méadú teacht ar mhéid na limistéar ar fud na tíre ina dtarlaíonn tuile cheana faoin athrú aeráide.

gcion ar shócmhainní líonra a bhféadfadh pléascadh agus ligean a bheith mar thoradh air.

Tugadh na slabhraí tionchar sin ar aghaidh lena n-úsáid sa chéim Beartú tosaíochta (Céim 3, Cuid 2.3) de phróiseas na pleanála um oiriúnú chun tús áite a thabhairt do rioscaí a bhaineann leis an aeráid amach anseo ar earnáil cháilíocht an uisce agus ar earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce.

2.2.5 Réamh-mheastachán aeráide

Tá gá le hachoimre ar réamhaisnéisí athrú aeráide i gcoinne na bonnlíne reatha d'Éirinn chun bonn eolais a chur faoi rioscaí amach anseo agus faoi roghanna tosaíochta oiriúnaithe d'earnálacha cháilíocht an uisce agus an bhonneagair seirbhísí uisce.

Cé go bhfuil sonraí ar réamh-mheastacháin mhionsonraithe aeráide ann le haghaidh gach cáis aeráide sa mheántéarma (2031-2060[5]) agus san fhadtéarma[6] (2081-2100), dírítear sa mheasúnacht seo ar thréimhse na meántéarma, agus cuirtear an raon iomlán cásanna astaíochtaí[7] san áireamh (féach Figiúr 9 le haghaidh conairí Ionadaíocha Ionadaíoch (RCPanna) a dhéanann ionadaíocht ar an raon todhchaíochtaí aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ba chóir an measúnú athraithe aeráide seo a léamh in éineacht leis na prionsabail seo a leanas san áireamh:

- Ar aon dul leis an bprionsabal réamhchúraim, ba cheart go mbeadh breithniú leordhóthanach ar an 'gcás is measa réasúnta'[8] i gceist le hullmhú athléimneachta, i gcomhthráth le bearta a dhéanamh chun an dóchúlacht go dtiocfaidh na réamh-mheastacháin níos déine chun cinn a laghdú.
- Ba cheart go mbeadh timthriallta pleanála agus buiséadacha fós solúbtha agus dearcadh fadtéarmach á choinneáil ag an am céanna - go háirithe i gcás go bhfuil mórbhonneagar á phleanáil. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht aeráide go dtí deireadh an aois atá ann is deacair pleanáil fhadtéarmach a dhéanamh toisc go meastar go bhfuil cásanna astaíochtaí ísle, meánacha agus arda chomh inchreidte céanna i dtreo dheireadh na haoise (Figiúr 9).
- Agus é sin á chur san áireamh, meastar go mbeadh cur chuige conairí oiriúnaitheacha/ bainistíochta oiriúnaithí stuama sa chomhthéacs sin (i ndiaidh 2050)

---

[5] Ar a ngairfear na '2050idi' agus/nó 'lár an Chéid' anseo feasta

[6] Nóta: Cuireadh béim ar réamh-mheastacháin aeráide fhadtéarmacha sa Tuarascáil ar an Measúnú ar Thionchair Thosaíochta roimhe seo [38] (agus a bhfuil achoimre déanta orthu sa tuarascáil seo) chun an neamhchinnteacht thuasluaite agus an gá le *fáire a* choinneáil i ndáil leis an tsraith slabhraí tionchar tosaíochta a thaifeadadh.

[7] Arna léiriú raon na n-astuithe idir RCP2.6 agus RCP8.5.

[8] Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfaí a mheas gur raon réamhchúraim agus sochreidte iomchuí go dtí 2050 é an raon cásanna astaíochtaí meántéarmacha agus ard (a léiríonn raon na n-astaíochtaí idir RCP4.5 go RCP8.5) mar gheall ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GHG) atá gan srianadh faoi láthair agus 'tiomanta' don athrú aeráide.

trína gcaithfear faire a choinneáil ar gach cás aeráide, tionchair agus luachanna riosca lena mbaineann – le bearta um oiriúnú atá cuí agus comhréireach.

Figiúr 9: Athrú réamh-mheasta ar an teocht i dtuaisceart na hEorpa (bliantúil)



Foinse: [16]

Soláthraíonn na hachoimrí ina dhiaidh sin léiriú táscach ar thodhchaí aeráide na hÉireann go dtí lár an chéid. Chun críocha na tuarascála seo, déantar achoimre ar na hathruithe réamh-mheasta do gach ceann de na spreagthaí aeráide seo a leanas le toradh cáilíochtúil:

- Teocht
- Frasaíocht
- Anfacht
- Leibhéal na farraige.

Gabhadh tuilleadh faisnéise (uimhriúil) sa Tuarascáil ar an Measúnú ar Thionchair Thosaíochta roimhe seo agus tugtar chun suntais í sna measúnachtaí um oiriúnú seo a leanas i gCaibidil 3.

Baintear úsáid as teaglaim taighde a rinne Met Éireann (2013), Uirlis Breathnóra agus Stádais Faisnéise ar Líne Climate Ireland (2018), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil, taighde a rinneadh ag an Ionad Taighde ar an Aeráid (CRU) d'Ollscoil East Anglia (an Ríocht Aontaithe) (2015) agus anailís arna déanamh ag an IPCC (2013) chun athruithe amach anseo a mhíniú.

Ní mór a thabhairt chun suntais arís go bhfuil cineál an chórais aeráide ina fhoinse neamhchinnteachta, a mhéadaítear leis an athrú aeráide. Lena chois sin, níl an neamhchinnteacht aonfhoirmeach go háirithe ar an scála réigiúnach agus fo-réigiúnach: cé go bhfuil roinnt athróg aeráide (m.sh. teocht, ardú ar leibhéal na farraige) níos intuartha, níl cinn eile (m.sh. an fhrasaíocht, ardghaoth ó stoirmeacha) chomh intuartha. Mar sin féin, tá na hathruithe domhanda ar an scála leathan intuartha de dheasca chineál fisiceach an chórais aeráide.

Mar gheall ar shuíomh geografach na hÉireann tá sé an-deacair aschuir réamh-mheastacháin an-bheacht a chur ar fáil go muiníneach. Tá tionchar ag dinimic Aigéan an Atlantaigh ar an aeráid agus dá réir sin cuireann sé isteach ar an aeráid. Toisc go bhféadfadh sé sin tionchar a imirt ar an aeráid ar bhealaí nach mbeifí ag súil leis (in ainneoin na dtreochtaí réigiúnacha agus domhanda téimh), ní mór béim a chur ar an neamhchinnteacht bhunúsach sna réamh-mheastacháin aeráide.

2.2.5.1 Teocht

D'fhéadfadh méadú 0.5 °C ar a laghad go 1.7 °C teacht ar mheánteochtaí bliantúla bonnlíne 9 °C ar mheánteocthaí bliantúla náisiúnta de faoi lár an Chéid, agus méaduithe níos soiléire gar do 3 °C i ndeisceart agus in oirthear na tíre [17].

Is cosúil go leanfaidh an téamh ag treisiú i gcás luachanna foircneacha (i.e. laethanta teo agus fuara), agus é réamh-mheasta go dtiocfaidh méadú idir 1.3 agus 2.6°C sna teochtaí is airde le linn an lae sa samhradh agus tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh méadú de idir 1.4 agus 3.1°C ar na teochtaí is ísle san oíche sa gheimhreadh - le glanmhéadú i minicíocht na dtonnta teasa. Agus an meán faighte ar fud na hÉireann ar fad, tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh laghdú de idir 50% agus 62% ar líon na laethanta siocáin (laethanta i gcás go bhfuil an íosteocht níos lú ná 0 °C) thar an raon iomlán de na chásanna éagsúla. Mar an gcéanna, tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh laghdú faoi idir 73% agus 82% ar líon na laethanta oighir (tréimhse 24 uair an chloig i gcás go bhfanann an uasteocht aeir faoi bhun 0 °C) [18].

- Méadú fadtéarmach ar na meánteochtaí bliantúla;
- Méadú leanúnach ar uasmhéideanna teochta, i.e. minicíocht/fad/méid na dtonna teasa samhraidh, aimsir níos teo sa gheimhreadh ná mar is gnách, agus níos lú laethanta siocáin;
- Méadú ar mheánfhad an tséasúir fháis
- Athruithe ar ghéartheagmhais aimsire:
    - níos mó tonnta teasa
    - níos lú laethanta siocáin agus oighir.

Léirítear sna réamh-mheastacháin chomh maith meánmhéadú ar fhad an tséasúir fháis faoi lár an Chéid de 35 - 40 lá in aghaidh na bliana le haghaidh cásanna astaíochtaí arda.[9]

[9] A thagraíonn ina dhiaidh seo do raon na n-astuithe idir RCP4.5 agus RCP8.5.

2.2.5.2 Frasaíocht

- Glanlaghdú ar an bhfrasaíocht bhliantúil agus minicíochtaí na dteagmhas
- Laghduithe réamh-mheasta ar fhrasaíocht antsamhraidh, agus méadú ar mhinicíocht/fhad/mhéid thréimhsí tirime/triomaigh an tsamhraidh - a bhaineann go dlúth le teochtaí arda.
- Méadú ar mhinicíochtaí fhrasaíocht an gheimhridh, agus méaduithe suntasacha ar fhrasaíocht an gheimhridh agus an fhómhair
- Athruithe ar dhéine agus ar dháileadh na frasaíochta réamhtheachtaí, agus déine fhéideartha mhéadaitheach de mhórtheagmhais frasaíochta
- Miondifríochtaí geografacha agus teamparálta ar phatrúin frasaíochta ón iarthair soir i.e. fliuchadh níos suntasaí san iarthair sa gheimhreadh agus triomach níos suntasaí san oirthear sa samhradh

Léirítear in ionsamhlúcháin réamh-mheasta d'Éirinn gur dócha go méadóidh minicíochtaí frasaíochta troime go háirithe le linn mhíonna an gheimhridh agus an fhómhair (de thimpeall ar 20%). D'fhéadfadh méadú idir 5% agus 35% teacht ar an athrú céatadáin ar leibhéil na frasaíochta le linn mhíonna an fhómhair agus an gheimhridh faoin raon iomlán cásanna.

Os a choinne sin, tá sé réamh-mheasta go dtiocfadh méadú suntasach ar na tréimhsí tirime le linn mhíonna an earraigh agus mhíonna an tsamhraidh, agus na luachanna ó 12% go 40% i gcás na gcásanna meánastaíochtaí agus na gcásanna astaíochtaí arda, agus go dtiocfadh laghdú ó 0% go -30% a ar leibhéil frasaíochta an tsamhraidh sna cásanna ar fad. Táthar ag súil go mbeidh glanlaghdú tuartha air sin ar na meánleibhéil bhliantúla frasaíochta (ó 0% go -10%) faoi lár an Chéid do raon na gcásanna meánastaíochta agus astaíochtaí arda, ach léirítear sna réamh-mheastacháin gan aon ghlanchaillteanas (+10% go -10%) le haghaidh raon iomlán na gcásanna astaíochtaí.

Tá sé tuartha go mbeidh 'triomach' níos suntasaí in oirthear na hÉireann, agus 'fliuchadh' níos suntasaí san iarthar [19][10].

Déine mhéadaitheach de mhórtheagmhais frasaíochta: De réir mar a théann an aeráid, méadóidh an adhaimsir fhrasaíochta go príomha mar go bhfuil acmhainn níos mó le hatmaisféar te chun tuilleadh uisce a choinneáil. Léirítear an gaol idir 'acmhainn coinneála taise' an atmaisféir, teocht agus brú leis an ngaol Clausius-Clapeyron [20] a thugann méadú thart ar 7% ar an bhfrasaíocht in aghaidh na céime Celsius téimh. Ag cur

[10] Ba chóir a thabhairt faoi deara anseo ina dhiaidh seo, go gcaithfear an oiread céanna airde a thabhairt ar na difríochtaí réamh-mheasta réigiúnacha (soir-siar) i deascadh in Éirinn agus a bhaineann le gach réamh-mheastachán aeráide eile atá sa tuarascáil seo.

meántéamh domhanda, réamhchúramach thart ar 3 °C faoi lár an Chéid san áireamh[11], sholáthródh an gaol Clausius-Clapeyron méadú thart ar 22.5% (cumasc) ar dhéine na frasaíochta i gcoinne mórtheagmhais frasaíochta bonnlíne.

2.2.5.3 Anfacht

Léirítear le fianaise agus réamh-mheastacháin reatha go bhféadfadh laghdú thart ar 10% teacht ar líon foriomlán stoirmeacha an Atlantaigh Thuaidh, ach rinne an IPCC an *déine* fhoriomlán a chainníochtú agus thuairiscigh siad go bhfuil sé níos dóchúla nach méadóidh sí. Lena chois sin, tuartar le fianaise reatha agus réamh-mheastacháin go sínfidh rianta de na stoirmeacha déine níos faide soir amach anseo [18].

Níl fianaise eolaíoch láidir nó comhthoiliú ar bith ann, áfach, maidir leis an dinimic agus na hathruithe ar stoirmeacha an Atlantaigh Thuaidh. De bharr go bhfuil dianteaghais stoirme neamhchoitianta, ní mór taighde ar rianú stoirmeacha a leathnú.

Ag baint úsáid as samhlacha tionchar[12], tá comhartha láidir go bhfuil méadú ag teacht ar an tséasúracht i gcórais hidreolaíocha follasach, le méaduithe ar shruthú srutháin an gheimhridh agus an earraigh an laghdú ar shruthú srutháin an tsamhraidh. Mar atá nasctha leis an gcuid deasctha, táthar ag súil le méadú 5% go 35% ar an méid uisce a ritheann trí aibhneacha i bhformhór na ndobharcheantar i séasúr an fhómhair agus an gheimhridh faoi lár an chéid, le laghduithe féideartha de 0-30% don samhradh.

- Minicíocht laghduithe ar stoirmeacha an Atlantaigh Thuaidh (i.e. laghdú ar loig an Atlantaigh Thuaidh);
- Is mó an seans go méadóidh déine fhoriomlán na dteagmhas stoirmeacha seachas nach méadóidh, le guaiseacha gaolmhara níos déine m.sh. frasaíocht throm, tuilte, borradh stoirme, gaoth, tintreach, ó ghníomhaíocht mhéadaithe chomhiomprach
- D'fhéadfadh laghdú teacht ar chlocha sneachta agus ar shneachta
- Glanlaghdú ar ghaotha móra, ach d'fhéadfadh méadú teacht ar an dianghaoth a bhaineann le stoirmeacha níos déine.

Mar gheall ar an téamh ar an teocht fhoriomlán talún agus thimpeallach, d'fhéadfadh laghdú teacht ar an bhfrasaíocht i bhfoirm sneachta agus clocha sneachta b'fhéidir.

I gcomhthéacs gaoithe, léiríodh laghduithe suntasacha tuartha i staidéir ar ábhar fuinnimh na gaoithe le haghaidh shéasúir an earraigh, an tsamhraidh agus an fhómhair, gan treocht shuntasach ar bith sa gheimhreadh mura n-athraíonn an fhianaise eolaíoch reatha. D'fhéadfadh tuiscint a bhaint as, áfach, in ainneoin glanlaghdú ar ghaotha móra, d'fhéadfadh méadú

[11] Féadfar go dteastódh machnamh a dhéanamh ar an méadú measta seo de 22.5% ar dhéine deasctha agus meastóireacht á déanamh ar thréimhsí aischuir dearaidh le glacadh le haghaidh saolréanna deartha criticiúla bonneagair go dtí lár an chéid (arna meas i slabhraí tionchair tosaíochta nuair is cuí). Ní mór aird chuí a thabhairt d'athróg shéasúrach.

[12] Sa chás go n-úsáidtear sonraí aeráide agus aschuir samhla aeráide (m.sh. teocht, frasaíocht, grianradaíocht) chun athruithe réigiúnacha a thuar in athróga amhail infhaighteacht uisce úir, torthaí barr, bá cósta, éileamh ar fhuinneamh agus táirgiúlacht foraoise.

ar dhiantheagmhais ghaoithe (a bhaineann le stoirmeacha níos déine) tarlú amach anseo.

2.2.5.4 Leibhéal na farraige

Bhí ardú ~2-3% in aghaidh na bliana ar ardú leibhéal na farraige (SLR). Léirigh breathnuithe agus taighde níos deireanaí, áfach, go bhfuil an leá oighir talún ón Antartach agus ón nGraonlainn ró-mheasta, agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina léiriú coimeádach ar SLR amach anseo.

Cé go bhfuil réamh-mheastacháin ar an ardú ar leibhéal domhanda na farraige (ALF) faoi raon an cháis astaíochtaí arda measta idir 40 mm agus 60 mm faoi lár an Chéid, níl sé tuartha go mbeidh an AFL cothrom ón taobh geografach. Táthar ag réamh-mheas an SLR réigiúnach réamh-mheasta go dtí lár na céad, ag ceadú comhpháirteanna [13]iseastatacha, ~250mm (Baile Átha Cliath / cósta oirthear na hÉireann), ~440mm (Sligeach / cóstaí an air-thuascairt) agus ~400mm (iardheisceart na hÉireann) [21].

D'fhéadfadh tuilte tarlú i ngach mórchathair in Éirinn atá suite ar an gcósta, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh mórthionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a bheith ag baint le méadú suntasach ar bith ar leibhéil na farraige i ngeall ar inter alia creimeadh cósta, tuilte agus damáiste ar mhaoin agus ar bhonneagar.

- Méadú suntasach ar leibhéil na farraige, de ~ 2-3mm sa bhliain ar a laghad
- Glanlaghdú gaolmhar ar bhorradh stoirmeacha agus ar thuilte taoide.

Borradh stoirme: Beidh athruithe tuartha ar mheánleibhéal na farraige ina bpríomhspreagadh maidir le méadú a dhéanamh ar na tionchair a bhaineadh le borradh athraithe stoirmeacha agus patrúin tonnta i limistéir chósta, mar aon le stoirmeacha níos déine agus déine fhrasaíochta. Le taifid bhreathnaitheacha agus ath-anailísí léirítear méadú ar airdí suntasacha tonnta de thart ar 20 cm in aghaidh gach deich mbliana ó na 1950idí san Atlantach Thuaidh [22].

Tá na hathruithe ionchasacha maidir le hairde na dtonnta neamhchinnte. In ionsamhlúcháin ardteifigh le déanaí, tugtar laghdú foriomlán ar mheánairdí suntasacha tonnta agus dianairdí tonnta faoi lár an Chéid [23].

Mar sin féin, Táthar ag súil nach mbeidh borradh stoirmeacha níos scriosaí ann chomh minic ag suímh cósta in Éirinn ach go mbeidh siad nós mó. Is cosúil go dtarlóidh sin mar gheall ar na héifeachtaí comhcheangailte a bhaineann leo seo a leanas:

[13] Is éard is cúis leis an athrú ar leibhéal na farraige iseostatach ná méadú nó laghdú ar airde na talún de bharr frithchothromú screamh an domhain.

- Leibhéil na farraige ag ardú sa réigiún
- Níos mó dóchúla go dtiocfaidh seachas nach dtiocfaidh méadú ar dhéine stoirmeacha agus ar an déine fhrasaíochta san fhómhar agus sa gheimhreadh;
- Saintréithe fisiceacha (m.sh. topagrafaíocht íseal-leibhéil an réigiúin a dhearbhaíonn a íogaireacht i leith borradh stoirme; agus
- Athruithe ar an achar réime lena méadófar airde tonnta, a ghéaraítear le ALF atá ag méadú.

Lena chois sin, mar go bhfuiltear ag súil le méadú ar líon na stoirmeacha ardmhéide, tá borradh gaolmhar níos mó (de > 1m) tuartha faoi lár an chéid [21].

2.2.5.5 Réamh-mheastacháin fhadtéarmacha

Tá sé mar aidhm leis an bhfo-chuid seo an neamhchinnteacht dhúchasach i réamh-mheastacháin na haeráide i ndiaidh na 2050idí go dtí deireadh an Chéid a léiriú. Faoi mar a luadh, déantar é sin d'fhonn faire a choinneáil ar na rioscaí tosaíochta aeráide a d'fhéadfadh teacht chun cinn le himeacht ama (chomh maith leis na tionchair tosaíochta mheasartha a bhfuil cur síos déanta orthu i Tábla 27 agus i Tábla 28). Ciallaíonn neamhchinnteacht fhadtéarmach an chórais aeráide amach anseo gur cheart, i gcásanna áirithe, cur chuige conairí oiriúnaithe (i.e. solúbtha) a leanúint.

Gabhadh torthaí samhlaithe dhá athróg go dtí deireadh an Chéid (2081-2100): athrú ar an teocht aeir dromchla agus athrú frasaíochta coibhneasta. Breathnaítear ar na hathróga teochta agus frasaíochta sin mar athróga ionadacha fuaime chun na todhchaí aeráide féideartha difriúla a thuiscint.

Ní féidir 'an cás is dóchúla' a shainaithint agus tá gach cás amach anseo go dtí 2100 chomh inchreidte céanna. Dá bhrí sin, ag smaoineamh ar na cásanna astaíochta go léir:

- D'fhéadfadh meán-athrú bliantúil teochta ón mbunlíne a bheith idir íosmhéid + 0.5 ° C agus uasmhéid de + 4.5 ° C faoi dheireadh an chéid
- D'fhéadfadh meán-athrú bliantúil frasaíochta ón mbunlíne a bheith idir íosmhéid -10% C agus uasmhéid de +15% faoi dheireadh an chéid

De réir na réamh-mheastacháin reatha aeráide go dtí na 2050í, thiocfadh as na hathruithe seo a leanas ar an meánteocht agus ar an deascadh go dtí deireadh an chéid in Éirinn:

- Géarú guaiseacha a bhaineann le teochtaí domhanda atá ag athrú cheana (amhail tonnta teasa, triomach agus tuilte);
- Tá níos mó cosúlacht ann go méadóidh déine stoirmeacha (lena n-áirítear géardhéine fhrasaíochta agus déine ghaoithe); agus
- Ardú leanúnach ar leibhéal na farraige agus géarbhorradh stoirmeacha.

2.3 Beartú tosaíochta (Céim 3)

Sa céim Beartú tosaíochta sainaithníodh athruithe tosaíochta agus tionchair thosaíochta a bhféadfadh iarmhairtí earnála do-ghlactha nó tionchair ionchasacha a bheith mar thoradh orthu amach anseo. Cuireadh na tionchair ar fad in ord tosaíochta de réir an riosca ar cháilíocht an uisce nó ar an mbonneagar seirbhísí uisce, bunaithe ar thoradh dhóchúlacht agus mhéid na dtionchar amach anseo.

Cuireadh síos ar dhóchúlacht agus ar mhéid gach tionchair amach anseo ag baint úsáid as na scálaí arna léiriú i Tábla 1 agus i Tábla 2 faoi seach. Ag baint úsáid as an bhfaisnéis a bailíodh agus as aicmiú an IPCC maidir leis an dóchúlacht mar threoirlíne le haghaidh 'scálaí dóchúlachta' (achoimrithe in [24] agus [25]), cuireadh luachanna foriomlána dóchúlachta leis na spreagthaí aeráide samplacha ag baint úsáid as scála tionchair mheasta agus tréimhsí athfhillte. Is ionann na rátálacha seo agus raon iomlán dóchúlachtaí de ghuaiseacha aeráide ar fud an domhain agus go réigiúnach agus mar sin ba cheart breathnú orthu i gcomparáid leis seo. Rinneadh rátáil ar mhéid (1 go 3) agus scóráil ghaolmhar bunaithe ar bhreith saineolaithe mar aon le hathbhreithniú ar fhianaise agus litríocht atá ar fáil maidir le tionchair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta. Is ionann na luachanna seo agus raon iomlán de mhéideanna guaiseacha aeráide sa Ríocht Aontaithe (le mionleasuithe d'Éirinn) agus mar sin ba chóir breathnú orthu i gcomparáid leis seo. I ndeireadh na dála, déantar na rátálacha méide a roghnaítear in aghaidh an tslabhra tionchair do gach catagóir (eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta) a chumasc chun teacht ar rátáil mhéid chomhiomlánaithe (1 go 5).

Tábla 1: Cuir síos a rátála dóchúlachta spreagtha aeráide

Scór	Rátáil dóchúil	Cur síos ar dhóchúlacht teagmhas atarlaithe
1	Neamhchoitianta	Ní dócha go dtarlóidh sé sa 25 bliain amach romhainn, nó níor tharla sé le cúig bliana anuas
2	Ní dócha é	D'fhéadfadh sé tarlú uair amháin i ndeich mbliana, nó d'fhéadfadh sé gur tharla sé le cúig bliana anuas
3	Féideartha	Ag éirí níos déine i gcónaí, nó tharla sé, laistigh de na chúig bliana roimhe seo nó tarlóidh sé sna cúig bliana amach romhainn - ach ní gá go dtarlódh sé gach bliain
4	Dóchúil	D'fhéadfadh sé tarlú, nó tharla sé, thart ar uair amháin in aghaidh na bliana agus tharla sé i ngach cúig bliana roimhe seo nó tarlóidh sé sna cúig bliana amach romhainn
5	Beagnach Cinnte	Tharla sé, d'fhéadfadh sé tarlú, cúpla uair in aghaidh na bliana

Foinse: Mott MacDonald (2019)

Tábla 2: Cur síos ar rátáil ar an tionchar atá curtha ar an aeráid

Rátáil mhéideanna (agus scór)	An Geilleagar	Comhshaol	Sóisialta
Íseal (1)	• Mion nó iarmhairtí an-áitiúil • Gan iarmhairtí ar bith ar an ngeilleagar náisiúnta nó réigiúnach • Cur isteach áitiúil ar sheirbhísí uisce • €1 mhilliún in aghaidh an teagmhais/na bliana	• Éifeachtaí gearrthéarmacha/in-aisiompaithe ar speicis/ gnáthóga/ tírdhreach nó seirbhísí éiceachórais • Meath áitiúil ar cháilíocht na talún/ uisce/ aeir • Caillteanas gearrthéarmach/ meath beag gearrthéarmach ar cháilíocht/ stádas láithreán 'ainmnithe' • Tionchar díobhálach ar uiscíoch a bhfuil tábhacht áitiúil leis, nó uiscíoch a bhfuil tábhacht anaithnid leis. • Damáiste déanta do 50 ha de ghnáthóga talún agus uiscíocha • 100 km de cháilíocht uisce abhann, idirchéimigh agus/nó chósta buailte	• Líon beag buailte • Laghdú beag ar sholáthar seirbhíse ar an leibhéal pobail • Laistigh de réimse foirne agus saoránach chun déileáil leis • Na céadta buailte
Meánach (2)	• Damáiste forleathan ar an mbonneagar seirbhísí uisce nó ar maoin • Tionchar ar an ngeilleagar réigiúnach • Iarmhairtí ar oibríochtaí agus ar sholáthar seirbhíse lena dtionscnaítear pleananna teagmhasacha • Iarmhairtí measartha tras-earnála (m.sh. córais fuinnimh, iompair, sláinte) • Caillteanas measartha ar	• Iarmhairtí tábhachtacha/ meántéarmacha ar speicis/ gnáthóga/ tírdhreach • Caillteanas meántéarmach nó measartha ar cháilíocht/ stádas na láithreán lena mbaineann tábhacht náisiúnta • Meath réigiúnach ar cháilíocht na talún /uisce /aeir • Caillteanas/meath meántéarmach nó réigiúnach ar sheirbhísí éiceachórais • Tionchar díobhálach ar uiscíoch lena mbaineann tábhacht áitiúil/ réigiúnach • Damáiste do/caillteanas 500 ha de ghnáthóga	• Líon mór buailte • Mionchur isteach ar fhóntais • Méadú ar éagothroime (m.sh. trí chostais ardaithe ar sholáthar seirbhíse) • Iarmhairtí ar an ualach sláinte • Laghdú measartha ar sheirbhísí pobail • Méadú measartha ar ról oibrithe éigeandála • Mion-iarmhairtí ar fholláine/slándáil uisce daoine • Na mílte daoine buailte

Rátáil mhéideanna (agus scór)	An Geilleagar	Comhshaol	Sóisialta
	dheiseanna fostaíochta • €10 milliún le haghaidh teagmhais/ bliana amháin	luachmhara talún agus uiscíocha • 1000 km de cháilíocht uisce abhann, idirchéimigh agus/nó chósta buailte	• Dochar do na céadta daoine • Básanna sna deicheanna
Ard (3)	• Damáiste mór agus atarlaithe ar an mbonneagar seirbhísí uisce nó ar mhaoin • Iarmhairtí móra ar an ngeilleagar réigiúnach agus náisiúnta • Iarmhairtí móra tras-earnála (m.sh. córais fuinnimh, iompair, sláinte, an comhshaol, turasóireacht, etc.) • Caillteanas mór ar dheiseanna fostaíochta • €100 milliún le haghaidh teagmhais/ bliana amháin	• Caillteanas nó meath mór in inmharthanacht /cáilíocht /bail speiceas /gnáthóg /tírdhreacha san fhadtéarma • Meath mór nó fadtéarmach ar bhail stádais láithreán lena mbaineann suntasacht náisiúnta nó idirnáisiúnta • Meath forleathan ar cháilíocht na talún/ uisce/ aeir • Teip fhorleathan ar fheidhm nó seirbhísí éiceachórais • Iarmhairtí móra tras-earnála • Tionchar díobhálach ar uiscíoch lena mbaineann tábhacht náisiúnta agus/ nó ar chórais charstacha leochaileacha. • Damáiste do/ caillteanas 5000 ha de ghnáthóga luachmhara talún agus uiscíocha • 10,000 km de cháilíocht uisce abhann, idirchéimigh agus nó chósta buailte	• Seans go dtarlódh a lán básanna nó dochar tromchúiseach • Mórchaillteanas nó cur isteach ar fhóntais • Iarmhairtí móra ar ghrúpaí leochaileacha (m.sh. daoine scothaosta, daoine óga, daoine bochta) • Mhéadú ar an ualach náisiúnta sláinte • Laghdú mór ar sheirbhísí pobail • Ról mór d'oibrithe éigeandála • Tionchair mhóra ar fholláine/ slándáil uisce daoine • Na mílte daoine buailte • Dochar do na céadta daoine • Básanna sna deicheanna

Foinse: Mott MacDonald (2018) - curtha in oiriúint ó Threoirlínte Pleanála Earnála CCA, mar atá bunaithe ar an Measúnú Riosca um Athrú aeráide na Ríochta Aontaithe (2012)

Ríomhadh na rioscaí amach anseo a bhí mar thoradh air sin ar earnáil cháilíocht an uisce agus ar earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce le haghaidh gach tionchair bunaithe ar thoradh dhóchúlacht agus mhéid na dtionchar ag baint úsáid as an maitrís rioscaí atá léirithe i dTábla 3. Tá na húdair le méideanna stairiúla a shannadh léirithe in [3] le fairí chun bearnaí taighde, idirspleachás agus bearta oiriúnaithe féideartha a ghabháil a

bhféadfadh mionleasú ar an tionchar agus an scór riosca i leaganacha amach anseo den Phlean um Oiriúnú a bheith mar thoradh air.

Tábla 3: Maitrís scórála riosca*: Dóchúlacht an tionchair x Méid an tionchair = Riosca[14]

Riosca		Rátáil mhéideanna				
		1	2	3	4	5
Rátáil dóchúil	1	1	2	3	4	5
	2	2	4	6	8	10
	3	3	6	9	12	15
	4	4	8	12	16	20
	5	5	10	15	20	25

Foinse: Mott MacDonald (2019)

Nóta: *léirítear an áit ina léirítear scór an fhíorthiosaíochta riosca (scór riosca >12) le líne bhriste dhubh

Slabhraí tionchar le:

- Measadh scór riosca de **>12** mar tionchair fhíorthosaíochta amach anseo d'earnáil cháilíocht an uisce agus d'earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce agus mar sin léirítear iad mar thosaíochtaí earnála;
- Measadh scór riosca de **≤12** mar tionchair tosaíochta measartha amach anseo d'earnáil cháilíocht an uisce agus d'earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce.

Déantar achoimre i dTábla 4 agus i dTábla 5 ar na tionchair fhíorthosaíochta d'earnáil cháilíocht an uisce agus d'earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce, faoi seach. Déantar tuilleadh cur síos ar an 'Tionchar' i gCaibidil 3. Le haghaidh na slabhraí tionchar meántosaíochta, tá achoimre déanta in Aguisín D.

[14] Tá cur síos mionsonraithe déanta ar na téarmaí seo in Aguisín C

Tábla 4: Slabhraí tionchar fíorthosaíochta cháilíocht an uisce

Spreagthaí aeráide	Athrú aeráide	Tionchar	Riosca
Ardfhrasaíocht	Athruithe ar dhéine agus ar dháileadh frasaíochta (a mbíonn geimhrí níos fliche go háirithe san iarthar mar thoradh air de ghnáth) *Dóchúlacht: 4*	Méadú ar thuilte dromchla agus séaraigh (a mbeidh slógadh mar thoradh air) *Méid: 4*	16
Frasaíocht íseal	Athruithe ar dhéine agus ar dháileadh frasaíochta (a mbíonn samhraí níos tirime go háirithe san oirthear mar thoradh air de ghnáth) *Dóchúlacht:4*	Leibhéil ísle sreafaí agus uisce a mbeidh laghdú ar chaolú truailleán mar thoradh air *Méid: 4*	16
Teochtaí arda	Teocht atá ag méadú a mbíonn níos mó tonnta teasa, níos mó triomaigh agus níos lú laethanta siocáin mar thoradh air *Dóchúlacht: 5*	Scaipeadh/méadú inmharthanachta pataiginí *Méid: 3*	15
Teochtaí arda	Teocht atá ag méadú a mbíonn níos mó tonnta teasa, níos mó triomaigh agus níos lú laethanta siocáin mar thoradh air *Dóchúlacht: 5*	Athruithe ar dháileadh agus ar fheineolaíocht speiceas, lena n-áirítear speicis dhúchasacha, choimhthíocha agus ionracha. *Méid: 3*	15
Teochtaí arda	Teocht atá ag méadú a mbíonn níos mó tonnta teasa, níos mó triomaigh agus níos lú laethanta siocáin mar thoradh air *Dóchúlacht: 5*	D'fhéadfadh laghdú ar mhaolú truaillithe nádúrtha agus ar chosc tuilte, síothlú amóinia, agus meathlú móna (i ndiaidh frasaíocht throm) a bheith mar thoradh ar thriomú talún portaigh *Méid: 3*	15

Tábla 5: Slabhraí tionchar fíorthosaíochta ar an mbonneagar seirbhísí uisce

Spreagthaí aeráide	Athrú aeráide	Tionchar	Riosca
Teochtaí arda	Teocht atá ag méadú a mbíonn níos mó tonnta teasa, níos mó triomaigh agus níos lú laethanta siocáin mar thoradh air *Dóchúlacht: 4*	Athruithe ar éileamh a bhaineann le haimsir the (m.sh. éileamh níos airde laethúil agus buaice) *Méid: 5*	20
Ardfhrasaíocht	Athruithe ar dhéine agus ar dháileadh frasaíochta (a mbíonn geimhrí níos fliche go háirithe san iarthar mar thoradh air de ghnáth) *Dóchúlacht: 4*	Tuilte sócmhainní uisce/fuíolluisce, caillteanas sócmhainní agus an poitéinseal do thruailliú comhshaoil níos minice *Méid: 5*	20
Ardfhrasaíocht	Athruithe ar dhéine agus ar dháileadh frasaíochta (a mbíonn samhraí níos tirime go háirithe san oirthear, agus geimhrí níos fliche san iarthar mar thoradh air de ghnáth) *Dóchúlacht: 4*	Ídiú uisce méadaithe san fhómhar/sa gheimhreadh i ndáil le toilleadh tuile, as a dtagann fadhbanna acmhainne san earrach/sa samhradh ina dhiaidh sin *Méid: 4*	16
Frasaíocht íseal	Athruithe ar dhéine agus ar dháileadh frasaíochta (a mbíonn samhraí níos tirime go háirithe san oirthear mar thoradh air de ghnáth) *Dóchúlacht: 4*	Infhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce (foinsí uisce dromchla agus screamhuisce) *Méid: 4*	16
Méadú ar an anfacht	Méadú ar dhéine na dteagmhas stoirme (lena n-áirítear an bháisteach throm, an ghaoth, clocha sneachta, an tintreach), ach ag minicíocht laghdaithe *Dóchúlacht: 3*	Tuilte sócmhainní uisce/fuíolluisce, caillteanas sócmhainní agus an poitéinseal do thruailliú comhshaoil níos minice *Méid: 5*	15
Méadú ar anfacht/ Teochtaí arda / Ardfhrasaíocht	Méadú ar dhéine na dteagmhas stoirme (lena n-áirítear an bháisteach throm, an ghaoth, clocha sneachta, an tintreach), ach ag minicíocht laghdaithe *Dóchúlacht: 3-5*	Tionchair/bristeacha leanúnachais ghnó *Méid: 3*	15

Léiríodh sa chleachtadh beartú tosaíochta go bhfuil roinnt príomhrioscaí amach anseo le sárú ag earnáil cháilíocht an uisce agus earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce i ngeall ar athrú aeráide tuartha amach anseo. Tá sé tábhachtach, mar aon leis an measúnú eile ar na rioscaí fíorthosaíochta sa chéad chéim eile, go gcoinneofaí faire ar na príomhrioscaí tosaíochta measartha toisc le taighde agus monatóireacht d'fhéadfaí an tuiscint ar luachanna riosca a bheachtú le himeacht ama.

Tá eolas tacaíochta ar an modheolaíocht tosaíochta le fáil in Aguisín C.

2.4 Measúnacht tionchar tosaíóchta (Céim 4)

Maidir leis an Measúnacht tionchar tosaíochta, rinneadh measúnú mionsonraithe ar na tionchair fhíorthosaíochta a bhféadfadh na hiarmhairtí earnála do-ghlactha nó na tionchair ionchasacha a bheith mar thoradh orthu. Rinneadh é sin d'fhonn bonn eolais dóthanach a chur faoi shainaithint agus faoi mheasúnú na dtosaíochtaí earnála.

Bhí an cur síos ar thionchar agus iarmhairt earnála na todhchaí bunaithe ar mheasúnú mionsonraithe ar thionchair leanúnacha agus réamh-mheasta na haeráide agus na haimsire sa todhchaí agus cuntas á thabhairt ar éagsúlachtaí spásúla agus ama sna neamhchinnteachtaí gaolmhara seo (mar a tugadh isteach i gCuid 2.2.5). Chun léargas níos iomláine, níos réadúla a thabhairt de neamhchinnteacht an athraithe aeráide amach anseo, dírítear ar an meántéarma (2050), agus na hamlínte fadtéarmacha (2080 nó 2100) á gcur san áireamh le haghaidh raon cásanna astaíochtaí. Mar thoradh air sin cuirtear treo foriomlán an athraithe in iúl.

Forbraíodh achoimre de na torthaí inchreidte agus earnála maidir leis an athrú aeráide (i.e. iarmhairtí agus a méideanna) bunaithe ar ár dtuiscint ar acmhainn oiriúnaitheach reatha, scála agus suntasacht na dtionchar aeráide amach anseo. Leis sin cuirtear ar na hiarmhairtí fisiceacha, institiúideacha, oibriúcháin, sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha san áireamh go córasach.

Léiríodh sa mheasúnacht tionchar tosaíochta seo go bhfuil roinnt príomhrioscaí amach anseo le sárú ag earnáil cháilíocht an uisce agus earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce i ngeall ar athrú aeráide agus deimhníodh inti an toradh ón measúnacht tosaigh, a bhí ina cuid de Chéim 3 (Beartú tosaíochta). Cé nár sainaithníodh rioscaí (do-ghlactha), tá sé tábhachtach mar aon le measúnú eile ar na rioscaí tosaíochta sa chéad chéim eile, go gcoinneofaí faire ar na rioscaí tosaíochta measartha toisc le taighde agus monatóireacht a d'fhéadfaí an tuiscint ar luachanna riosca a bheachtú le himeacht ama. Iarmhairt earnála agus acmhainn oiriúnaitheach ghaolmhar a bhaineann leis na tionchair fhíorthosaíochta a bhfuil cur síos orthu sa mheasúnacht seo.

2.5 Idirspleáchas

Ní mór béim a chur air go leanfaidh idirghníomhaíocht fhrithpháirteach an phlean seo le pleananna earnála (oiriúnú) eile d'Éirinn mar chuid riachtanach dá chur i bhfeidhm rathúil agus dá chuspóir foriomlán.

Tá seirbhísí uisce agus fuíolluisce, agus an infhaighteacht fionnuisce ardchaighdeáin ríthábhachtach chun sláinte phoiblí mhaith, timpeallacht feidhmiúcháin, agus geilleagar táirgiúil a chumasú. Chun tionchar easghluaiseachta spreagtha aeráide ar earnálacha eile cosúil le talmhaíocht, foraoiseacht, fuinneamh agus sláinte a theorannú, ní mór feidhmíocht na n-earnálacha seirbhíse uisce seo a mheas i gcomhthéacs earnálacha eile - agus a mhalairt. Dá bhrí sin, ní mór comhairliúchán le ranna agus gníomhaireachtaí eile na hÉireann a bheith i gceist le céim fhorfheidhmithe an phlean seo.

Chun pleanáil oiriúnaithe a threorú níos iomláine, gabhadh idirspleáchais earnálacha a aithníodh sa Scagadh Tosaíochta agus Tionchair roimhe seo i ngach ceann de na tuairiscí tionchair a leanann i gCaibidil 3. Aithníodh idirspleáchais le ranna sonracha rialtais mar gurb iad seo na heagraíochtaí atá freagrach as pleanáil oiriúnaithe, ach tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh go leor eagraíochtaí (breise) páirteach i gcur i bhfeidhm an Phlean seo, mar shampla an GCC, Uisce Éireann, Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce agus Bord Soláthair an Leictreachais (BSL). Rud atá tábhachtach, aithnítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (NA) sna táblaí tionchair tosaíochta freisin.

3 Measúnacht um Oiriúnú

Cuirtear i láthair sa Phlean seo measúnú ar na príomhrioscaí aeráide sa todhchaí do na hearnálacha agus déantar cur síos ann ar raon de phríomhbhearta oiriúnaitheacha. Soláthraítear leis treo straitéiseach ar fud na n-earnálacha agus cuirfear bonn eolais leis faoi dhearadh, foinsiú agus athbhreithniú na mbeartas agus na mbearta. Tugann an chaibidil seo measúnú ar na tionchair ghéar-thosaíochta a aithníodh sa chéim tosaíochta do na hearnálacha cáilíochta uisce agus bonneagair uisce. Áirítear ar na measúnachtaí tionchar cur síos ar an tionchar atá á imscrúdú lena n-áirítear cur síos ar thosca a chuireann le nochtadh agus íogaireacht earnála ag brath ar an tionchar a bhfuil measúnuithe á dhéanamh air. Cuireadh bonn eolais faoin tionchar amach anseo agus faoi na hiarmhairtí earnála le measúnú mionsonraithe ar thionchair leanúnacha agus thuartha amach anseo a bhaineann leis an aimsir agus cuntas á thabhairt ar neamhchinnteacht lena mbaineann, bunaithe ar an obair sa Tuarascáil Scagtha Tionchar [24]. Dírítear sa mheasúnacht den chuid is mó ar amlíne an mheántéarma (2050idí), agus an fadtéarma á chur san áireamh ar ardleibhéil cúiseanna de neamhchinnteacht dhúchasach atá tugtha chun suntais i gCuid 2.2.5. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an measúnú cuirtear treo foriomlán an athraithe in iúl go dtí deireadh an chéid, le níos mó sonraí curtha ar fáil suas go dtí na 2050í.

Forbraíodh achoimre de na torthaí inchreidte agus earnála maidir leis an athrú aeráide (i.e. iarmhairtí agus a méideanna) bunaithe ar an tuiscint ar acmhainn oiriúnaitheach reatha, scála agus suntasacht na dtionchar aeráide amach anseo. Leis sin cuirtear ar na hiarmhairtí fisiceacha, institiúideacha, oibriúcháin, sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíoch san áireamh go córasach, mar aon le socheacnamaíocht atá ag idirghníomhú (m.sh. fás an daonra) agus na dálaí comhshaoil atá i réim (m.sh. bail gnáthóg, ithreacha).

Chun ailíniú a aithint idir na hearnálacha infreastruchtúir um cháilíocht uisce agus seirbhísí uisce agus le pleananna oiriúnaithe earnála eile agus straitéisí oiriúnaithe údaráis áitiúil, déantar naisc thrasearnálacha a bhreithniú do na pleananna sin ina bhféadfadh tionchair chomónta nó ghaolmhara a bheith ann. I gcoiteann leis na naisc ar fad beidh ról na n-eagraíochtaí náisiúnta amhail Met Éireann agus seirbhísí náisiúnta réamhaisnéise agus rabhaidh tuile a chuidíonn le rioscaí aeráide agus tionchair ghaolmhara a chur in iúl. Lena chois sin, beidh sé tábhachtach, nuair is cuí, a bheith i dteagmháil leis an earnáil phríobháideach, mar shampla, trí Oifigí Fiontar Áitiúil agus bratchomhlachtaí amhail IBEC. Leis sin beidh gnólachtaí ábalta torthaí an phlean seo a chomhtháthú ina bpróiseas pleanála agus beidh sé ina chomhairlí úsáideach chun gníomhaíochtaí ar bith a chascáidiú.

Tá bonn eolais curtha faoi na measúnachtaí seo le breith ghairmiúil, athbhreithniú litríochta agus an tuiscint a fuarthas trí chomhar le páirtithe leasmhara, trí na ceardlanna maidir le plean um oiriúnú earnála go dtí seo. Pléadh gach uile ghné de na measúnuithe oiriúnaithe ag na ceardlanna pleanála, chun torthaí a roinnt agus aiseolas a fháil chun na measúnuithe a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhearta oiriúnaithe agus idirspleáchais aitheanta. Rinneadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara a chomhtháthú sna measúnuithe oiriúnaithe a cuireadh i láthair anseo; i gcás go bhfuil cur síos déanta ar theagmhais nó ar thionchair faoi leith agus nár tagraíodh go sonrach dóibh, mar shampla, sa chuid 'Éifeachtaí reatha tionchair' de na measúnachtaí thíos, tá an fhaisnéis seo bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara sna ceardlanna.

Tá achoimrí ar na sainmhínithe a úsáideadh le haghaidh bearta oiriúnaithe agus iarmhairtí earnála léirithe i dTábla 6 agus i dTábla 7 faoi seach.

Tábla 6: Sainmhínithe ar bheart oiriúnaitheach an tslabhra tionchair

Beart inoiriúnaithe[15]	Sainmhíniú
Bainistíocht sócmhainní	De réir ISO 55000, an caighdeán idirnáisiúnta maidir le bainistíocht sócmhainní de chineál ar bith, sainítear bainistíocht sócmhainní mar "ghníomhaíocht chomhordaithe eagraíochta chun luach ó shócmhainní a réadú". Áirítear leis sin pleanáil chomhordaithe agus bharrfheabhsaithe, éadáil /forbairt sócmhainne, úsáid sócmhainne, cothabháil sócmhainne, síneadh ar shaolré sócmhainne agus díchoimisiúnú/ athnuachan sócmhainne.
Bearta bithshlándála	Breithnítear sa mheasúnacht seo le tionchair leathadh na speiceas ionrach mar gheall ar an aeráid atá ag athrú, seachas na cinn a leatar mar gheall ar ghníomhaíochtaí an duine. Mar sin féin, tá bearta bithshlándála fós tábhachtach. Clúdaítear sna bearta sin céimeanna lena chinntiú go bhfuil dea-chleachtas sláinteachais i bhfeidhm chun an baol go leathfaí speicis choimhthíocha ionracha a laghdú agus a íoslaghdú.
Pleanáil leanúnachais gnó	Pleanáil chun na rioscaí ar ghnáthoibriú gnólachta/eagraíochta a mhaolú.
Cumarsáid	Ciallaíonn cumarsáid for-rochtain le saoránaigh, custaiméirí (teaghlaigh agus tionsclaíoch), agus úinéirí agus oibreoirí scéimeanna príobháideacha agus oibreoirí príobháideacha. Áirítear leis sin rabhaidh, ardú feasachta, agus dul i mbun feachtais ar athrú iompair mar chuid den bhainistíocht ar an éileamh chomh maith le faisnéis agus cur teachtaireachtaí mar chuid de ghnáthoibriú gnólachta.
Éiceachóras agus athchóiriú gnáthóg	Cuidíonn athchóiriú ar na héiceachórais dígrádaithe le feabhas a chur ar cháilíocht an uisce úir agus ar an hidreolaíocht abhantraí.

[15] Tá oiliúint na foirne fóntas agus oiliúint d'oibreoirí príobháideach intuigthe don acmhainn oiriúnaitheach ar fad.

Beart inoiriúnaithe[15]	Sainmhíniú
Measúnachtaí riosca tuile agus cosaintí tuile	Staidéir a dhéanamh chun an riosca tuile a chainníochtú chun bonn eolais a chur faoin ngá atá le cosaintí tuile agus faoi dhearadh cosaintí tuile. Ciallaíonn 'cosaintí tuile' an bonneagar atá i bhfeidhm chun méid, déine agus fad tuile a laghdú. D'fhéadfadh réitigh chrua, réitigh a ndearnadh innealtóireacht orthu (m.sh. ballaí tuile) nó cuir chuige níos nádúrtha (m.sh. dambaí ligeacha a úsáid chun sruth an uisce i srutháin uiscí uachtair a mhoilliú) a bheith i gceist leis sin. Áirítear leis sin chomh maith measúnachtaí riosca tuile, chun bonn eolais a chur faoin ngá atá le cosaintí tuile agus faoi dhearadh cosaintí tuile.
Aerú agus sruthú feabhsaithe	Aerú meicniúil nó athruithe ar shruthú dobharlaigh, ní sócmhainn chóireála fuíolluisce, chun srathú a laghdú agus feabhas a chur ar cháilíocht an uisce den chuid is mó.
Feabhas ar chóireáil uisce/ fuíolluisce	Tógálacha úra uasghrádú nó feabhsuithe eile bonneagair chun méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus leibhéal cóireála amhuisce agus fuíolluisce chun an tionchar leis ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte phoiblí a laghdú.
Bainistíocht chomhtháite dobharcheantair.	Bearta chun feabhas a chur ar theacht aniar ón athrú aeráide agus ionchur na dtruailleán ar limistéir a shileann isteach in aibhneacha, lochanna, foinsí screamhuisce agus limistéir chósta a laghdú. Féadfar bearta comhtháite bainistíochta dobharcheantar (ICM) a chur chun feidhme ar scála dobharcheantair iomláin, nó is féidir leis a bheith níos logánaithe, mar shampla, gníomhaíochtaí a dhéanann úinéir talún amháin. Cuimsíonn ICM breithniú ar earnálacha idirghníomhacha eile ar dócha go mbeidh baint acu le bearta bunaithe ar dhobharcheantair, amhail talmhaíocht agus foraoiseacht. Tá ICM oiriúnach maidir le hionchur pataiginí, dríodair, cothaitheach agus lotnaidicídí a laghdú chuig dobharlaigh. Tá tairbhe ag ICM freisin do bhainistíocht tuilte agus triomach trí bhearta mar bhainistíocht uisce dromchla, Córais Siltin Inbhuanaithe agus Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha (NWRM), a fhéadann buntáistí iomadúla a bheith ann thar oiriúnú don athrú aeráide. Mar shampla, is féidir leo cáilíocht an uisce, bithéagsúlacht, bainistíocht dríodair agus ithreach a fheabhsú, agus is féidir iad a úsáid mar limistéir thaitneamhachta. Tá an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ina cuid ríthábhachtach den ICM.
Clár monatóireachta agus taighde	Cur chun Feidhme cláir mhonatóireachta chun tuiscint a fháil ar fheidhmíocht córais (m.sh. cáilíocht an uisce in aibhneacha). D'fhéadfadh samhlú uimhriúil le tionchair thuartha a bheith i gceist leis sin. Ba cheart go ndíreofaí sa taighde sin ar thaighde a bhaineann leis an earnáil uisce chun feabhas a chur ar acmhainn oiriúnaitheach na hearnála agus laghdú a dhéanamh ar neamhchinnteacht agus bonn eolais a chur faoi chinntí páirtithe leasmhara.
Feabhsúcháin oibriúcháin agus chothabhála	Cláir um feabhsuithe ar oibriú agus ar chothabháil (bunaithe ar rioscaí), mar shampla méadú ar mhinicíocht na cothabhála, nó stóráil cainníochtaí méadaithe ceimiceán le haghaidh cóireáil fuíolluisce.
Pleanáil oibriúcháin do thriomach	Plean ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a dhéanann soláthraithe seirbhíse uisce le linn triomaigh chun an soláthar uisce phoiblí a chothabháil, lena n-áirítear srianta sealadacha ar úsáid uisce, rialú

Beart inoiriúnaithe[15]	Sainmhíniú
	ligin, iarratais ar cheadanna triomaigh agus feachtais phoiblíochta lena spreagtar caomhnú uisce.
Uasghrádú sócmhainní	Feabhsuithe ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce (Caiteachas Caipitiúil amháin), mar shampla méadú ar thrastomhas píobán nó feabhas ar chaighdeáin deartha chun cur leis na huasghráduithe. Áirítear leis sin chomh maith bearta ar leibhéal sócmhainne áitiúla/príobháidí.
Pleanáil acmhainní uisce	Feabhsuithe ar bhonneagar uisce agus fuíolluisce (CAPEX amháin), mar shampla méadú ar thrastomhas píobán nó feabhas ar chaighdeáin deartha. Áirítear leis sin chomh maith bearta ar leibhéal sócmhainne áitiúla/príobháidí. Áirítear leis seo roghanna bainistíochta éilimh amhail laghdú sceite, méadrú, gníomhaíochtaí éifeachtúlachta uisce agus roghanna neamh-inólta (m.sh. baint uisce báistí / uisce stoirme agus athchúrsáil uisce dramhuisce) mar aon le for-rochtain / cumarsáid (m.sh. teachtaireachtaí caomhnaithe uisce agus feachtas athraithe iompraíochta). Féadfar roghanna ar thaobh an tsoláthair chomh maith le feabhsuithe líonra tarchuir/dáilte (m.sh. laghdú sceite agus idirnaisc líonra feabhsaithe chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht spásúlachta in infhaighteacht acmhainní uisce) agus an acmhainneacht stórála méadaithe le haghaidh an amhuisce agus an uisce cóireáilte araon.
Feabhsuithe ar na líonraí uisce agus fuíolluisce	Feabhsuithe ar an bpríomhlíonra amhuisce agus líonraí séarachais, mar shampla, chun méadú a dhéanamh ar acmhainn, nó chun méadú a dhéanamh ar an teacht aniar maidir le ligean/pléascadh.

Tábla 7: Sainmhínithe ar iarmhairtí earnála slabhraí tionchar

Iarmhairt earnála	Sainmhíniú
Damáiste / caillteanas sócmhainní	Damáiste fisiceach ar bhonneagar. Áirítear leis sin damáiste sealadach a bhféadfadh é a dheisiú, agus caillteanas buan bonneagair.
Leanúnachas gnó	De réir an chaighdeáin idirnáisiúnta um chórais bainistíochta leanúnachais ghnó (ISO 22301), sainítear leanúnachas gnó mar ‘cumas na heagraíochta leanúint le táirgí nó seirbhísí a sholáthar ar leibhéil réamhshainithe inghlactha i ndiaidh teagmhas suaiteach’.
Comhshaol	Rioscaí ar stádas ceimiceach, fisiceach agus éiceolaíoch an chomhshaoil uisce, lena n-áirítear uisce dromchla (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí mara) agus éiceachórais a bhraitheann ar éiceachórais.
Sláinte oibreoirí	Rioscaí ar shláinte, sábháilteacht agus folláine foirne oibriúcháin, lena n-áirítear oibreoirí sócmhainní uisce ghlain agus fuíolluisce (e.g foirne Uisce Éireann agus úinéirí soláthair phríobháidigh), agus feirmeoirí a bhraitheann ar bhainistíocht uisce inbhuanaithe dá slite beatha.
Sláinte phoiblí (agus an slabhra bia)	Rioscaí ar sláinte, sábháilteacht agus folláine an phobail i gcoitinne agus an slabhra bia. Áirítear leis sin rioscaí trí ídiú uisce,

Iarmhairt earnála	Sainmhíniú
	éilliú ar feadh an tslabhra bia agus nochtadh do ghuaiseacha comhshaoil. Áirítear leis sin go bhféadfadh bás tarlú.
Soláthar seirbhíse / slándáil an tsoláthair	Rioscaí a théann i gcion ar sheirbhísí a sholáthraíonn an earnáil uisce. Áirítear leis sin na seirbhísí a comhaontaíodh de réir chomhaontú seirbhíse Uisce Éireann, lena n-áirítear soláthar slán uisce dóthanach, sábháilte agus sláintiúil d'úsáid an duine, agus cóireáil fuíolluisce. Le haghaidh páirtithe leasmhara eile, áirítear leis sin uisce le haghaidh táirgeadh talmhaíochta, agus soláthar bonneagair chun freastal ar éilimh uisce ghlain agus fuíolluisce.

Cáilíocht an uisce

Sonraítear sna rannáin thíos na measúnuithe doimhne do gach tionchar géara tosaíochta aonair a aithníodh le haghaidh na hearnála cáilíochta uisce, na príomhspreagadh aeráide, tuairiscí ar an tionchar agus na hiarmhairtí féideartha, agus príomhbhearta oiriúnaitheacha. Soláthraítear achoimre ar na tiománaithe reatha trínar féidir leis na heagraíochtaí faoi seach gníomhartha a fhorbairt ina dhiaidh sin.

3.1 Méadú ar thuilte dromchla agus séaraigh a mbeidh slógadh truailleán mar thoradh air



Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh méadú teacht ar lódáil truailleán ó rith chun srutha uisce stoirme i ngeall ar fhrasaíocht níos minice agus níos déine. Áirítear ar na foinsí féideartha truaillithe a d'fhéadfaí slógadh ar an dóigh sin:

- Foinsí talmhaíochta pataiginí agus cothaitheach a idirleathadh (lena n-áirítear dramhaíl beostoic, sciodar, aoileach agus leasacháin), dríodar agus ábhair shalaithe eile amhail táirgí agraiceimiceacha agus talmhaíochta cógaisíochta. Mar shampla, le linn frasaíocht throm i mí Lúnasa 1997, scuabadh truailleáin isteach i sruthchúrsaí agus tharla eotrófú ag Loch Léin i gCill Áirne i ndiaidh mórfhrasaíochta le linn shéasúr an fháis; D'fhéadfadh éifeachtaí iarmhartacha eile a bheith ann freisin, mar shampla d'fhéadfadh tuilte méadaithe agus / nó táblaí uisce ard a chur ar fheirmeoirí áiseanna draenála nua a thochailt nó seanchórais draenála a ghlanadh, agus dríodar a shlógadh dá bharr.
- Truailleáin uirbeacha agus thionsclaíocha, amhail miotail, hidreacarbóin agus micreaphlaistic. I roinnt suíomhanna uirbeacha tá leibhéil ardaithe éillithe braite ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, go háirithe miotail, atá an-ard i ndiaidh an 'chéad raidhse' éilleán sa fhrasaíocht i ndiaidh tréimhse thirim.
- Truailleáin i líonraí fuíolluisce ar féidir iad a scuabadh trí líonraí agus a scaoileadh ó Sceitheadh Comhchóras Séarachais (SCSanna) nó trí mhínaisc, lena n-áirítear pataiginí agus cothaithigh i gcamras agus truailleáin thionsclaíocha amhail miotail.

- Ábhar ina bhfuil ábhar salaithe i mbonneagar stórála agus iompair a d'fhéadfadh a bheith faoi uisce (m.sh. umair sciodair, siopaí dramhaíola feirme, dabhcha séarachais, ionaid chóireála fuíolluisce agus saoráidí líonra, stóráil lotnaidicídí ar chlóis feirme).

Le slógadh agus iompar méadaithe na dtruailleán sin mar gheall ar mhéadú ar an bhfrasaíocht méadófar an riosca go sroichfidh dríodar nó uisce éillithe uiscí úra (aibhneach, lochanna agus screamhuisce), uisce idirchéimeach agus cósta, agus limistéir eile, lena n-áirítear tithe agus gnólachtaí.

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

- Rioscaí comhshaoil: D'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith ag tiúchan ard agus lóid arda truailleán ar shláinte an éiceachórais, rud a théann i bhfeidhm ar inveirteabraigh uiscíocha éisc, go díreach trí éifeachtaí tocsaineacha truailleán nó go hindíreach trí dhamáiste ar ghnáthóga mar gheall ar dhríodar breise nó próisis amhail eotrófú a tharlaíonn mar gheall ar ardlóid cothaitheach.
- Baoil don tsláinte phoiblí: Mura mbaintear truailleáin go leordhóthanach trí na próisis chóireála atá i bhfeidhm agus go sroicheann siad foinsí uisce[16], nó má tharlaíonn nochtadh don duine trí theagmháil le huisce éillithe, mar shampla, trí úsáid caitheamh aimsire (m.sh. snámh nó iascaireacht). Tá an riosca níos airde i limistéir nach ndéantar ach íoschóireáil iontu, mar shampla, in áiteanna ina bhfuil na soláthairtí uisce príobháideach.
- Soláthar seirbhíse: Mura féidir uisce a chóireáil go leordhóthanach le haghaidh úsáide óil, d'fhéadfaí é a atreorú ón soláthar, nó d'fhéadfaí fógraí Ná húsáid / Fiuch Uisce a bheith ag teastáil. D'fhéadfadh tionchar eacnamaíoch méadaithe a bheith ag fógraí Ná Úsáid / Fiuchphointe Uisce - mar shampla, ar ghnólachtaí bia a bhféadfadh sé go mbeadh orthu infheistiú i dteicneolaíochtaí cóireála breise chun caillteanais táirgthe a sheachaint.

[16] Ar fud na tuarascála seo, tagraíonn uisce óil d'aon uisce inólta a úsáidtear le haghaidh úsáide baile nó tráchtála, mar shampla próiseáil agus ullmhúchán bia.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Le monatóireacht rialta ar thiúchan truailleán bonnlíne, agus ar athruithe ar thiúchan le linn ardfhrasaíochta soláthrófar bonn fianaise chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht maidir le tuilleadh beart chun an tionchar seo a laghdú: D'fhéadfaí feabhas a chur ar an tuiscint ar an tionchar seo agus fianaise a sholáthar le haghaidh infheistíochta i réitigh le samhlú uisce stoirme agus monatóireacht ar shéaraigh, atá beartaithe ag Uisce Éireann faoi chúinsí áirithe mar chuid dá Phlean Gnó. Cumasóidh monatóireacht rialta agus chórasach, agus, nuair is ábhartha, leanúnach, freagairt thapa ar theagmhais truaillithe. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú le tionscadail taighde náisiúnta leanúnacha, tacaíocht agus foghlaim uathu, lena n-áirítear staidéir ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RIOSCA) agus Leochaileacht Infrastruchtúir Chriticiúil don Athrú Aeráide (CIViC).
- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: D'fhéadfadh bearta laistigh den dobharcheantar modhanna inbhuanaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais de a sholáthar chun foinsí truailleán a laghdú, agus chun cosáin truailleán chuig dobharlaigh a mhoilliú, a theorannú nó a shrianadh. Mar shampla, is féidir truailleáin talmhaíochta amhail cothaithigh, dríodar agus lotnaidicídí a laghdú trí fheabhas a chur ar chleachtais feirmeoireachta. Is féidir truailliú uirbeach a laghdú trí Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) a chur i bhfeidhm. Le bearta cosanta foinse amhail na cinn atá á n-úsáid faoin gClár Gníomhaíochta Níotráití chun feabhas a chur ar éifeachtacht úsáide cothaitheach agus cosáin na gcothaitheach chuig dobharlaigh a bhriseadh, agus tá treoirlínte dea-chleachtais maidir le CDIanna á bhforbairt faoin bPlean um Bainistiú Abhantraí (RBMP).
- Feabhsuithe ar an líonra fuíolluisce [WNI]: Bearta chun an baol éillithe ó líonraí séarachais a laghdú, mar shampla:
  - cumas na líonraí reatha a mhéadú agus infheistíocht a dhéanamh i bpróisis chóireála atá srianta ón taobh hiodrálach amhail umair shíothlaithe;
  - caighdeáin fheabhsaithe deartha a sholáthar lena chinntiú go bhfuil acmhainn dhóthanach ag líonraí úra chun ard-sruthanna a iompar
  - mínaisc a shainaithint agus a dheisiú lena chinntiú go mbeidh sruthanna stoirme agus fuíolluisce ar leith óna chéile;
  - feabhsuithe a dhéanamh ar dhabhcha séarachais; agus
  - ceadúnú sceite a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Príomhthiománaithe:

Déantar achoimre iTábla 8 ar phríomhsreagthaí (cinn atá ann cheana agus cinn atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta oiriúnaitheacha thuas agus d'fhéadfadh sé cur chun feidhme a éascú. Anuas air sin, tugtar le fios i Tábla 8 naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 8: Príomhthiománaithe reatha

Príomhspreagthaí reatha le haghaidh bearta oiriúnaitheacha*	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh.. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM, WNI] • Straitéis Cosanta Foinse NFGWS (e) [ICM] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, WNI] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [MR, ICM] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [ICM, WNI] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [WNI] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [ICM, WNI] • Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil Uisce Éireann (p) [ICM] • Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPro) (e) [ICM] • An Clár Comhairleach um Inbhuanaitheacht agus Tacaíocht Talmhaíochta (e) [ICM, MR] • Riachtanais agus Caighdeáin Chomhshaoil maidir leis an Fhoraoisiú, an Leagadh agus	• Bia mara (RTBM) • Talmhaíocht (RTBM) • Foraoiseacht (RTBM) • Bainistíocht Riosca Tuilte (OOP) • Sláinte (RS) • Bithéagsúlacht (RCOG) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

Príomhspreagthaí reatha le haghaidh bearta oiriúnaitheacha*	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
an Athfhoraoisiú, agus tacaíocht don Tógadh Coillearnaí (e) [ICM]		

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.2 Leibhéil ísle sreafaí agus uisce a mbeidh laghdú ar chaolú éilleán mar thoradh air



Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh sruth laghdaithe in aibhneacha agus toirt laghdaithe uisce i lochanna agus i dtascumair lena laghdófaí acmhainn chaolúcháin an dobharlaigh a bheith mar thoradh ar fhrasaíocht íseal. D'fhéadfadh tiúchan ardaithe truailleán an dobharlach lena mbaineann a shroicheadh mar thoradh air sin, mar shampla, ó sceitheadh séarachais neamhchóireáilte, doirteadh lotnaidicídí agus sceitheadh tionsclaíoch. Nuair a bhíonn leibhéil screamhuisce íseal, mar gheall ar laghdú ar athlíonadh a bhaineann le frasaíocht laghdaithe, bíonn an fhéidearthacht ann chomh maith go laghdófaí caolú na n-éilleán laistigh de dhobharlaigh screamhuisce agus ag foinsí agus poill tóraíochta. Nuair a bhíonn leibhéil athlíonta agus screamhuisce íseal bíonn an fhéidearthacht ann chomh maith go dtiocfadh méadú ar chur isteach sailíne in uiscígh i limistéir chósta. I roinnt uiscí cósta, go háirithe ionbhánna beaga, d'fhéadfadh sruthanna ísle abhann isteach in uisce cósta a bheith ina chúis le gluaiseacht uisce agus sruthlú tríd an ionbhá, rud a mbeadh uiscí níos mairbhe agus carnadh truailleán mar thoradh air. Beidh tionchar chomh maith ag maolú cháilíocht an uisce mar gheall ar chaolú laghdaithe ar ghnáthóga a bhraitheann ar uisce atá tacaithe ag naisc le haibhneacha, lochanna agus screamhuisce.

Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh slógadh agus iompar laghdaithe na dtruailleán sin a bheith mar thoradh ar fhrasaíocht níos ísle, rud a laghdódh an ionchur lód sa dobharlach agus a mhaolódh tionchar na hacmhainne caolúcháin laghdaithe sa dobharlach. D'fhéadfadh sruthanna níos ísle (in aibhneacha, screamhuisce agus trí lochanna) am cónaithe na níotráití i ndobharlaigh a laghdú chomh maith, rud a

mbeadh dínítriú méadaithe (a mhéadófaí le teochtaí níos airde chomh maith) agus tiúchan laghdaithe níotráití mar thoradh air.

Bhí fadhbanna i gcáilíocht an uisce mar thoradh ar laghdú ar acmhainn asamhlaithe na n-uiscí ina nglactar uisce mar gheall ar an tonn teasa/triomach i samhradh 2018. Ón 20 Meitheamh 2018 go dtí deireadh an tséasúir snámha, bhí droch-chaighdeán san uisce snámha in Lilliput ar bhruacha Loch Ainninn, Co. na hIarmhí, mar gheall ar leibhéil ardaithe baictéir. Bhí na leibhéil uisce sa loch íseal agus measadh gur chuir roinnt fadhbanna ann a bhain leis an tonn teasa/triomach leis an teagmhas. Ina theannta sin, breathnaíodh tiúchan ard níotráite i screamhuisce sa bhliain 2018 mar gheall ar chaolú laghdaithe.

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

- Baoil don tsláinte phoiblí: Mura mbaintear na truailleáin go cuí leis na próisis chóireála atá i bhfeidhm agus má shroicheann siad foinsí uisce óil, nó má tharlaíonn nochtadh daonna trí theagmháil le huisce éillithe, mar shampla trí úsáid áineasa (m.sh. snámh nó iascaireacht). Tá an riosca seo níos airde i gceantair nach bhfuil mórán cóireála iontu, mar shampla, áiteanna a bhfuil soláthairtí uisce príobháideach.
- Soláthar seirbhíse: Mura féidir uisce a chóireáil go leordhóthanach le haghaidh úsáide óil, d'fhéadfaí é a atreorú ón soláthar, nó d'fhéadfaí fógraí Ná húsáid / Fiuch Uisce a bheith ag teastáil.
- Rioscaí comhshaoil: D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag tiúchan ard agus ualaí arda truailleáin ar shláinte an éiceachórais. Tionchar suntasach amháin a d'fhéadfadh a bheith aige ná an méadú ar thiúchan cothaitheach in aibhneacha, i lochanna, i dtaiscumair agus in uisce cósta agus mar thoradh air sin tá eotrófú níos minice agus bláthanna algacha agus ciabacterúla ann. Is dócha go gcuirfidh teochtaí arda leis na próisis seo, a bhaineann go minic le báisteach íseal. Mar thoradh ar an ídiú ocsaigine tuaslagtha agus leibhéil ísle uisce mar gheall ar eotrófú agus bláthanna algacha, agus éifeachtaí tocsaineacha cianóbaiste, d'fhéadfadh méadú a bheith ann ar líon na n-

iasc a mharaítear agus damáiste suntasach ar speicis atá truailliú-íogair, mar shampla diúilicíní péarla fionnuisce, nó díothú na speiceas sin.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Cuirfidh monatóireacht rialta ar thiúchan bunlíne truailleán, agus ar athruithe i dtiúchan le linn tréimhsí tirime bonn fianaise ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht le haghaidh bearta breise chun an tionchar seo a laghdú agus chun cuidiú leis an bhfreagairt timpeallachta ar chaolú laghdaithe mar gheall ar bháisteach íseal. Cumasóidh monatóireacht rialta agus chórasach, agus, nuair is ábhartha, leanúnach, freagairt thapa ar theagmhais truaillithe, rud a ligeann do bhainistiú agus oiriúnú a dhéanamh ar astarraingtí nó sceitheadh chun meath breise ar cháilíocht an uisce a shrianadh. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú le tionscadail taighde náisiúnta leanúnacha, tacaíocht agus foghlaim uathu, lena n-áirítear staidéir ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RIOSCA) agus Leochaileacht Infrastruchtúir Chriticiúil don Athrú Aeráide (CIViC).
- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: D'fhéadfadh bearta laistigh den dobharcheantar modhanna inbhuanaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais de a sholáthar chun foinsí truailleán a laghdú, agus chun cosáin truailleán chuig dobharlaigh a mhoilliú, a theorannú nó a shrianadh. Mar shampla, is féidir truailleáin talmhaíochta amhail cothaithigh, dríodar agus lotnaidicídí a laghdú trí fheabhas a chur ar stóráil na substaintí ar an bhfeirm agus feirmeoirí a chur ar an eolas faoi na rioscaí féideartha, agus is féidir truailliú uirbeach a laghdú trí Chórais Dhraenála Inbhuanaithe (SuDS) a chur i bhfeidhm. Is féidir an t-ualach truailleán a scaoiltear chuig dobharlaigh mar eisiltigh ó ionaid chóireála fhuíolluisce a laghdú freisin trí bhogaigh thógtha a úsáid.
- Feabhsuithe ar an líonra fuíolluisce [WNI]: Bearta chun an riosca truaillithe ó líonraí séarachais a laghdú, mar shampla cumas na líonraí séarachais a mhéadú nó umair stórála a sholáthar, chun an dóchúlacht go dtarlódh doirteadh isteach i ndobharlaigh a bhfuil leibhéil ísle uisce iontu a laghdú (mar shampla, i dteagmhas dian báistí tar éis tréimhse fada tirime). B'fhéidir go mbeadh feabhsúcháin ar phróisis chóireála uisce ag teastáil freisin, toisc go bhféadfadh infheistíocht bhreise agus uasghrádú cóireála a bheith ag teastáil mar gheall ar an meath bliantúil ar cháilíocht an uisce mar gheall ar thréimhsí ísle báistí chun a áirithiú go ndéantar uisce neamhchóireáilte a chóireáil chuig caighdeán leordhóthanach chun uisce óil a tháirgeadh. Ina theannta sin, beidh

sé tábhachtach cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ceadúnú sceite chun ualach na dtruailleán a shroicheann dobharlaigh a rialú.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla 9 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugtar le fios i Tábla 9 naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 9: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh.. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM, WNI] • Straitéis Cosanta Foinse NFGWS (e) [ICM] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, WNI] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [MR, ICM] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [ICM, WNI] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [WNI] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [ICM, WNI] • Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil Uisce Éireann (p) [ICM] • Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPro) (e) [ICM] • An Clár Comhairleach um Inbhuanaitheacht agus Tacaíocht Talmhaíochta (e) [ICM, MR] • Liosta faire na hEorpa de shubstaintí tosaíochta breise (e) [MR]	• Talmhaíocht (RTBM) • Foraoiseacht (RTBM) • Bithéagsúlacht (RCOG) • Sláinte (RS) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.3 Athruithe i ndáileadh agus i bhfeineolaíocht speiceas

Spreagadh aeráide: Teocht ard [redacted]	**Fo-earnáil/fo-earnálacha:**
Tionchar: Athruithe i ndáileadh speiceas dúchasach agus neamhdhúchasach agus sa bhfeineolaíocht	Cothaithigh & dríodar Stádas comhshaoil

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh athruithe ar dháileadh, inmharthanacht daonra agus feineolaíocht flóra agus ainmhithe dúchasacha, neamhdhúchasacha agus ionracha mar gheall ar theochtaí arda tionchar a bheith acu ar struchtúr agus ar fheidhm na n-éiceachóras muirí, fionnuisce agus talún, a chuireann isteach ar chumas an chomhshaoil uisce seirbhísí riachtanacha a sholáthar d'earnáil na cáilíochta uisce. Is cuid thábhachtach de rangú Chreat-Treoir Uisce (CTU) é an stádas éiceolaíochta agus d'fhéadfadh tionchair ar phobail uisce cur isteach ar ghnóthachtáil den stádas Maith. Agus é ábhartha don Phlean seo, tugtar achoimre ar na tionchair réamh-mheasta ag athrú aeráide ar bhithéagsúlacht na hÉireann i gceithre phríomhchatagóir sa Dréachtphlean um Oiriúnú Athrú Aeráide Earnála Bithéagsúlachta [26]:

- Feineolaíocht: Bíonn tionchar ag méadú sa teocht ar uainiú príomhtheagmhas saolré i speicis phlandaí, éan agus feithidí. Is dócha go bhfuil an fhreagairt seo éagsúil, agus i gcás ina bhfuil grúpaí speiceas idirspleácha ann, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh neamhréireachtaí ann maidir le huainiú le bia a bheith ar fáil i gcomparáid leis an uair ina mbíonn sé ag teastáil, rud a chuireann isteach ar fheidhm éiceachórais.
- Raon geografach: Is dócha go n-athróidh teocht mhéadaithe raon mórán speiceas, go háirithe i gcás ina bhfuil dáiltí ar leith nó dáiltí cúnga ag speicis cheana féin, mar shampla speicis sléibhe nó speicis éisc fhuaruisce nach mbeidh limistéir níos airde acu mar a bhfuil an teocht níos fuaire. Mar thoradh ar athruithe sa raon geografach de speicis dhúchasacha nó nádúrthaithe, d'fhéadfadh siad a bheith 'ionrach' i réigiún in Éirinn a n-aistríonn siad chuige nach bhfuarthas iad ann roimhe seo.
- Cailleadh gnáthóige: Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag teocht mhéadaithe ar ghnáthóga atá ag brath ar uisce trí leibhéil ísle uisce, díshaothrú agus creimeadh. Mar thoradh ar leibhéil ísle uisce i dtonn teasa an tsamhraidh 2018, bhí triomú i locháin agus tionchair ar niúit agus ar fhroganna. Tá gnáthóga na hÉireann

díghrádaithe go suntasach cheana féin mar gheall ar ghníomhaíochtaí bainistíochta reatha agus san am atá caite agus cuirfidh an t-athrú aeráide leis na bagairtí atá roimh an mbithéagsúlacht.

- Speicis ionracha. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar speicis ionracha agus brúnna iomaíocha do speicis dhúchasacha na hÉireann mar thoradh ar na hathruithe réamh-mheasta sa teocht. D'fhéadfadh pataiginí agus lotnaidí nua a thabhairt isteach. D'fhéadfadh na tionchair thuas athléimneacht na speiceas dúchasach Éireannach a laghdú ar iomaíocht nó creachóireacht na speiceas ionrach.

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar earnáil ná cáilíochta uisce tá:

- Rioscaí comhshaoil: D'fhéadfaí tionchar a bheith ar stádas comhshaoil agus cáilíocht éiceolaíoch gnáthóg mar gheall ar athruithe ar chomhdhéanamh speiceas, saibhreas speiceas agus leathadh speiceas ionrach. D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar chomhlíonadh reachtaíochta mar an CTU, a bhfuil cáilíocht bhitheolaíoch ina chuid thábhachtach de stádas dobharlaigh WFD, lena n-áirítear macraifítí, fítibeantós, éisc agus inveirteabraigh, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na tionchair thuasluaite orthu go léir. Tá sé tábhachtach freisin machnamh a dhéanamh ar an meath bithéagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le luach intreach an nádúir in Éirinn agus le folláine an duine.
  - Tionchair ar cháilíocht an uisce, mar shampla dinimic chothaitheach locha atá ag athrú nó creimeadh bruaigh agus dríodrú mar gheall ar speicis ionracha.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na tionchair a ndéantar cur síos orthu thuas ar athléimneacht ghnáthóg uisceach agus éiceachóras roimh bhrúnna eile cáilíochta uisce.

- Soláthar seirbhíse: d'fhéadfadh speicis ionracha cur isteach ar sholáthar seirbhísí uisce. Is féidir le diúilicíní riabhacha píopaí iontógála uisce a bhlocáil agus tionchar indíreach a bheith acu, mar shampla, timthriallta cothaitheacha i lochanna a athrú agus laghdú ar speicis dhúchasacha mar thoradh air sin.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Monatóireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar leathadh speiceas ionrach agus chun na hathruithe i ndáileadh speiceas dúchasach a aithint agus a rianú, agus chun ligean do bhearta maolaithe a chur i bhfeidhm. Beidh ról lárnach ag taighde freisin maidir leis na bagairtí idirnasctha ar bhithéagsúlacht a thuiscint agus na tionchair a bhíonn ag speicis neamhdhúchasacha agus ionracha ar stádas comhshaoil na ndobharlach. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú le tionscadail taighde náisiúnta leanúnacha, tacaíocht agus foghlaim uathu, lena n-áirítear staidéir ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RIOSCA).
- Bearta bithshlándála [B]: Bearta chun leathadh speiceas ionrach a theorannú, lena n-áirítear dea-chleachtais sláinteachais chun an riosca go scaipfear speicis ionracha a íoslaghdú, amhail saoráidí níocháin bád, agus ardú feasachta, mar shampla trí fheachtais faisnéise poiblí maidir le speicis ionracha a aithint agus a rialú. Ba chóir cúinsí bithshlándála a chomhtháthú i gcláir mhonatóireachta eolaíochta agus rialála a phleanáil agus ba chóir iad a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí amhail áineas agus loingseoireacht.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla 10 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugann sé le fios naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 10: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh.. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [MR, B] • Plean Bainistíochta Abhantraí (e) [MR, B] • Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPro) (e) [B] • Bearta bithshlándála Iascaigh Intíre Éireann (IFI) (e) [B] • An Creat Náisiúnta Pleanála Muirí (e) [B]	• Bithéagsúlacht (RCOG) • Bia mara (RTBM) • Talmhaíocht (RTBM) • Foraoiseacht (RTBM) • Sláinte (RS) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.4 Triomú tailte móna

Spreagadh aeráide: [redacted] **Teocht ard**	**Fo-earnáil/fo-earnálacha:**
Tionchar: Triomú móna ag laghdú maolaithe an truaillithe nádúrtha	

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh triomú méadaithe tailte móna a bheith mar thoradh ar theochtaí aeir níos airde. Is é an tábla uisce an príomhchinntitheach a bhaineann le dinimic ithreach-orgánach-charbóin na dtailte móna, agus d'fhéadfadh coinníollacha triomaigh a bheith ann mar gheall ar thréimhsí leanúnacha easnaimh uisce, rud a laghdaíonn rith chun srutha portaigh agus leibhéil uisce. Féadfaidh portaigh mhóna dul in oiriúint d'athruithe aeráide, ach tá a n-athléimneacht ag brath ar dhromchla portaigh 'gníomhach' beo ina bhfuil fásra nádúrtha agus patrúin dromchla. Díghrádaíodh an dromchla beo seo i mórán

portach móna trí stair fhada bhainistíochta neamh-inbhuanaithe, trí dhraenáil, athrú talún go dtí foraoiseacht agus talmhaíocht agus baint móna tráchtála/baile. Cé nach bhfuil an tionscal bainte móna chomh suntasach in Éirinn a thuilleadh, tá tionchar mór tagtha ar go leor limistéar.

Tá tailte móna le fáil go forleathan ar fud na hÉireann, ag clúdach suas le 21% den tírdhreach, agus cabhraíonn siad le tacú le hacmhainní uisce nádúrtha, le gnáthóga, le coinneáil cothaitheach agus le cothromaíocht charbóin talún. Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag tailte móna maidir le stádas comhshaoil a chinntiú agus d'fhéadfadh a meath trí thriomú tionchar a imirt ar fhachtóirí mar shreabhadh agus ar sheirbhísí mar sholáthar gnáthóg. I dtriomach agus tonn teasa an tsamhraidh 2018, taifeadadh táblaí ísle uisce fada as an ngnáth ag Portach Chlóirthigh [Limistéar Caomhnaithe Speisialta (SAC)], Portach Mhainistir Laoise [Limistéar Gnáthóg Nádúrtha (NHA)] agus Portach na Greallaí (NHA). Bhí na héifeachtaí an-suntasach i gceantair phortaigh réitithe ag Portach na Greallaí, a raibh tionchar acu ar iarrachtaí athchóirithe trasphlandaithe Sfagnaim.

Tá cumas nádúrtha ag móin truailleáin san uisce a ritheann tríd a scagadh, agus sruthanna tuile a mhaolú. D'fhéadfadh triomú méadaithe tailte móna cumas na gceantar seo na seirbhísí seo a sholáthar a laghdú, le tionchar ar cháilíocht an uisce agus ar hidreolaíocht. Ina theannta sin, tugann taighde le fios go dtacaíonn uisce óil ó thailte móna le coibhéis níos mó ná 4 mhilliún duine i bPoblacht na hÉireann [27], agus d'fhéadfadh triomú tailte móna cáilíocht agus toirt an uisce atá ar fáil a laghdú.

Féadfaidh táblaí uisce íslithe mar gheall ar athrú aeráide coinníollacha hidreolaíocha a athrú as a dtagann iompar cothaitheach agus dríodair méadaithe chuig aibhneacha agus lochanna agus mar thoradh air sin tá fadhbanna suntasacha ann maidir le cáilíocht uisce agus tionchair thocsaineacha ar éiceolaíocht fionnuisce, amhail éisc. Tá sé seo go háirithe fíor i gcás tailte móna díghrádaithe, a chuimsíonn an chuid is mó d'acmhainn tailte móna na hÉireann, toisc nach féidir leis na córais seo uisce agus cothaithigh agus dríodair a choinneáil a thuilleadh mar a dhéanann siad i suíomhanna neamhbhearnaithe. Méadaíonn teochtaí níos teo rátaí dianscaoilte miocróbacha freisin agus d'fhéadfadh siad méadú a thabhairt ar charbón orgánach tuaslagtha (DOC) in uisce a scaoiltear ón talamh móna. I gContae Mhuineacháin, tugadh faoi deara go bhfuil rith chun srutha ó phortaigh mhóna tar éis laghdú teacht ar an méid móna a bhaintear iontu nuair a bhíonn an portach sáithithe, ach de réir mar thriomaítear amach an portach méadítear an rith uisce uathu, rud a fhágann go mbíonn costais breise chun an foinse isce a mbíonn tionchar ag rith chun srutha an phortaigh air a ghlanadh [28].

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar earnáil ná cáilíochta uisce tá:

- Rioscaí comhshaoil: Chomh maith le tionchair chomhshaoil an mheatha cháilíochta uisce ar éiceachórais uisceacha, is dócha go mbeidh tionchar ag triomú tailte móna ar fhásra dúchasach agus ar bhithéagsúlacht na ngnáthóg tailte móna. Aithníodh gnáthóga tailte móna (portach ardaithe agus bratphortach) mar cheann de na gnáthóga Éireannacha is mó atá i mbaol mar gheall ar an athrú aeráide.
- Baoil don tsláinte phoiblí: Mura mbaintear na truailleáin go leordhóthanach leis na próisis chóireála atá i bhfeidhm agus má shroicheann siad foinsí uisce óil;
- Soláthar seirbhíse: Mura féidir uisce a chóireáil go leordhóthanach le haghaidh úsáide óil, d'fhéadfaí é a atreorú ón soláthar, nó d'fhéadfaí fógraí Ná húsáid / Fiuch Uisce a bheith ag teastáil.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Tá taighde ar thailte móna agus ar a n-athchóiriú ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú, le tionscadail leanúnacha, tacú leo, agus foghlaim uatha, lena n-áirítear:

- Measúnú Riosca Náisiúnta atá maoinithe ag an GCC ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RISK);
- Straitéisí chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce ó thionscadal na dTailte Móna Bainistithe (SWAMP), ag imscrúdú na dtionchar ó shuíomhanna táirgthe Bhord na Móna;
- Measúnú Leochaileachta ar Thailte Móna: Roghanna Taiscéalaíochta agus Oiriúnaithe a Fhiosrú i ndáil leis an Athrú Aeráide agus le Teagmhais Thromchúiseacha (VAPOR); agus
- Lean Bord na Móna ar aghaidh ag déanamh taighde ar na roghanna “iar-saoil” dá dtailte móna.
- D'fhéadfadh comhordú breise ar fud na tíre agus eagraíochtaí éagsúla cuidiú leis chun an taighde seo a chur chun cinn agus chun a áirithiú go ndéantar infheistíocht i dtaighde, athchóiriú agus bainistíocht tailte móna ar leibhéal náisiúnta mar thosaíocht.

- Athchóiriú an éiceachórais agus na ngnáthóg [EHR]: Tá athchóiriú tailte móna díghrádaithe fíorthábhachtach chun a áirithiú go gcothaítear agus go bhfeabhsaítear athléimneacht na dtimpeallachtaí seo do thionchair an athraithe aeráide. Is dócha go mbeidh tairbhí do cháilíocht an uisce mar thoradh ar athchóiriú agus caomhnú gnáthóg tailte móna, chomh maith le feabhas a chur ar infhaighteacht uisce, laghdú tuile agus stóráil carbóin. Tá athchóiriú ar thalamh móna (portach) ar siúl go leanúnach in Éirinn, trí thionscadail athchóirithe atá maoinithe ag EU Life agus faoi Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna. Beidh sé tábhachtach leanúint leis na hiarrachtaí seo agus samplaí de thionscadail athchóirithe agus taighde ar leibhéal náisiúnta a chomhordú chun dea-chleachtas a roinnt agus fórsa tiomána comhoibríoch a chur ar fáil.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i d

Tábla 11 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugann sé seo le fios naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 11: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [MR, EHR] • Straitéis 2030 Inbhuanaitheachta Bhord na Móna (e) [MR, EHR] • Straitéis Náisiúnta Tailte Móna NPWS (e) [MR, EHR] • Plean Bainistíochta Náisiúnta SAC Portaigh Ardaithe NPWS 2017-2022 (e) [MR, EHR] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [MR, EHR] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [EHR] • Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann (e) [MR, EHR]	• Bithéagsúlacht (RCOG) • Oidhreacht Thógtha agus Sheandálaíochta (RCOG) • Bainistíocht Riosca Tuilte (OOP) • Sláinte (RS) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.5 Scaipeadh/méadú inmharthanachta pataiginí

Spreagadh aeráide: Teocht ard [redacted]	Fo-earnáil/fo-earnálacha:
Tionchar: Truailliú méadaithe pataigin	Pataiginí

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh teochtaí níos airde inmharthanacht pataiginí a mhéadú, ó chórais tuaithe (córais chóireála beostoic agus tí) agus ó fhoinsí uirbeacha (sceitheadh fuíolluisce). I dtonna teasa/triomach an tsamhraidh 2018, bhí sáruithe ar cháilíocht uisce paraiméadrach agus ráig mhór uisce-iompartha féideartha. Ón 20 Meitheamh 2018 go dtí deireadh an tséasúir snámha, bhí droch-chaighdeán san uisce snámha in Lilliput ar bhruacha Loch Ainninn, Co. na hIarmhí, mar gheall ar leibhéil ardaithe baictéir. Bhí na leibhéil uisce sa loch íseal agus measadh go raibh roinnt saincheisteanna a bhain le tonna teasa/triomach taobh thiar den teagmhas.

Tá sé tábhachtach a thabhairt d’aire go n-athraíonn rátaí marthanais pataiginí idir cineálacha difriúla (baictéir, prótasóin agus víris) mar gheall ar íogaireachtaí difriúla i ndáil le hathruithe i dteas, taise, ocsaigin, solas, cothaithigh, comhdhéanamh pobail baictéarach agus salandacht. D'fhéadfadh teochtaí níos airde coinníollacha níos fabhraí a sholáthar do roinnt orgánach a tharlaíonn go nádúrtha i gcórais chósta, agus is féidir le roinnt pataiginí maireachtáil ar feadh tréimhsí fada i dteochtaí ísle agus téann an ráta básaithe sa timpeallacht i méid nuair a bhíonn teochtaí méadaitheacha ann. Beidh meascán na bhfachtóirí atá luaite thuas difriúil i dtimpeallachtaí difriúla, mar shampla i ndramhaíl faecach, i bpróifíl na hithreach, in aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí cósta, agus i líonraí séarachais. Fágann na hidirghníomhaíochtaí agus an tionchar ag gach ceann de na hathróga seo ar mharthanas pataigine nach bhfuil an nasc le teocht mhéadaithe chomh simplí sin [29] [30].

D’fhéadfadh méadú teacht ar phataiginí, agus ar an teagmháil leo, le teochtaí atá ag ardú. Mar thoradh ar aimsir níos teo, is dócha go dtiocfaidh athrú ar thréimhsí féaraigh le haghaidh beostoic, agus d’fhéadfadh teochtaí ardaithe ualaí pataigine baictéaracha agus prótasóin in ainmhithe a mhéadú [30]. D'fhéadfadh teochtaí arda an riosca a bhaineann le nochtadh don duine a mhéadú freisin. Mar shampla, i samhraí teo is dócha go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar thréimhse úsáid áineasa na ndobharlach (mar shampla snámh agus iascaireacht). Is dócha go dtiocfaidh méadú ar rátaí tomhaltais uisce mar thoradh ar aimsir the, agus sna háiteanna a bhfuil droch-cháilíocht ar an uisce óil, méadófar an riosca go n-ionghabhtar uisce truaillithe [30].

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar earnáil ná cáilíochta uisce tá:

- Rioscaí comhshaoil: Féadfar go mbeidh tionchar diúltach ag tiúchan agus pataigin ard ar shláinte an éiceachórais, ag dul i gcion ar inveirteabraigh agus ar fhásra éisc uisceach, go díreach trí éifeachtaí tocsaineacha truailleán nó go hindíreach trí phróisis mar eotrófú agus ídiú DO.
- Baoil don tsláinte phoiblí: Mura mbaintear na pataiginí go cuí leis na próisis chóireála atá i bhfeidhm agus má shroicheann siad foinsí uisce óil, nó má tharlaíonn nochtadh daonna trí theagmháil le huisce éillithe, mar shampla trí úsáid áineasa (m.sh. snámh nó iascaireacht). Tá an riosca seo níos airde i gceantair nach bhfuil mórán cóireála iontu, mar shampla, áiteanna a bhfuil soláthairtí uisce príobháideach.
- Soláthar seirbhíse: Mura féidir uisce a chóireáil go leordhóthanach le haghaidh úsáide óil, d'fhéadfaí é a atreorú ón soláthar, nó d'fhéadfaí fógraí Ná húsáid / Fiuch Uisce a bheith ag teastáil.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Mar gheall ar na castachtaí agus na hidirghníomhaíochtaí idir fachtóirí a théann i bhfeidhm ar inmharthanacht phataigine, tá neamhchinnteacht shuntasach ann maidir leis an tionchar seo. Dá bhrí sin, bheadh

monatóireacht bhreise agus taighde breise tairbheach chun tuiscint a fheabhsú ar an tionchar seo. Trí mhonatóireacht a dhéanamh chun tiúchan bonnlíne pataiginí agus méaduithe i dtiúchan i dtréimhsí tirime a thaifeadadh, soláthrófar bonn fianaise chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht le haghaidh bearta breise chun an tionchar seo a laghdú agus chun cuidiú le tuiscint a fháil ar an tionchar comhshaoil atá ag pataiginí ar theocht ard. Cumasóidh monatóireacht rialta agus chórasach, agus, nuair is ábhartha, leanúnach, lena n-áirítear tar éis fíortheagmhas teochta agus báistí, freagairt thapa ar theagmhais truaillithe, rud a ligeann do bhainistiú agus oiriúnú a dhéanamh ar astarraingtí nó sceitheadh chun meath breise ar cháilíocht an uisce a shrianadh.

- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: D'fhéadfadh bearta laistigh den dobharcheantar modhanna inbhuanaithe atá éifeachtúil ó thaobh costais de a sholáthar chun foinsí pataiginí a laghdú, agus chun cosáin truailleán chuig dobharlaigh a mhoilliú, a theorannú nó a shrianadh. Mar shampla, is féidir leathadh pataiginí ó fhoinsí beostoic go comhlachtaí uisce dromchla a laghdú trí chleachtais feirmeoireachta feabhsaithe, gaistí dríodair agus stiallacha maolánacha bruachánacha.
- Cóireáil uisce feabhsaithe [IWT]: D'fhéadfadh tiúchan pataigine níos airde an chatagóir riosca agus cáilíochta uisce neamhchóireáilte a athrú, rud a éilíonn leibhéal níos airde cóireála agus oibríochtaí agus gníomhaíochtaí cothabhála níos déine chun an riosca a mhaolú.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i d**Error! Reference source not found.** achoimre ar na príomhthiománaithe (atá a nn cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugann sé le fios naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 12: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh.. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM, IWT] • Straitéis Cosanta Foinse NFGWS (e) [ICM] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, WNI] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [MR, ICM] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [ICM, WNI] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [IWT] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [ICM, IWT] • Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil Uisce Éireann (p) [ICM] • Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPro) (e) [ICM] • An Clár Comhairleach um Inbhuanaitheacht agus Tacaíocht Talmhaíochta (e) [ICM, MR]	• Sláinte (RS) • Talmhaíocht (RTBM) • Bia mara (RTBM) • Bithéagsúlacht (RCOG) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil •	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

Bonneagar seirbhísí uisce

Sonraítear sna rannáin thíos na measúnuithe doimhne do gach tionchar géara tosaíochta aonair a aithníodh le haghaidh earnáil an bhonneagair seirbhísí uisce, na príomhspreagadh aeráide, tuairiscí ar an tionchar agus na hiarmhairtí féideartha, agus príomhbhearta oiriúnaitheacha. Soláthraítear achoimre ar na tiománaithe reatha trínar féidir leis na heagraíochtaí faoi seach gníomhartha a fhorbairt ina dhiaidh sin.

3.6 Athruithe ar éileamh a bhaineann le haimsir the



Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh teochtaí arda a bheith ina gcúis le méadú ar an éileamh ar uisce tí (maidir le sláinteachas pearsanta, níochán, uisciú gairdín baile agus úsáidí seachtracha uisce eile), agus éileamh tionsclaíoch agus talmhaíochta ar uisce inólta. D'fhéadfadh athruithe san éileamh agus i bpatrún athraitheacha éilimh brú níos mó a chur ar tharchur uisce agus ar líonraí dáilte, agus ar sholáthar freisin (astarraingt agus stóráil). Ba chóir a thabhairt d'aire gur féidir le buaicéileamh atá á thiomáint ag aimsir the, ach ní gá é, a bheith ag tarlú i gcomhthráth le coinníollacha triomaigh. Tugtar aghaidh air seo tuilleadh sa slabhra tionchair ar 'infhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce'.

Tá Uisce Éireann i mbun Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce a ullmhú faoi láthair. Léireofar leis seo cé chomh fada is atá na foinsí soláthair atá ann do na teorainneacha maidir leis an méid is féidir a astarraingt gan tionchair dhiúltacha don chomhshaol a chruthú, le déanaí mar gheall ar mhéaduithe ar an éileamh ganntanas soláthair agus srianta úsáide.

Mar atá sonraithe ag Uisce Éireann, is féidir leis na foinsí reatha soláthair uisce a fhreastalaíonn ar Bhaile Átha Cliath agus an ceantar máguaird 623 Milliún lítear in aghaidh an lae (Mld) a sholáthar faoi lánchumas táirgthe faoi choinníollacha struis, i gcoinne an éilimh láithrigh reatha de 540Mld. Nuair a chuirtear noirm idirnáisiúnta soláthair le haghaidh Peaks, Headroom agus Outage Seachadadh i bhfeidhm, is é an fíor-sheasamh ná easnamh folaigh.

Mar shampla, le linn Shamhradh 2018, ba chúis le drochaimsir fhada méadú suntasach ar úsáid uisce ar fud na tíre. I Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, is féidir le hUisce Éireann 623Mld a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe agus sábháilte. Ar an 28 Meitheamh 2018, bhain an t-éileamh 24 uair an chloig 615Mld amach. D'fhág an leibhéal éilimh seo go raibh sé richtanach uisce a fháil ó stóráil uisce chóireáilte chun an soláthar iomlán a choinneáil. Ní féidir an rogha seo a choinneáil ach ar feadh tréimhse teoranta de roinnt seachtainí. Ar fud na tíre, tháinig méadú 15% ar an meánéileamh uisce laistigh de 10 lá ó 1,650Ml sa lá go dtí 1,900Ml sa lá [51]. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh, thuairiscigh Uisce Éireann go raibh 100 scéim soláthair uisce i mbaol.

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Tionchair iarmhartacha

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar infreastruchtúr na seirbhísí uisce tá:

- Rioscaí comhshaoil: D'fhéadfadh athruithe ar phatrún na húsáide cur le hiomaíocht mhéadaithe le haghaidh acmhainní uisce agus le hathruithe iompraíochta maidir leis an tslí a bhfaigheann daoine rochtain ar soláthairtí uisce. Mar shampla, d'fhéadfadh feirmeoirí a dhéanann infheistíocht in uisciú nó a théann níos minice go dtí an abhainn d'fhonn eallach a hiodráitiú an brú úsáide ar acmhainní uisce dromchla a mhéadú, agus an riosca truaillithe dobharlach a mhéadú (a fhéadfar a úsáid mar úsáid an duine ag an am céanna). I gcás nach leor iad na hacmhainní fionnuisce atá ann cheana féin, d'fhéadfadh astarraingt foinsí nua/malartacha a bheith mar thoradh ar éileamh méadaithe (m.sh. uiscígh nár úsáideadh roimhe seo).

- Soláthar seirbhíse: D'fhéadfadh méadú a theacht ar éileamh teaghlaigh mar thoradh ar theocht mhéadaithe, a d'fhéadfadh a bheith taobh thiar de ghanntanas soláthair, riachtanais chóireála/chaidéalaithe mhéadaithe agus úsáid fhuinnimh mhéadaithe. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh impleachtaí méadaitheacha airgeadais agus carbóin a bheith ann. D'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ag saincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair (i.e. méadú san éileamh agus nó infhaighteacht laghdaithe acmhainní fionnuisce) ar theaghlaigh phríobháideacha agus ar an ngeilleagar. Is dócha go mbeadh costais bhreise ag baint le roghanna ar thaobh an tsoláthair chun tionchair dá leithéid a mhaolú.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM] agus pleanáil acmhainní uisce [WRP]: Tá pleanáil éifeachtach acmhainní uisce, atá ag teacht le prionsabail bhainistíochta dhobharcheantair chomhtháite (ICM), riachtanach chun cothromaíocht fhadtéarmach a choinneáil idir soláthar agus éileamh. Is féidir aghaidh a thabhairt ar thionchair an éilimh mhéadaithe trí mheascán de phleanáil fhadtéarmach agus cuir chuige pleanála oibríochtúla (bunaithe ar riosca). Beidh an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce, atá á ullmhú ag Uisce Éireann agus atá faoi láthair ag an gcéim dhréachta, ina phríomh-mheicníocht fhadtéarmach phleanála a thugann aghaidh ar idirnascacht idir scéimeanna agus soláthairtí uisce poiblí chun athléimneacht soláthair a fheabhsú. D'fhéadfaí tacú leis seo tuilleadh trí phleanáil straitéiseach buaicéilimh. Ag leibhéal fóntais is féidir le pleanáil oibríochtúil déileáil le measúnú agus bainistíocht riosca níos láithrí.
- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: gníomhaíochtaí amhail mapáil screamhuisce chun méid agus inmharthanacht na hacmhainne a thuiscint. Mar shampla, tá léarscáil gheolaíoch 3D de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath á forbairt faoi láthair ag SGÉ chun na críche seo. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú le tionscadail taighde náisiúnta leanúnacha, tacaíocht agus foghlaim uathu, lena n-áirítear staidéir ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RIOSCA) agus Leochaileacht Infrastruchtúir Chriticiúil don Athrú Aeráide (CIViC).
- Tá ríthábhacht ag baint le creataí cuí pleanála acmhainní uisce (m.sh. ceadúnú astarraingthe agus/nó pleanáil thriomaigh) chun an chothromaíocht sholáthar agus éileamh uisce a chothabháil agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Tá gníomhaíochtaí bainistíochta éilimh tábhachtach freisin; Moladh i dtuarascáil le déanaí le Ofwat, rialtóir eacnamaíoch thionscal uisce na Ríochta Aontaithe, go bhféadfaí “tomhaltas meánach tí idir 50 agus 70l / ceann / lá a bhaint amach i 50 bliain gan laghdú a chur ar leibhéal na fóntais nó ar chaighdeán na húsáide uisce”

[31]. Tá gá le taighde sonrach d'Éirinn, agus saintréithe an líonra uisce agus éilimh áitiúla á gcur san áireamh, chun cásanna oiriúnacha a shainaithint le haghaidh athruithe ar mheánéileamh na dteaghlach in Éirinn.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla13 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugann sé le fios naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla13: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM; WRP, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM; WRP] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, WRP] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [ICM, WRP] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [WRP] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [WRP] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [WRP] • Ceadúnú astarraingthe (p) [WRP]	• Talmhaíocht (RTBM) • Foraoiseacht (RTBM) • Bithéagsúlacht (DAHG) • Fuinneamh (RCGAC) • Cumarsáid (DCCAE) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.7 Tuilte sócmhainní uisce/fuíolluisce, caillteanas sócmhainní agus an poitéinseal do thruaillliú comhshaoil níos minice

Spreagadh aeráide: **Ardfhrasaíocht**	**Fo-earnáil/fo-earnálacha:** 
Tionchar: Tuilte sócmhainní, caillteanas agus poitéinseal truaillithe	

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh báisteach ard minicíocht na dtuilte báistiúla/abhann/screamhuisce de shócmhainní uisce agus fuíolluisce a mhéadú, as a dtiocfadh caillteanas sócmhainní. Áirítear leis seo:

- tuile astarraingthe shócmhainní uisce, stórála, chóireála agus líonra (lena n-áirítear sócmhainní príobháideacha).
- tuilte ar líonra fuíolluisce agus sócmhainní cóireála. Mar thoradh ar thuile shócmhainní fuíolluisce, d'fhéadfadh forsceitheadh neamhrialaithe isteach sa chomhshaol a bheith ann (m.sh. ó stáisiúin chaidéalaithe atá ag loiceadh agus formhuirearú i líonraí fuíolluisce agus in ionaid chóireála). D'fhéadfadh truailleáin a chur isteach in uisce dromchla agus trí screamhuisce isteach in uiscígh, rud a éillíonn acmhainní uisce. I gceantair thuaithe is féidir go n-áireofaí leis seo tuaslagán de réitigh díláraithe fuíolluisce agus córais sciodair ar an láthair le linn eachtraí tuile.

Is dócha go mbeidh tionchar suntasach ag athrú aeráide ar riosca tuilte de thairbhe gur féidir méid na dtuilte a nascadh go díreach le hathruithe i bhfad agus i ndéine báistí sa todhchaí. I mí Lúnasa 2017, tharla damáiste tromchúiseach ar infreastruchtúr bóithre agus droichead mar gheall ar bháisteach throm agus roinnt tionchar díreach ann ar shócmhainní uisce agus fuíolluisce gaolmhara agus ar phíbobair: áiríodh leis seo 17 dteagmhas suntasacha líonra uisce ina raibh tionchar ar phíopaí de bharr damáiste ó thuilte ar bhóithre, droichid agus uiscebhealaí agus tionchar ar shé ionad cóireála fuíolluisce mar gheall ar thuile shócmhainní.

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar infreastruchtúr na seirbhísí uisce tá:

- Damáiste/caillteanas sócmhainní agus rioscaí comhshaoil: D'fhéadfadh tuilte mhéadaithe an-damáiste a dhéanamh d'infreastruchtúr uisce agus fuíolluisce (caillteanas sócmhainní mar thoradh air, b'fhéidir) agus d'fhéadfadh truailliú dobharlach agus an chomhshaoil a bheith mar thoradh air.
- Baoil don tsláinte phoiblí: Sa chás go mbíonn tionchar ag tuilte ar acmhainní uisce óil (m.sh. aibhneacha nó taiscumair), d'fhéadfadh iarmhairtí díreacha sláinte poiblí a bheith i gceist freisin. Mar shampla, mar gheall ar thruailleáin a thugtar isteach i dtaiscumair.
- Soláthar seirbhíse agus leanúnachas gnó: Sa chás go ndéanfaí dochar do shócmhainní, nó go gcaillfí iad, féadfar gur briseadh ar leanúnachas gnó agus ar sholáthar seirbhíse a bheadh i gceist. Tá tionchair a bhaineann le leanúnachas gnó (m.sh. briseadh an líonra leictreachais a bhfuil tionchar aige ar phróisis chaidéalaithe agus chóireála) clúdaithe sa slabhra tionchair 'tionchair/bristeacha leanúnachais ghnó'. D'fhéadfadh tuilte méadaithe trinsí seirbhíse bac a chur ar an gcumas sceitheadh a dheisiú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh insíothlú méadaithe chuig an líonra fuíolluisce mar gheall ar thuilte riachtanais chaidéala fuíolluisce, tomhaltas fuinnimh agus astuithe carbóin bainteacha a mhéadú. Thairis sin, is féidir le sruthanna níos caolaithe éifeachtúlacht cóireála a laghdú agus féadfar go mbeadh gá le traenacha cóireála breise chun na hualaí céanna a chóireáil. Mura ndírítear orthu go cuí is dócha go mbeidh impleachtaí suntasacha airgeadais ag baol tuilte mar gheall ar Chaiteachas Oibriúcháin méadaithe agus Caiteachas Caipitil; mar shampla, le haghaidh bonneagar breise um forsceitheadh stoirme.

D'fhéadfadh riosca méadaithe tuilte a bheith ina ábhar imní i ndáil le grúpscéimeanna, soláthairtí príobháideacha (cuid acu a raibh tuilte acu cheana féin) agus bainistíocht fuíolluisce teaghlaigh. Mar thoradh ar thuile, d'fhéadfadh ábhair shalaithe ó fhoinsí

éagsúla (lena n-áirítear áiseanna fuíolluisce teaghlaigh) a shruthlú isteach i dtoibreacha beaga príobháideacha nach ndéantar monatóireacht orthu, b'fhéidir.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: Is próiseas nádúrtha é tuile, a bhraitheann ar fhachtóirí éagsúla, lena n-áirítear cuid acu de bhunadh antrapaigineach (m.sh. athruithe ar úsáid talún mar an uirbiú agus an dífhoraoisiú[17]). Cé nach mbainfear an riosca tuilte choíche, is féidir é a bhainistiú chun riosca do shaol an duine agus don infreastruchtúr a laghdú. Áirítear leis seo cuir chuige chomhtháite bhainistíochta dhobharcheantair amhail cleachtais inbhuanaithe bhainistíochta talún agus réitigh bunaithe ar an dúlra. Is féidir buntáistí ilgnéithe a bheith i gceist le réitigh bunaithe ar an dúlra, amhail Bearta Nádúrtha Coinneála Uisce (NWRM), níos fairsing ná an t-oiriúnú don athrú aeráide. Mar shampla, is féidir leo cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, bainistíocht dríodair agus ithreach a fheabhsú, agus tairbhí taitneamhachta a ghiniúint.
- Measúnuithe riosca tuile agus cosaintí tuile: Ag leibhéal beartais, is meicníocht chuí iad measúnuithe riosca tuilte agus pleananna bainistíochta riosca tuilte (Pleananna Tuilte) chun dul i ngleic le riosca tuilte. Sainaithníonn na pleananna seo an riosca aitheanta ó thuile sna pobail is mó atá i mbaol agus leagtar amach iontu cuspóirí comhaontaithe an Rialtais chun díriú ar ghníomh indéanta agus acmhainní agus iad a chur chun cinn. Mar gheall ar nádúr na dtuilte (i.e. próiseas nádúrtha atá íogair do réimse fachtóirí, lena n-áirítear úsáid talún atá ag athrú), tá pleanáil úsáide talún ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar riosca tuile atá ag méadú. Ina leith sin, tá ról tábhachtach ag an RTPRA agus ag údaráis áitiúla cheana féin trína gcuid feidhmeanna pleanála. Dá bhrí sin, mar a bhí molta sa tuarascáil le déanaí ón gComhchoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, "Climate Change: A Cross-Party Consensus for Action", "ba cheart aghaidh a thabhairt ar chúinsí athraithe aeráide i ngach plean, beartas agus gníomhaíocht de chuid an údaráis áitiúil, lena n-áirítear trína gCoistí Beartais Straitéiseacha (SPCanna) agus SPC tiomnaithe nua Athraithe Aeráide do ghníomhú aeráide. Ba chóir go mbeadh siopa ilfhreastail nó struchtúr oiriúnach eile ag gach údarás áitiúil chun an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil."
- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Tá ról lárnach ag cláir mhonatóireachta agus taighde maidir le riosca tuilte a thuiscint agus an acmhainn oiriúnaitheach a fheabhsú

[17] Tagraíonn an dí-fhoraoiseacht don ghlanadh foraoise buan agus ní ionann é agus an glan-leagan crann, a athphlandáiltear iad ina dhiaidh

- mar shampla, bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise, d'fhéadfaí an acmhainn a fheabhsú tuilleadh trí thacú le naisc níos láidre idir riosca tuilte, pleanáil foinse criosanna cosanta agus Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú le tionscadail taighde náisiúnta leanúnacha, tacaíocht agus foghlaim uathu, lena n-áirítear staidéir ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RIOSCA) agus Leochaileacht Infrastruchtúir Chriticiúil don Athrú Aeráide (CIViC).

- Bainistíocht sócmhainní [AM] agus uasghrádú sócmhainní [AU]: Is féidir an acmhainn oiriúnaitheach a fheabhsú trí scagadh a dhéanamh ar an mbonn sócmhainní chun sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith 'i mbaol' a aithint agus a uasghrádú, ag baint úsáide as taifid stairiúla agus trí staidéir mhionsonraithe shonracha ar riosca tuilte a dhéanamh chun criticiúlacht, leochaileacht agus riosca a chinneadh. Mar chuid de seo, d’fhéadfadh forbairt de shamhlacha hidreolaíocha agus hiodrálacha atá sainiúil don láithreán a bheith i gceist agus na haschuir astu siúd a chomhcheangal le heolas sonrach ar arduithe an trealaimh chriticiúil ar an láithreán. Baineann sé seo freisin leis an leibhéal áitiúil agus príobháideach, áit a bhféadfadh pleanáil, rialú agus cumarsáid feabhsaithe [COIM] chun rioscaí a bhreithniú cuidiú le maolú i gcoinne thuile thoibreacha a d'fhéadfadh sáruithe ar cháilíocht an uisce a bheith mar thoradh orthu, go háirithe i gceantair ísle.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla 14 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh cabhrú le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugann sé le fios naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 14: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM; WRP, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM] • Straitéis Cosanta Foinse NFGWS (e) [ICM] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, AM] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM, AM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [ICM, MR] • Pleananna Náisiúnta Bainistíochta Riosca Tuilte [ICM] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Tionscadal EPA: Bearta Nádúrtha Coinneála Uisce (e) [ICM] • Riachtanais agus Caighdeáin Chomhshaoil maidir leis an Fhoraoisiú, an Leagadh & an Athfhoraoisiú, agus tacaíocht don Tógadh Coillearnaí (e) • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [LPALM] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [aspects of ICM, AM] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [gnéithe de ICM, AM] • RTPRA agus OOP: Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte (e) [ICM]	• Bia mara (RTBM) • Bithéagsúlacht (DAHG) • Cumarsáid (DCCAE) • Bainistíocht Riosca Tuilte (OOP) • Sláinte (RS) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.8 Ídiú uisce méadaithe san fhómhar/sa gheimhreadh i ndáil le toilleadh tuile, as a dtagann fadhbanna acmhainne san earrach/sa samhradh ina dhiaidh sin

Spreagadh aeráide: Ardfhrasaíocht	**Fo-earnáil/fo-earnálacha:** 
Tionchar: Ganntanas uisce	

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh báisteach ard a bheith mar thoradh ar ísliú d'uasleibhéal oibriúcháin na dtaiscumar chun stóráil a mhéadú d'uiscí tuile féideartha. Mar sin féin, má tharlaíonn báisteach íseal ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh ganntanais uisce a bheith mar thoradh air níos déanaí sa bhliain, nó sa bhliain dár gcionn.

Go stairiúil, laghdaigh oibritheoirí taiscumar leibhéil uisce taiscumar chun freastal ar uiscí tuile. Trí shreafaí breise a scaoileadh ó thaiscumair d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ann níos déanaí sa bhliain, nó sa bhliain dár gcionn (i.e. ganntanais uisce) i gcás go mbíonn báisteach íseal ina dhiaidh sin. Mar shampla, má bhíonn íostarraingt mhéadaithe san fhómhar/sa gheimhreadh le haghaidh acmhainn tuile, d'fhéadfadh fadhbanna acmhainní uisce a bheith mar thoradh air san earrach/sa samhradh ina dhiaidh. In 2009, b'éigean do Bhord Soláthair an Leictreachais (ESB), a fheidhmíonn taiscumair ar fud na hÉireann, uisce a scaoileadh ó thaiscumar Inis Cara, rud a bhí taobh thiar de leibhéil ísle uisce i rith an tsamhraidh sa bhliain chéanna. Chomh maith leis sin, i rith an tsamhraidh 2018, laghdaíodh insreafaí chuig abhantracha uachtaracha agus láir na Laoi sa mhéid gur thit leibhéil uisce taobh thiar de dhamba Inis Cara faoi bhun leibhéal an doirtbhealaigh agus bhí riachtanas ann an sreabhadh cúitimh a phumpáil thar an damba agus isteach sa Laoi Íochtarach.

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar infreastruchtúr na seirbhísí uisce tá:

- Slándáil an tsoláthair agus soláthair seirbhíse: D'fhéadfadh ganntanais uisce a bheith mar thoradh ar íostarraingt méadaithe taiscumar chun acmhainn tuile a mhéadú, rud a chuirfeadh isteach ar shlándáil an tsoláthair agus ar an soláthar seirbhíse. Dá bhrí sin, tá iarmhairtí an tionchair seo inchomparáide le hiarmhairtí na n-athruithe ar an éileamh a bhaineann leis an ‘aimsir te' agus leis an 'infhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce' mar gheall ar an deascadh íseal: má tá acmhainní uisce dromchla (i.e. aibhneacha, go príomha, ach d'fhéadfadh roinnt taiscumar stórála a áireamh leis) d’fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an méid a asbhaintear ó fhoinsí eile dála an screamhuisce (m.sh. uiscígh nár úsáideadh go dtí seo). D'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ag ganntanais soláthair agus ag bristeacha ar thithe príobháideacha agus ar an ngeilleagar. Tá sé dóchúil go mbeidh costais bhreise ag baint le roghanna ar thaobh an tsoláthair chun tionchair dá leithéid a mhaolú.
- Thairis sin, d’fhéadfadh méadú i mbáisteach agus méadú féideartha ar bhaol tuilte as a dtiocfadh íostarraingt mhéadaithe taiscumar chun acmhainn tuile a mhéadú a bheith ina dhúshlán méadaithe do bhainistíocht taiscumar agus do shábháilteacht dambaí. Is dócha go mbeidh costais shuntasacha ag baint le bearta oiriúnaithe iarmhair chun acmhainn tuile taiscumar a mhéadú.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Pleanáil acmhainní uisce [WRP] agus bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: Is féidir aghaidh a thabhairt ar ghanntanais fhéideartha uisce trí phleanáil acmhainní uisce bunaithe ar riosca ag breithniú ar éagsúlú sa soláthar agus ar bhearta éagsúla um bainistiú éilimh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ICM chun sruthanna abhann a bhainistiú an tionchar seo a mhaolú. Sa chás go bhfuil idirnascacht idir earnálacha éagsúla, mar shampla uisce agus fuinneamh, ba cheart comhordú a chinntiú i measc na bpáirtithe leasmhara go léir.
- Measúnuithe riosca tuilte agus cosaintí tuilte [FRAFD]: Tá sé tábhachtach go dtuigfí riosca tuilte a bhaineann go sonrach le taiscumair mar laghdaítear leibhéil oibriúcháin taiscumar mar fhreagairt ar uisce tuile réamh-mheasta. Dá bhrí sin, ba cheart measúnuithe riosca tuilte a bhaineann go sonrach leis an láithreán (lena n-áirítear athmheasúnú chun tionchair ag athrú aeráide a chur san áireamh) a dhéanamh. Is féidir athbhreithniú ar luachanna tuilte dearaidh agus ar luachanna Tuilte Uasta Dóchúla (PMF) a thacú tuilleadh trí mheasúnú reachta ar infreastruchtúr an taiscumair reatha (lena n-áirítear dambaí níos lú). Le torthaí an mheasúnaithe ar riosca tuilte ba chóir go gcuirfí bonn eolais faoi bhainistíocht sócmhainní/uasghrádú sócmhainní.
- Bainistíocht sócmhainní [AM]: D'fhéadfadh uasghrádú na sócmhainní chun an acmhainn stórála a mhéadú an tionchar sin a mhaolú tuilleadh. Maidir le haon bheart a bhaineann le sócmhainní, tá sé tábhachtach a thabhairt d'aire gur cheart bainistiú taiscumair agus sábháilteacht dambaí a bhreithniú i gcomhar le chéile.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla 15 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugtar le fios i Tábla 15 naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 15: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM, WRP] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [WRP]	• Fuinneamh (RCGAC) • Cumarsáid (DCCAE) • Bainistíocht Riosca Tuilte (OOP)	

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, AM, WRP] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM, AM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [ICM] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [AM] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [AM] • Reachtaíocht sábháilteachta dambaí (p) [AM]	• Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.9 Infhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce (foinsí uisce dromchla agus screamhuisce)

Spreagadh aeráide: Frasaíocht íseal	**Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Astarraingt Uisce Neamhchóireáilte; Líonraí Uisce agus Fuíolluisce; Cóireáil Uisce agus Fhuíolluisce; Stóráil Uisce
Tionchar: Infhaighteacht acmhainní uisce laghdaithe	

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh báisteach íseal, go háirithe i séasúir i ndiaidh a chéile, le méaduithe comhfhreagracha imghalaithe ar fud na bliana laghdú a dhéanamh ar shruth na habhann, ar chumas athlíonta taiscumar agus ar athlíonadh screamhuisce.

D'fhéadfadh ganntanais soláthair a bheith mar thoradh ar bháisteach íseal - Astarraingíonn Uisce Éireann uisce neamhchóireáilte ó bhreis is 1,200 foinse uisce

aonair, lena n-áirítear lochanna, aibhneacha, srutháin, foinsí nádúrtha uisce agus uiscígh screamhuisce. Tá na foinsí seo go léir ag brath ar go leor báistí le hathlíonadh [51]. Tá an chuid is mó de na foinsí uisce dromchla ag rith chun srutha gan abhainn agus d'fhéadfadh go mbeadh tréimhsí tirim sách gairid orthu.

I Samhradh na bliana 2018, chuir aimsir fhada the agus thirim brú suntasach ar acmhainní uisce ar fud na hÉireann. Bhí dhá phríomhthionchar ag na coinníollacha triomaigh ar sholáthairtí uisce. Ar an gcéad dul síos, laghdaíodh acmhainní uisce, rud a laghdaigh an t-uisce a bhí ar fáil le haghaidh astarraingthe. Ar an dara dul síos, méadaíodh leibhéil éilimh i mórán earnálacha, agus níos mó uisce á úsáid ag custaiméirí ná mar ba ghnách. As 790 ionad cóireála uisce a chomhdhéanann an soláthar uisce poiblí, trí úsáid a bhaint as an innéacs SPI (innéacs triomaigh, a dhéanann measúnú ar an mbáisteach reatha i gcoibhneas leis an taifead stairiúil), bhí 87% de na soláthairtí i gceantair ina raibh coinníollacha triomaigh nó coinníollacha troma triomaigh [32].

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar infreastruchtúr na seirbhísí uisce tá:

- Rioscaí comhshaoil: Mura ndéantar monatóireacht leordhóthanach ar acmhainní nua, agus mura dtuigtear iad, d'fhéadfadh go mbeadh baol ró-astarraingthe ann. Ina theannta sin, i gcás go meastar go bhfuil soláthairtí poiblí neamhiontaofa, d'fhéadfadh sé seo druileáil toibreacha a spreagadh chun seirbhísí uisce poiblí a athsholáthar nó a fhorlíonadh. D'fhéadfadh sé seo rioscaí a chruthú mar ní rialaítear druileáil toibreacha lasmuigh den earnáil phoiblí. Faoi láthair, níl aon ceanglais/rialacháin reachtúla ann maidir le tobar a dhruileáil (cé go mbeadh oibreacha forbartha faoi réir na gceanglas mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus sna rialacháin ghaolmhara), cé go bhfuil tairseach 25m3 sa lá ann ó mhí na Samhna 2018 le toibreacha a chlárú.
- Slándáil an tsoláthair: Is dócha go gcuirfidh báisteach níos ísle sa samhradh níos mó brú ar an líonra tarchuir agus dáilte uisce, agus ar an soláthar freisin. D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar shlándáil an tsoláthair agus ar an soláthar seirbhíse. D'fhéadfadh saincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair (i.e. infhaighteacht níos lú acmhainní fionnuisce) a bheith ina gcúis le hastarraingt ó fhoinsí nua/malartacha (m.sh. uiscígh nár úsáideadh roimhe seo). Mar shampla, i gcás Bhaile Átha Cliath agus Lár na Tíre, bhain Uisce Éireann de thátal as nach bhfuil an acmhainn ná an athléimneacht ag na foinsí soláthair uisce atá ann cheana féin chun riachtanais thithe agus ghnólachtaí a chomhlíonadh sa todhchaí [33].
- Soláthar seirbhíse: Mar thoradh ar bhristeacha soláthair, d'fhéadfadh tionchair mhéadaitheacha a bheith ar thithe príobháideacha agus ar an ngeilleagar. Tá sé dóchúil go mbeidh costais bhreise ag baint le roghanna ar thaobh an tsoláthair chun tionchair dá leithéid a mhaolú.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Pleanáil acmhainní uisce [WRP] agus pleanáil oibriúcháin triomaigh [ODP]: Is príomhriosca é infhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce d'aon soláthróir seirbhísí uisce (lena n-áirítear grúpscéimeanna agus soláthairtí príobháideacha uisce), agus tionchar féideartha soiléir ann ar leibhéil seirbhíse. Is féidir aghaidh a thabhairt ar an riosca seo trí phleanáil acmhainní uisce fhadtéarmacha (m.sh. an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (NWRP)[18] atá faoi láthair ag an dréachtchéim agus Pleananna Bainistíochta Abhantraí), agus trí phleanáil oibríochta (triomach), a thugann aghaidh ar mheasúnú agus bainistiú riosca níos láithrí. Bainfear an leas is fearr astu siúd trí chomhoibriú il-earnála a áirithiú idir earnálacha a bhíonn ag brath ar acmhainní uisce agus béim a leagan ar an nascacht idir scéimeanna acmhainní uisce (rud a dtugtar aghaidh air sa NWRP). Mar chuid de seo, d'fhéadfadh orduithe um chaomhnú uisce a eisiúint, foirne breise aimsithe agus deisithe sceite a úsáid, bainistiú brú feabhsaithe a chur i bhfeidhm, tancaeir uisce a úsáid agus cumarsáid a dhéanamh (meán) chun caomhnú uisce a spreagadh. Ag leibhéal fóntais is féidir an chothromaíocht soláthair-éilimh a fheabhsú trí fhoinsí breise a thabhairt isteach sa soláthar nó trí fhoinsí atá ann cheana féin a chaomhnú agus/nó éileamh a rialú.
- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: Is féidir torthaí a fheabhsú a thuilleadh nuair a bhíonn aon rogha a thugtar ar aghaidh ina chuid de chur chuige comhtháite bainistíochta dobharcheantair (atá ag teacht le forálacha an CTU agus an RBMP). Bunaithe ar thuiscint mhaith ar dhobharcheantair agus ar mhéid na n-astarraingtí faoi seach maidir le tréithe na ndobharcheantar, ba cheart go n-áireofaí leis seo obair le soláthróirí áitiúla (i.e. grúpscéimeanna uisce agus soláthairtí príobháideacha) agus úsáideoirí i ngach earnáil. Ligtear leis seo breithniú ar na tionchair níos indírí a bhaineann le hinfhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce ar thalmhaíocht, ar fhuinneamh nó ar thionscal. Is féidir tacú tuilleadh leis an mbonn fianaise riachtanach trí mhapáil astarraingthe, mapáil athlíonta screamhuisce agus gníomhaíochtaí múnlaithe screamhuisce/uisce dromchla. I gcás ina bhfuil idirnascacht idir seirbhísí uisce agus seirbhísí fuinnimh, ba cheart comhordú a dhéanamh le BSL.

Príomhthiománaithe:

[18] Mar chuid den Phlean Acmhainní Uisce Náisiúnta, tá anailís chothromaíochta soláthair éilimh iomlán do gach soláthar uisce aonair á fhorbairt ag Uisce Éireann, chun measúnú a dhéanamh ar an gcumas freastal ar riachtanais todhchaí na dtithe agus na ngnólachtaí ar bhealach inbhuanaithe agus athléimneach.

Léirítear i dTábla 16 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugtar le fios i Tábla 16 naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 16: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM; WRP, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM; WRP] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, WRP] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM, AM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [ICM, WRP] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [WRP] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [WRP] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [WRP] • Ceadúnú astarraingthe (p) [WRP] • Scála Bainistíochta Srianadh Uisce Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (ODP)	• Talmhaíocht (RTBM) • Foraoiseacht (RTBM) • Bia mara (RTBM) • Bithéagsúlacht (DAHG) • Fuinneamh (RCGAC) • Cumarsáid (DCCAE) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	
•	•	•
•	•	•
•	•	•
•	•	•

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.10 Tuilte sócmhainní uisce/fuíolluisce níos minice, caillteanas sócmhainní níos minice agus an poitéinseal do thruailliú comhshaoil níos minice

Spreagadh aeráide: Méadú ar an anfacht	**Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Astarraingt Uisce Neamhchóireáilte; Astarraingt Uisce Neamhchóireáilte; Cóireáil Uisce agus Fhuíolluisce; Stóráil Uisce
Tionchar: Tuile agus damáiste sócmhainní	

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh stoirmeacha méadaithe minicíocht na dtuilte a mhéadú (lena n-áirítear tuile bháistiúil/abhann/maidhm thuile agus tuile chósta), mar aon le gaotha láidre agus damáiste ar shócmhainní uisce/fuíolluisce uisce a bhaineann le gluaiseacht talún/mhaise. Áirítear leis seo:

- Tuile astarraingthe shócmhainní uisce, stórála, chóireála agus líonra (lena n-áirítear sócmhainní príobháideacha).
- Tuilte ar líonra fuíolluisce agus sócmhainní cóireála. Mar thoradh ar thuile shócmhainní fuíolluisce, d'fhéadfadh forsceitheadh neamhrialaithe isteach sa chomhshaol a bheith ann mar gheall ar stáisiúin chaidéalaithe atá ag loiceadh agus formhuirearú i líonraí fuíolluisce agus in ionaid chóireála. D'fhéadfadh truailleáin a chur isteach in uisce dromchla agus trí screamhuisce isteach in uiscígh, rud a éillíonn acmhainní uisce. Ina theannta sin, d'fhéadfadh cur isteach salanda ar an líonra fuíolluisce ó insíothlú screamhuisce salanda nó tuilte cósta tionchar a imirt ar phróisis cóireála fuíolluisce.
- Damáiste ar shócmhainní astarraingthe uisce, stórála, cóireála agus líonra mar gheall ar ghaotha agus gálaí arda (áirítear leis seo damáiste díreach ag gaotha arda, smionagar san aer agus crainn ag titim).
- Damáiste ar shócmhainní astarraingthe uisce, stórála, cóireála agus líonra mar gheall ar ghluaiseachtaí talún/maise (áirítear leis seo aon chineál turnaimh mar gheall ar stoirm agus mór-ghluaiseachtaí ithreach agus/nó smionagar carraige síos fánaí).

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:



Iarmhairtí iarmhartacha:

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar infreastruchtúr na seirbhísí uisce tá:

- Damáiste/caillteanas sócmhainní agus rioscaí comhshaoil: D'fhéadfadh gaotha arda agus tuilte méadaithe an-damáiste a dhéanamh don infreastruchtúr uisce agus fuíolluisce (d'fhéadfadh caillteanas sócmhainní a bheith mar thoradh air) as a dtiocfadh éilliú do dhobharlaigh agus don chomhshaol.
- Baoil don tsláinte phoiblí: Sa chás go mbíonn tionchar ag tuilte ar acmhainní uisce óil (m.sh. taiscumair), d'fhéadfadh iarmhairtí díreacha sláinte poiblí a bheith i gceist freisin. Mar shampla, mar gheall ar thruailleáin a thugtar isteach i dtaiscumair.
- Soláthar seirbhíse agus leanúnachas gnó: Sa chás go ndéanfaí dochar do shócmhainní, nó go gcaillfear iad, féadfar gur briseadh ar leanúnachas gnó agus ar sholáthar seirbhíse a bheadh i gceist. Tá tionchair a bhaineann le leanúnachas gnó (m.sh. briseadh ar an líonra leictreachais a bhfuil tionchar aige ar phróisis chaidéala agus chóireála) clúdaithe sa slabhra tionchair ar leanúnachas gnó. D'fhéadfadh tuilte méadaithe trinsí seirbhíse bac a chur ar an gcumas sceitheadh a dheisiú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh insíothlú méadaithe chuig an líonra fuíolluisce mar gheall ar thuilte riachtanais chaidéala fuíolluisce, tomhaltas fuinnimh agus astuithe carbóin bainteacha a mhéadú. Thairis sin, is féidir le sruthanna níos caolaithe éifeachtúlacht cóireála a laghdú toisc go bhféadfadh go mbeadh gá le traenacha cóireála breise

chun na hualaí céanna a chóireáil. Mura ndírítear orthu go cuí is dócha go mbeidh impleachtaí suntasacha airgeadais ag baol tuilte mar gheall ar Chaiteachas Oibriúcháin méadaithe agus Caiteachas Caipitil; mar shampla, le haghaidh bonneagar breise um forsceitheadh stoirme.

- D'fhéadfadh méadú ar riosca tuilte agus ar ghaoth ard a bheith ina ábhar imní do ghrúpscéimeanna uisce, do sholáthairtí príobháideacha (cuid acu a raibh tuilte acu cheana féin) agus bainistíocht fuíolluisce tí. D'fhéadfadh tuile a bheith ina cúis le truailleáin ó fhoinsí éagsúla (lena n-áirítear áiseanna fuíolluisce tí) a bheith lasta isteach i dtoibreacha beaga príobháideacha. Meastar go n-úsáidtear níos mó ná 100,000 tollpholl príobháideacha, toibreacha tochailte agus foinsí nádúrtha uisce [34].

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Bainistíocht chomhtháite dhobharcheantair [ICM]: Is próiseas nádúrtha é tuile, a bhraitheann ar fhachtóirí éagsúla, lena n-áirítear cuid acu de bhunadh antrapaigineach (m.sh. athruithe ar úsáid talún mar an uirbiú agus an dífhoraoisiú). Cé nach mbainfear an riosca tuilte choíche, is féidir é a bhainistiú chun riosca do shaol an duine agus don infreastruchtúr a laghdú. Áirítear leis seo cuir chuige chomhtháite bhainistíochta dhobharcheantair amhail cleachtais inbhuanaithe bhainistíochta talún agus réitigh bunaithe ar an dúlra. Is féidir buntáistí ilgnéithe a bheith i gceist le réitigh bunaithe ar an dúlra, amhail (NWRM), níos fairsing ná an t-oiriúnú don athrú aeráide. Mar shampla, is féidir leo cáilíocht uisce, bithéagsúlacht, bainistíocht dríodair agus ithreach a fheabhsú, agus uaireanta is féidir leo leas taitneamhachta a sholáthar.
- Measúnuithe riosca tuile agus cosaintí tuile: Ag leibhéal beartais, is meicníocht chuí iad measúnuithe riosca tuilte agus pleananna bainistíochta riosca tuilte (Pleananna Tuilte) chun dul i ngleic le riosca tuilte. Sainaithníonn na pleananna seo an riosca aitheanta ó thuile sna pobail is mó atá i mbaol agus leagtar amach iontu cuspóirí comhaontaithe an Rialtais chun díriú ar ghníomh indéanta agus acmhainní agus iad a chur chun cinn. Mar gheall ar nádúr na dtuilte (i.e. próiseas nádúrtha atá íogair do réimse fachtóirí, lena n-áirítear úsáid talún atá ag athrú), tá pleanáil úsáide talún ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar riosca tuile atá ag méadú. Ina leith sin, tá ról tábhachtach ag an RTPRA agus ag údaráis áitiúla cheana féin trína gcuid feidhmeanna pleanála. Dá bhrí sin, mar a bhí molta sa tuarascáil le déanaí ón gComhchoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, "Climate Change: A Cross-Party Consensus for Action", "ba cheart aghaidh a thabhairt ar chúinsí athraithe aeráide i ngach plean, beartas agus gníomhaíocht de chuid an údaráis áitiúil, lena n-áirítear

trína SPCanna agus SPC tiomnaithe nua Athraithe Aeráide don gníomhú ar son na haeráide. Ba chóir go mbeadh siopa ilfhreastail nó struchtúr oiriúnach eile ag gach údarás áitiúil chun an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil.”

- Clár monatóireachta agus taighde [MR]: Tá ról lárnach ag cláir mhonatóireachta agus thaighde maidir le riosca a bhaineann le stoirmeacha (lena n-áirítear tuile, gaotha láidre tintreach agus clocha sneachta) a thuiscint agus an acmhainn oiriúnaitheach a fheabhsú - mar shampla, bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise, d'fhéadfaí an acmhainn a fheabhsú tuilleadh trí thacú le naisc níos láidre idir riosca tuilte, pleanáil foinse criosanna cosanta agus Pleananna Sábháilteachta Uisce Óil agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin dearaidh i dtaca le gaotha arda. Ba chóir go ndéanfadh gníomhaíochtaí taighde comhordú le tionscadail taighde náisiúnta leanúnacha, tacaíocht agus foghlaim uathu, lena n-áirítear staidéir ar an Measúnú Riosca Náisiúnta ar Thionchair an Athraithe Aeráide (C-RIOSCA) agus Leochaileacht Infrastruchtúir Chriticiúil don Athrú Aeráide (CIViC).
- Bainistíocht sócmhainní [AM] agus uasghrádú sócmhainní [AU]: Is féidir an acmhainn oiriúnaitheach a fheabhsú trí scagadh a dhéanamh ar an mbonn sócmhainní chun sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith 'i mbaol' ó stoirmeacha a aithint agus a uasghrádú, ag baint úsáide as taifid stairiúla agus trí staidéir mhionsonraithe shonracha a bhaineann le stoirmeacha a dhéanamh (lena n-áirítear tuile, gaotha láidre tintreach agus clocha sneachta) chun criticiúlacht, leochaileacht agus riosca a chinneadh. Mar chuid de seo, d’fhéadfadh forbairt de shamhlacha hidreolaíocha agus hiodrálacha atá sainiúil don láithreán a bheith i gceist agus na haschuir astu siúd a chomhcheangal le heolas sonrach ar arduithe an trealaimh chriticiúil ar an láithreán. Baineann sé seo freisin leis an leibhéal áitiúil agus príobháideach, áit a bhféadfadh pleanáil, rialú agus cumarsáid feabhsaithe [COIM] chun rioscaí a bhreithniú cuidiú le maolú i gcoinne thuile thoibreacha a d'fhéadfadh sáruithe ar cháilíocht an uisce a bheith mar thoradh orthu, go háirithe i gceantair ísle.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla 17 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh cabhrú le cur i bhfeidhm a éascú. Anuas air sin, tugann sé le fios naisc an tionchair seo le SAPanna eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 17: Príomhthiománaithe reatha

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Treoracha AE (m.sh. Creat-Treoir Uisce, Treoir Tuilte) (e) [ICM; WRP, MR] • Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce (p) [ICM] • Straitéis Cosanta Foinse NFGWS (e) [ICM] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [ICM, WRP] • Córas Dearbhaithe Cáilíochta NFGWS (HACCP) (e) [MR, ICM, AM] • Plean um Bainistiú Abhantraí (e) [ICM, MR] • Pleananna Náisiúnta Bainistíochta Riosca Tuilte (e) [ICM] • Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Dobharcheantair (e) [ICM] • Tionscadal EPA: Bearta Nádúrtha Coinneála Uisce (e) [ICM] • Riachtanais agus Caighdeáin Chomhshaoil maidir leis an Fhoraoisiú, an Leagadh & an Athfhoraoisiú, agus tacaíocht don Tógadh Coillearnaí (e) [ICM] • Clár Uisce Tuaithe RTPRA (e) [WRP] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [aspects of ICM, AM] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [gnéithe de ICM, AM] • OOP: Staidéar Straitéise um Chosaint Chósta na hÉireann (e) [ICM] • RCORÁ agus OOP: Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte (e) [ICM]	• Bia mara (RTBM) • Bithéagsúlacht (DAHG) • Cumarsáid (DCCAE) • Bainistíocht Riosca Tuilte (OOP) • Sláinte (RS) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin idir lúibíní cearnacha le bearta inoiriúnaitheacha a ndéantar cur síos orthu thuas.

3.11 Tionchair/bristeacha leanúnachais ghnó

Spreagadh aeráide: Méadú ar anfacht/ Teochtaí arda / Ardfhrasaíocht	Fo-earnáil/fo-earnálacha:
	Astarraingt Uisce Neamhchóireáilte Líonraí Uisce agus Fuíolluisce Cóireáil Uisce agus Fhuíolluisce Stóráil Uisce
Tionchar: Cur isteach ar leanúnachas gnó	

Cur síos ar an tionchar:

D'fhéadfadh stoirmeacha méadaithe, báisteach ard agus teochtaí arda tionchar a imirt ar leanúnachas gnó[19]. D'fhéadfadh stoirmeacha méadaithe (lena n-áirítear gaotha láidre, tintreach, clocha sneachta), báisteach ard agus teochtaí arda a bheith ina gcúiseanna leis na nithe seo a leanas:

- cailliúint/cailliúint i bpáirt de láithreán amháin nó de níos mó láithreán ná sin
- cailleadh cumhachta
- loiceadh córas agus seirbhísí TFC;
- srian ar iompar (tomhaltáin agus foireann);
- easpa foirne, nó diúltú rochtana ar shuíomhanna
- loiceadh mór-sholáthróra, chomhpháirtí nó sheirbhís fóntais eile (m.sh. líonra leictreachais, seirbhísí ar líne).

Spreagadh aeráide réamh-mheasta:

[19] De réir an chaighdeáin idirnáisiúnta do chórais bhainistíochta leanúnachais gnó (ISO 22301), sainmhínítear leanúnachas gnó mar 'cumas na heagraíochta leanúint ar aghaidh ag seachadadh táirgí nó seirbhísí ag leibhéil réamhshainithe inghlactha tar éis teagmhas suaiteach.'



Tionchair iarmhartacha

I measc na bpríomhiarmhairtí a bhaineann leis an tionchar seo ar infreastruchtúr na seirbhísí uisce tá:

- Soláthar seirbhíse agus leanúnachas gnó: Táthar ag súil go mbeidh tionchair ar leanúnachas gnó níos measa mar gheall ar stoirmeacha níos déine. Is dócha go mbeidh bristeacha ar sholáthar seirbhíse mar thoradh air seo de thairbhe damáiste/caillte sócmhainní, bristeacha cumhachta, coinníollacha oibre neamhshábháilte agus bristeacha ar an slabhra soláthair. Lena áirithiú go bhfuil freagairtí ailínithe, ba chóir go mbeadh pleanáil éigeandála agus pleanáil theagmhasach ina phróiseas comhoibritheach. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh

ar aon phleananna éigeandála atá ann agus iad a nuashonrú más gá lena chinntiú go n-aithníonn siad na rioscaí a bhaineann le hathrú aeráide agus le himeachtaí aimsire níos déine. D'fhéadfadh caiteachas Caiteachais Oibriúcháin agus Caiteachas Caipitil méadaithe a bheith mar thoradh air seo freisin - mar shampla, ceannach gineadóirí cúltaca agus / nó soláthairtí cumhachta malartacha a sholáthar. Mura ndéileáiltear go cuí le tionchair leanúnachais ghnó, d'fhéadfadh tionchar iarmhartach suntasach a bheith ar an tsochaí, ar shócmhainní, ar an ngeilleagar agus ar an gcomhshaol.

Príomhbhearta oiriúnaitheacha:

Is iad seo a leanas na príomhbhearta oiriúnaitheacha a d'fhéadfaí a mheas chun na rioscaí a bhaineann leis an tionchar seo a laghdú:

- Pleanáil leanúnachais ghnó [BCP]: Chun dul i ngleic le tionchair/bristeacha féideartha leanúnachais ghnó, d'fhéadfadh cur chuige bunaithe ar riosca athléimneacht an ghnólachta a fheabhsú agus feabhas a chur ar an gcumas leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí gnó criticiúla ama. Cuireann creat éifeachtach leanúnachais gnó ar chumas soláthróra seirbhíse na feidhmeanna riachtanacha a choinneáil nuair a bhíonn briseadh ar an ngnó. Ba cheart do chreat den sórt sin aghaidh a thabhairt ar an tsraith iomlán bristeacha féideartha (m.sh. cailleadh láithreán, diúltú rochtana ar láithreáin, gearrtha cumhachta, agus saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra soláthair etc.). Ba chóir a thabhairt d'aire go dtugtar aghaidh freisin ar roinnt gnéithe a bhaineann le bainistíocht leanúnachais ghnó leis na Pleananna Freagartha Teagmhais Uisce Óil, a bhfuil ceanglas ar Údaráis Seirbhíse Uisce a dhréachtú.
- Feabhsúcháin oibriúcháin agus cothabhála [OM] agus bainistíocht sócmhainní [AM]: Is féidir le feabhsuithe oibriúcháin agus cothabhála agus uasghrádú sócmhainní lena n-áirítear bearta teagmhasacha le haghaidh bristeacha cumhachta feabhas a chur ar athléimneacht fóntais i leith tionchair leanúnachais ghnó.
- Cumarsáid [COM]: I gcás tionchar/bristeacha leanúnachais ghnó, tá cumarsáid leis an bpobal (custaiméirí leochaileacha a bhreithniú) riachtanach. I gcás grúpscéimeanna uisce is féidir le fógraí comhairle tacaíocht a thabhairt maidir le conas déileáil le teagmhais áirithe.

Príomhthiománaithe:

Léirítear i dTábla 18 achoimre ar na príomhthiománaithe (atá ann cheana féin agus atá beartaithe) a bhaineann leis na bearta seo agus a d'fhéadfadh cabhrú le cur i bhfeidhm a éascú. Léirítear i Tábla 18 freisin naisc an tionchair seo le Pleananna Oiriúnaithe Earnála eile agus le Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil, agus le SDGanna na Náisiún Aontaithe.

Tábla 18: Infreastruchtúr seirbhísí uisce: Tionchair/bristeacha leanúnachais ghnó

Príomhthiománaithe reatha do bhearta oiriúnaitheacha *	Naisc thras-earnála	SDGanna NA gaolmhara
• Creat leanúnachais ghnó Uisce Éireann (p) [BCP] • Plean Gnó Uisce Éireann (e) [OM, AM] • Plean Straitéiseach NFGWS 2019-2014 (e) [OM, AM] • Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann (e) [OM, AM]	• Iompar (DTTAS) • Fuinneamh (RCGAC) • Cumarsáid (DCCAE) • Bainistíocht Riosca Tuilte (OOP) • Sláinte (RS) • Straitéisí Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil	

* Nóta: (p) tiománaithe pleanáilte, (e) tiománaithe reatha. Baineann na giorrúcháin i lúibíní leis na bearta ar cuireadh síos orthu thuas.

4 Plean An forfheidhmiú agus an mhaoirseacht

Is é an chéim dheireanach den phleanáil oiriúnaithe (Céim 6) i ndiaidh an mheasúnaithe seo ná cur i bhfeidhm, monatóireacht agus meastóireacht. Cinnteoidh sé seo go gcuireann an plean bonn eolais faoi dhearadh, foinsiú agus athbhreithniú ar bheartais agus ar bhearta; agus go soláthraíonn sé treoir straitéiseach ar fud na n-earnálacha infreastruchtúr cáilíochta uisce agus seirbhísí uisce. Mar gheall ar an bpróiseas timthriallach a shainmhínítear faoin NAF, tá sé riachtanach go mbreathnaítear ar an bPlean Oiriúnaithe seo mar dhoiciméad 'beo' agus go ndéantar meastóireacht agus athbhreithniú rialta air mar gheall ar choinníollacha athraitheacha eolaíochta agus socheacnamaíocha agus chun rianú agus athbhreithniú a cheadú ar thosaíochtaí earnála de réir mar a dhéantar pleanáil agus iarrachtaí oiriúnaithe agus maolaithe.

4.1 Pleanáil le haghaidh gnímh

Chun na príomhghnéithe trasghearrtha idir na hearnálacha infreastruchtúir cáilíochta uisce agus seirbhísí uisce a léiriú, leagtar amach i dTábla 19 forbhreathnú ar na hiarmhairtí earnála a bhaineann leis na slabhraí tionchair faoi seach agus leagtar amach i dTábla 20 na bearta oiriúnaitheacha a bhaineann leis na slabhraí tionchair tosaíochta faoi seach. Leis an achoimre seo is féidir le heagraíochtaí agus le geallsealbhóirí ar fud na n-earnálacha infreastruchtúr cáilíochta uisce agus seirbhísí uisce príomhghníomhartha earnála a shainaithint.

- Trí na hiarmhairtí earnálacha seo agus na bearta oiriúnaitheacha a bhreithniú i bpleanáil sa todhchaí, is féidir an riosca iarmharach a bhaineann le gach tionchar a íoslaghdú agus éascóidh sé forbairt spriocanna agus cuspóirí a cheadóidh cur i

bhfeidhm agus measúnú leanúnach ar iarrachtaí oiriúnaithe. Ba cheart go mbreithneofaí tuilleadh éascaíocht cur chun feidhme, costas cur chun feidhme, éifeachtúlacht gnímh, amlíne na dtorthaí, páirtithe leasmhara le bheith rannpháirteach agus na gníomhartha gaolmhara lena gcur i bhfeidhm.

Ní mór machnamh a dhéanamh ar roinnt fachtóirí tábhachtacha le linn chur i bhfeidhm an Phlean Oiriúnaithe seo:

- Mar a luadh sa Réamhrá (Caibidil 1) agus sa NAF [2] caithfear comhthéacs an bheartais shóisialta agus eacnamaíoch a chur san áireamh agus iarmhairtí athraithe aeráide agus gníomhartha oiriúnaithe á mbreithniú.
- Caithfear an idirspleáchais idir na hearnálacha éagsúla agus a bpleananna oiriúnaithe (mar a léirítear i gCaibidil 3) a chur san áireamh le linn an phróisis phleanála, agus ní mór do gach plean rannpháirtíocht ghníomhach a chinntiú le hearnálacha gaolmhara eile, agus
- Ní mór na hidirghníomhaíochtaí idir earnálacha an chaighdeáin uisce agus an bhonneagair seirbhísí uisce a bhreithniú agus gníomhartha sonracha á gcur i bhfeidhm. Mar shampla, níor cheart go ndéanfadh aon bheart a cuireadh i bhfeidhm chun oiriúnú a sholáthar do ghné de bhonneagar seirbhísí uisce tionchar diúltach ar cháilíocht an uisce, agus a mhalairt. Ba chóir breathnú ar na hearnálacha i rith an phróisis mar dhá ghné d'earnáil uisce uileghabhálach amháin.

- I gcomhréir leis na príomhfhachtóirí seo, ba cheart don earnáil bearta oiriúnaitheacha a úsáid chun spriocanna agus cuspóirí a bhreithniú chun gníomhaíocht a chur chun cinn. Ba chóir go mbeadh teorainn ama leo seo, agus ba cheart go mbeadh a n-úinéireacht soiléir lena chinntiú go bhfuil an gníomh tráthúil agus go mbaintear amach na torthaí sainithe.

Tábla 19: Maitrís iarmhairtí earnála d'earnálacha infreastruchtúir na cáilíochta uisce agus na seirbhísí uisce

	Slabhra tionchair / iarmhairtí earnála[20]	Sláinte Phoiblí	Comhshaol	Slándáil an tSoláthair	Damáiste/cailleadh sócmhainní	Soláthar seirbhíse	Leanúnachas gnó
Cáilíocht an uisce	Méadú ar thuilte dromchla agus séaraigh a mbeidh slógadh truailleán mar thoradh air	✓	✓			✓	
	Caolú laghdaithe éilleán	✓	✓			✓	
	Scaipeadh/méadú inmharthanachta pataiginí	✓	✓			✓	
	Athruithe i ndáileadh agus i bhfeineolaíocht speiceas		✓		✓	✓	
	Triomú tailte móna	✓	✓			✓	
Bonneagar seirbhíse uisce	Athruithe ar éileamh a bhaineann le haimsir the (m.sh. éileamh níos airde laethúil agus buaice)		✓	✓		✓	
	Tuilte sócmhainní uisce/fuíolluisce níos minice, caillteanas sócmhainní níos minice agus an poitéinseal do thruailliú comhshaoil níos minice (ard-fhrasaíocht)	✓	✓		✓	✓	✓
	Ídiú uisce méadaithe san fhómhar/sa gheimhreadh i ndáil le toilleadh tuile, as a dtagann fadhbanna acmhainne san earrach/sa samhradh ina dhiaidh sin			✓		✓	
	Infhaighteacht laghdaithe acmhainní uisce (foinsí uisce dromchla agus screamhuisce)		✓	✓		✓	
	Tuilte sócmhainní uisce/fuíolluisce níos minice, caillteanas sócmhainní níos minice agus an poitéinseal do thruailliú comhshaoil níos minice (anfacht ardaithe)	✓	✓		✓	✓	✓

[20] Sainmhínithe le fáil i gCaibidil 3

Slabhra tionchair / iarmhairtí earnála[20]	Sláinte Phoiblí	Comhshaol	Slándáil an tSoláthair	Damáiste/cailleadh sócmhainní	Soláthar seirbhíse	Leanúnachas gnó
Tionchair/bristeacha leanúnachais ghnó					✓	✓

Tábla 20: Maitrís acmhainne inoiriúnaithe d'earnálacha infreastruchtúir na cáilíochta uisce agus na seirbhísí uisce

		Beart inoiriúnaithe[21]												
Tonn teasa/triomach	Samhradh 2018	• Tá iomláin na báistí go léir faoi bhun an mheáin fhadtéarmaigh don séasúr. • Bhí báisteach faoi bhun an mheáin i ngach ceann de na trí mhí shamhraidh agus ba iad Meitheamh agus Iúil na míonna is tirime. • Bhí coinníollacha iomlána triomaigh i réim ó dheireadh mhí an Mheithimh go dtí lár mhí Iúil ag stáisiúin san Oirthear, i Lár Tíre, san Iarthar agus sa Deisceart, agus coinníollacha páirteacha triomaigh sa Deisceart ó thús mhí an Mheithimh go deireadh mhí Iúil. • Bhí na meánteochtaí séasúracha aeir ar fud na tíre os cionn a meán fadtéarmach. • Thuairiscigh go leor stáisiún tonnta teasa faoi dheireadh mhí an Mheithimh. Leanadh le tonnta teasa ar aghaidh go mí Iúil i roinnt áiteanna. • Taifeadadh teocht is airde an tséasúir ag Aerfort na Sionainne ag deireadh mhí an Mheithimh ag 32° C. • Seachas Ceann Mhálanna bhí solas na gréine os cionn an mheáin ag gach stáisiún i Meitheamh agus in Iúil.	• Éilimh arda ar uisce mar gheall ar aimsir the a bhí taobh thiar de leibhéil taiscumair laghdaithe. • 22 foinse screamhuisce le saincheisteanna éilimh nó soláthair ag barr na haimsire te agus bhí ar iomlán de 10 bhfoinse uisce forlíontach a aimsiú ó fhoinsí malartacha chun soláthairtí a choinneáil ar feadh tréimhsí. • Ordú Caomhnaithe Uisce (cosc ar phíobáin) ar fud na tíre (Iúil-Meán Fómhair i gceantair áirithe) agus iarradh ar an bpobal uisce a chaomhnú. • Mar gheall ar phíopaí pléasctha nach mbaineann leis an aimsir ag an am céanna le hacmhainní ídithe, bhí bristeacha sa soláthar uisce. • Teocht ard uisce/ídiú ocsaigine tuaslagtha as a dtagann anacair éisc. • Mar gheall ar leibhéil uisce laghdaithe i dtaiscumair, bhí taiscí mangainéise níos comhchruinnithe i gcodanna den líonra. Ní raibh riosca sláinte ann, ach cuireadh drochdhath ar an uisce dá bharr sin. • Sáruithe ar cháilíocht uisce pharaiméadrach agus ráig mhór fhéideartha uisce-iompartha.. • Mar thoradh ar shruthanna íseal aibhneacha, laghdaíodh cumas comhshamhlaithe na n-uiscí glactha agus tháinig brú níos mó ar chóireáil fuíolluisce. • Bacainní méadaithe i líonra bailithe fuíolluisce mar gheall ar cheirteacha etc. • Teochtaí bóthair arda, lena n-áirítear roinnt dromchlaí bóthair ag leá, agus dúnadh bóithre mar gheall air sin. • Tinte foraoise, bóithre dúnta mar gheall ar dheatach.

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Stoirm Emma	Márta 2018	• Tharla titim mhór ráthanna sneachta ar an 1, 2 agus 3 Márta. • An sneachta is measa san oirthear agus san oirdheisceart le carnadh suas le 69cm i sléibhte Chill Mhantáin. • Tharla sneachta go measartha forleathan ar an 18ú lá freisin.	• Teochtaí seaca as a dtagann príomhphíopaí uisce pléasctha. • Úsáidí uisce arda, a mheastar a bheith mar gheall ar sconnaí a bheith fágtha ag rith i dtithe agus ar fheirmeacha. • Mar gheall ar éileamh ard agus ar sceitheadh/pléascadh píopaí cuireadh brú ar ionaid chóireála uisce agus mar thoradh air sin laghdaíodh leibhéal taiscumar. • Saincheisteanna oibriúcháin ag ionaid chóireála, lena n-áirítear córais dhífhabhtaithe i mbaol. Eisíodh Fógraí Uisce Fiúchta mar réamhchúram. • Éilliú uisce neamhchóireáilte mar gheall ar phíopaí pléasctha (hidreacarbóin). • Saincheisteanna rochtana - ní raibh oibritheoirí in ann rochtain a fháil ar stáisiúin chaidéil, taiscumair, ionaid chóireála etc. i gceantair iargúlta go háirithe. • Bhí tionchar ag comhlaí sioctha ar phróisis chóireála agus bhí tionchar ag caidéil sioctha ar bhailiú agus ar dháileadh. • Mar gheall ar theochtaí ísle bhí fadhbanna dínítriúcháin in ionaid chóireála. • Mar gheall ar theochtaí ísle bhí fadhbanna dínítriúcháin in ionaid chóireála. • Deacrachtaí le ceimiceáin a stóráil taobh amuigh.

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Stoirm Ophelia	Deireadh Fómhair 2017	• Stoirm Ghaoithe - Tuairiscíodh gálaí agus gálaí láidre ag mórán stáisiún ar an 16 Deireadh Fómhair. • Tuairiscíodh gaotha stoirme tréana i gCorcaigh. • Ba iad na séideáin is airde ná 84 muirmhíle (155km san uair)(an taifead is airde ag an stáisiún seo) agus ba é an meánluas gaoithe is airde 10 nóiméad ná 62 muirmhíle.	• Damáiste gaoithe, lena n-áirítear díonta a séideadh as, crainn a leagadh síos, foirgnimh a ndearnadh damáiste dóibh. • Bhí gaotha arda taobh thiar de bhristeacha cumhachta fairsinge, rud a chuir isteach ar ionaid chóireála agus ar stáisiúin chaidéalaithe - bhí os cionn 100,000 custaiméir gan uisce. • Mar gheall ar choinníollacha aimsire, bhí moill le deisiúcháin de thairbhe coinníollacha oibre neamhshábháilte – ordaíodh oibritheoirí gan freastal ar an obair le linn stoirme. • Mar thoradh ar chlistí cumhachta, cailleadh cumas cóireála. • Roinnt Fógraí Uisce Fiúchta mar gheall ar rioscaí cóireála a bhaineann le clistí cumhachta a théann i bhfeidhm ar chórais díghalraithe. • Bristeacha cumhachta ag ionaid fuíolluisce agus ag stáisiúin chaidéalaithe agus mar thoradh air seo scaoileadh séarachas neamhchóireáilte nó cóireáilte i bpáirt chuig uiscí glactha. • Tuilte cósta i gceantair áirithe (Gaillimh, Luimneach).

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Báisteach throm	Lúnasa 2017	• Báisteach throm i nDún na nGall. • Thit breis is 70mm báistí i dtréimhse 9 n-uaire ar an 22 Lúnasa, agus is ionann sin agus 63% den mheánmhéid iomlán báistí do mhí Lúnasa.	• Rinneadh damáiste suntasach do bhóithre agus d'infreastruchtúr na ndroichead agus bhí tionchar díreach aige sin ar phíbobair uisce agus fhuíolluisce ghaolmhar. • 17 dteagmhas suntasacha líonra uisce a bhain le tionchar ar phíopaí de bharr damáiste ó thuilte ar bhóithre, ar dhroichid agus ar uiscebhealaí agus bhí tionchar ag tuile ar 6 ionad cóireála fuíolluisce. • Tuile ar roinnt ionad cóireála fuíolluisce. • Eisíodh fógra um thoirmeasc ar uisce folcadáin tar éis báistí iomarcaí, rud a fhágann go raibh imní ann faoi leibhéil arda baictéir in uisce folcadáin.
An Geimhreadh is tirime le 25 bliain anuas, agus earrach/samhradh tirim ina dhiaidh	Geimhreadh / Earrach / Samhradh 2017	• Báisteach ar fud na tíre níos lú ná an meán fadtéarmach Geimhridh, agus thuairiscigh formhór na stáisiún idir leath agus trí cheathrú dá ngnáthiomlán séasúrach báistí. • Bhí gach meánteocht séasúrach os cionn a meán fadtéarmach, agus níos mó ná leathchuid de na stáisiúin ag tuairisciú 1° C ar a laghad ná an ghnáth-theocht agus thuairiscigh cuid acu gurbh é sin an Geimhreadh is séimhe le 10 mbliana anuas.	• Leibhéil taiscumar laghdaithe. • Eisíodh roinnt Orduithe Caomhnaithe Uisce agus iarradh ar an bpobal uisce a chaomhnú.

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Stoirm Darwin	Feabhra 2014	• Ba iad 120km san uair agus 160km san uair faoi seach an luas uasta leanúnach gaoithe agus séide. • Bhí an chuid is mó de na gaotha troma i gcontaetha na Gaillimhe, an Chláir, Luimnigh, Chiarraí agus Chorcaí, ach bhí gaoth láidir ann timpeall ar chonair mhótarbhealaí N7 ó Luimneach go Baile Átha Cliath.	• Níos mó ná 100,000 duine gan uisce óil glan mar gheall ar bhristeacha cumhachta. • Rinneadh damáiste ar thart ar 8000 heicteár foraoise. • Damáiste suntasach ar thithíocht agus ar fhoirgnimh eile. • Chaill níos mó ná 215,000 teach cumhacht agus bhí tuilte troma feadh na gcóstaí agus rinneadh damáiste mór ar fhoirgnimh.
Geimhreadh 2013/ 2014	2013-14	• Tréimhse eisceachtúil de stoirmeacha Geimhridh – gaotha fórsa stoirme ar 12 lá éagsúla, báisteach 150% - 200% den mheán fadtéarmach a thit ar thalamh a bhí sáithithe/báite cheana féin.	• Bhí tionchar ollmhór ag stoirmeacha ar an ngréasán leictreachais náisiúnta - tharla an chuid is mó de na lochtanna de bharr na luasanna gaoithe an-ard ach ba fhachtóir suntasach é splancacha tintrí freisin agus cailleadh an soláthar dá bharr sin. • Damáiste agus tuilte troma forleathana sa dara leath de mhí na Nollag 2013 agus go lár mhí Feabhra 2014. • Tharla cur isteach suntasach ar an soláthar uisce mar gheall ar bhristeacha cumhachta - de ghnáth rith taiscumair tirim tar éis lá nach raibh athsholáthar ann. • Maidir leis seo, bhí an tionchar is mó ar oirdheisceart na tíre, agus ar chontae Chiarraí ach go háirithe. • Eisíodh Fógraí Uisce Fiúchta i roinnt limistéar mar gheall ar an imní go dtiocfadh screamhuisce isteach i líonraí píopaí dáilte uisce. • Bhí tionchar ag drochaimsir in 2012/13 ar cháilíocht an uisce.

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Báisteach throm	Samhradh 2012	• Báisteach throm	• Bhí tionchar ag drochaimsir in 2012/13 ar cháilíocht an uisce. • Galar suntasach uisce-iompartha i Lár na Tíre a bhaineann le toibreacha rialaithe agus “díolmhaithe”.
Báisteach throm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath	Deireadh Fómhair 2011	• Báisteach throm i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ba chúis le tuilte i roinnt ceantar an oirthir. • Báisteach 82.2 mm ag Aeradróm Mhic Easmainn (an bháisteach laethúil is mó i mí Dheireadh Fómhair ó cuireadh tús leis na taifid i 1954). • Báisteach uasta 9 n-uaire ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (68 mm) (dóchúlacht bhliantúil de 1 as 100).	• Tuilte i mórán áiteanna i mBaile Átha Cliath agus ar an gcósta thoir • Tuilte bóithre agus moilleanna tráchta fada. • Go leor tithe agus gnólachtaí faoi uisce. • Dhá bhás mar gheall ar theagmhas báistí. • Damáiste ar luach na milliún euro ar thithe, ar ghnólachtaí agus ar infreastruchtúr.
Tréimhse an-fhuar	Samhain/Nollaig 2010	• Bhí na teochtaí mhí na Samhna is ísle ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (-8.4° C) agus ag Aerodróm Mhic Easmainn -9.1° C) ó cuireadh tús leis na taifid. • Carnadh sneachta suntasach (20 – 27 cm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aeradróm Mhic Easmainn) agus na teochtaí is ísle i mí na Nollag ó cuireadh tús leis na taifid. • Coinníollacha sioctha ag dul isteach sa talamh.	• Poill bhreise sna bóithre agus píopaí uisce pléasctha. • Mar gheall ar aimsir chrua Gheimhridh, bhí cur isteach forleathan ar iompar, dúnadh scoileanna, bhí clistí cumhachta ann, cuireadh imeachtaí spóirt ar ceal agus fuair 25 daoine bás. • Sioc i bpáirt de mhór-aibhneacha, amhail an Bhearú

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Aimsir fhuar	Geimhreadh 2009/ 2010	• Iomlán de 70 go 80 sioc talaimh ag stáisiúin intíre. • Idir 20 agus 30 lá ina raibh sneachta i mórán áiteanna - carnadh beag sneachta ach amháin ar thalamh níos airde. • Líon iomlán laethanta báistí le linn tréimhse an Gheimhridh ná 44 go 62 lá (10% níos ísle ná an gnáthlíon)	• Píopaí uisce pléasctha ag cur isteach ar an soláthar uisce.
Báisteach Samhain 2009	Samhain 2009	• Tuilte troma i mórán áiteanna sa tír. • B'ionann na hiomláin bháistí do mhí na Samhna agus an líon ba mhó a bhí ar taifead i bhformhór na stáisiún. • Ba é iomlán Dhairbhre de 360 mm an méid is mó in aon mhí amháin ó cuireadh tús leis na breathnuithe i 1866. Breathnaíodh idir 17 agus 30 lá fliucha (gnáthraon 13 go 20).	• Tuile bháistiúil agus abhann. • Tuile an líonra bailithe fuíolluisce mar gheall ar shéaraigh chomhcheangailte agus roinnt sreabhadh comhcheangailte stoirme ón líonra. • Brú ar chaidéil mar gheall ar líon ard sreafa i líonraí. • Teastaíonn glantachán mór.
Báisteach throm/tuile	Lúnasa 1997	• Tuile fhorleathan san oirdheisceart agus sa deisceart – 200 mm báistí in áiteanna idir an 3 agus an 7 Lúnasa. • Sceith aibhneacha sa deisceart thar a mbruacha.	• Tugadh truailleáin isteach in uiscebhealaí, m.sh. ag Cathóir, Loch Garman. • Eotrófú Loch Léin i gCill Airne tar éis mórtheagmhas báistí le linn an tséasúir fáis. • Rinneadh an-damáiste do bharra mar gheall ar thuile ar thalamh feirme.

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Aimsir Shamhraidh	Samhradh 1995	• Meánteocht aeir níos mó ná dhá chéim os cionn na gnáth-theochta i bhformhór na n-áiteanna. • D'ardaigh an teocht go dtí os cionn 30°C ar roinnt laethanta. • An samhradh is tirime ar taifead ag Ceann Mhálanna, ag Aeradróm Mhic Easmainn agus ag Aerfort Chorcaí. • Ag Baile Átha Cliath (Páirc an Fhionnuisce) 65.2 mm báistí thar mhíonna an tsamhraidh – an méid is ísle ó bhí 1887 ann.	• Coinníollacha triomaigh agus eisiúint Orduithe Caomhnaithe Uisce dá bharr sin. • Sladanna ar éisc – 84 i gcomparáid le 32/33 sna dá bhliain roimhe. Cúig shlad ar éisc a cuireadh i leith coinníollacha triomaigh (uisce íseal, sruthanna ag triomú, ocsaigin íseal tuaslagtha). • Feirmeoirí prátaí atá ag fulaingt de bharr ganntanas uisce - deacrachtaí le barra a uisciú. • Uiscí carstacha atá i mbaol ar leith triomaigh.
Tréimhse thirim	1969-1977	• Breis agus 50% níos lú ná an meán báistí san oirthear/san oirdheisceart, Deireadh Fómhair 1974, Eanáir, Bealtaine, Meitheamh, Nollaig 1975, Aibreán, Meitheamh, Lúnasa 1976.	• Easnamh báistí agus iarmhairtí tromchúiseacha do bharra agus do sholáthar uisce maidir le húsáid thionsclaíoch agus bhaile. • Bhí an-éileamh ann i 1975/76 mar gheall ar easpa báistí. Mar thoradh ar an éileamh mór i 1975 bhí taiscumair agus uiscígh ídithe, agus Geimhreadh tirim ina dhiaidh sin, agus éileamh ard breise sa samhradh 1976. • Tugadh isteach srianta ar úsáid uisce sa dá Shamhradh.

Teagmhais Drochaimsire	Cur síos	Cur síos	Tionchair
Tréimhsí triomaigh	1765-1970	• Tréimhsí ina raibh a lán triomaigh aitheanta i gcatalóg thriomach 250 bliain [39]: • 1784-1786 • 1800-1809 • 1813-1815 • 1826-1827 • 1838-1839 • 1854-1860 • 1884-1896 • 1904-1912 • 1921-1923 • 1932-1935 • 1952-1954	• Léirítear sa chatalóg thriomaigh na tionchair seo a leanas sna tréimhsí triomaigh seo: • Taiscumair, lochanna, linnte, toibreacha agus sruthanna ag triomú. • Tionchair ar thalmhaíocht, lena n-áirítear loiceadh barra prátaí agus gránaigh, ganntanas féaraigh le tionchair ar bheostoc, torthaí bainne ísle. • Tharla gorta agus galar sna triomaigh is déine (m.sh. 1784-1786). • Ganntanais agus srianta uisce i gcathracha. • Córais séarachais blocáilte mar gheall ar easpa uisce, le hábhair imní i ndáil le sláinte phoiblí. • Tionchair ar an tionscal, m.sh. tionscail theicstíle agus phlúir, mar gheall ar easpa cumhachta uisce do mhuilte/mhonarchana. Lánchosc ar onnmhairí driogtha agus gráin. • Aschuir ísle hidrileictreachais. • Méid laghdaithe bradán, oisrí agus eascann mar gheall ar shreabhadh neamhleor thar choraí.

C. Modheolaíocht tosaíochta

C.1 Dóchúlacht

Bunaithe ar na hathruithe aeráide amach anseo a gabhadh sa Scagadh Tionchair [40], déantar an dóchúlacht cháilíochtúil tionchar a rátáil bunaithe ar scála aonfhoirmeach mar a léirítear i dTábla 1. Trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bailíodh agus as aicmiú dóchúlachtaí an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar Athrú Aeráide (IPCC) mar threoirlíne le haghaidh 'scálaí dóchúlachta' (arna achoimriú in [40] agus i [16]), sannadh rátálacha dóchúlachta foriomlána do na hathróga aeráide ionadaíocha ag baint úsáide as scála na dtréimhsí measta um fhilleadh tionchair. Is ionann na rátálacha seo agus raon iomlán dóchúlachtaí de ghuaiseacha aeráide ar fud an domhain agus go réigiúnach agus mar sin ba cheart breathnú orthu i gcomparáid leis seo.

Tá féidhmiú Tábla 1 don aicmiú de dhóchúlachtaí athróg athraitheacha aeráide léirithe i dTábla 24.

Tábla 24: Aicmiú na ndóchúlachtaí athróige aeráide atá ag athrú agus an scóráil ghaolmhar

Athróg aeráide	Ráiteas ardleibhéil ar an athrú réamh-mheasta go dtí 2050**	Rangú dóchúlachta cáilíochtúil IPCC [16] [16]	Rátáil dhóchúlachta fhoriomlán chomhfhreagrach bunaithe ar Thábla 1	Scór bainteach
Teocht	Teocht atá ag méadú a mbíonn níos mó tonnta teasa, níos mó triomaigh agus níos lú laethanta siocáin mar thoradh air **Nóta:** Ionchorpraítear an tionchar atá ag teocht atá ag méadú ar chórais ísealteochta laistigh den chatagóir thionchair 'ardteochta' seo	An-dóchúil – Beagnach cinnte	Beagnach cinnte	5
Frasaíocht	Athruithe ar leibhéil, déine agus dáileadh báistí (de ghnáth bíonn samhraí níos tirime mar thoradh air, go háirithe san oirthear, agus geimhrí níos fliche, go háirithe san iarthar)	Dóchúil – An-dóchúil	Dóchúil	4
Anfacht	Méadú ar dhéine na dteagmhas stoirme (lena n-áirítear an bháisteach throm, an ghaoth, clocha sneachta, an tintreach), ach ag minicíocht laghdaithe	Is dóichí ná a mhalairt	Féideartha*	3*
Ardú ar leibhéal na farraige	Ardú ainsealach, méadaitheach ar leibhéal na farraige agus leibhéil borrtha stoirme	Is dóichí ná a mhalairt – Beagnach cinnte	Dóchúil	4

Foinse: [38]

* I gcás leibhéal na stoirme - sannadh scóráil 'Féideartha - 3' mar gheall ar theorainneacha sonraí agus neamhchinnteacht maidir le déine méadaithe / minicíocht laghdaithe a chur i leith athrú aeráide ar bhonn bliantúil. In ainneoin na sonraí a

breathnaíodh, ní ghabhtar / ní réitítear na foircinn amhail stoirmeacha, gaoth nó athruithe ar a saintréithe le Múnlaí Aeráide Domhanda leis an gcinnteacht a bhaineann le teocht, báisteach ardú ar leibhéal na farraige.

**Tá na ráitis seo bunaithe ar an gconair Ard-ionadaíoch tiúchana go dtí 2050. Mar sin féin, go dtí 2050 leanann gach conair (íseal, meán agus ard) cosán comhchosúil agus mar sin tá na ráitis ardleibhéil agus na scóir dhóchúlachta bailí do gach conair agus, dá bhrí sin, ní bheadh tionchar acu ar an mBeartú Tosaíochta.

C.2 Méid

Mar a gabhadh sa Scagadh Tionchair [40], rinneadh méid féideartha na dtionchar aeráide sa todhchaí a rátáil bunaithe ar scála aonfhoirmeach (Tábla 25). Tugadh faoi rátálacha méid agus scóráil ghaolmhar bunaithe ar mheascán de bhreithiúnas saineolach agus athbhreithniú ar an bhfianaise agus ar an litríocht a bhí ar fáil maidir le méideanna eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta (Tábla 2Tábla 2). Is ionann na luachanna seo agus raon iomlán de mhéideanna guaiseacha aeráide sa Ríocht Aontaithe (le mionleasuithe d'Éirinn) agus mar sin ba chóir breathnú orthu i gcomparáid leis seo.

Tábla 25: Méid na rátálacha tionchair agus scórála

Cur síos ar an gCéim Mhéadaithe	Íseal	Íseal-Meán	Meán	Meán-Ard	Ard
Scóráil	1	2	3	4	5

Foinse: [38]

C.3 Riosca

Ríomhtar an riosca a bheidh ann amach anseo ar na hearnálacha infreastruchtúr cáilíochta uisce agus seirbhísí uisce bunaithe ar mheascán de dhóchúlacht agus méid na dtionchar ag baint úsáide as an maitrís riosca i dTábla 3, a chabhraíonn le catagóiriú a dhéanamh ar leibhéal an riosca mar neamhshuntasach, íseal, measartha, ard nó foircneach (Tábla 3, le sainmhínithe i dTábla 26).

Tábla 26: Sainmhínithe catagóire riosca

Scór	Rátáil riosca bhainteach	Iarmhairt ar an earnáil
1-5	Neamhshuntasach	Gan leochaileacht nó leochaileacht fhánach i leith riosca/rioscaí aeráide sonrach(a). Níl gníomh leasúcháin riachtanach.
6-10	Íseal	Leibhéal íseal leochaileachta i leith riosca/rioscaí aeráide sonrach(a). B'fhéidir go mbeadh gníomh leasúcháin nó oiriúnú riachtanach, ach ní tosaíocht é. Coinnigh treoir fhaire.
11-15	Measartha	Leibhéal measartha leochaileachta i leith riosca/rioscaí aeráide sonrach(a). D'fhéadfadh gníomhaíocht mhaolaithe nó oiriúnú feabhas a chur ar athléimneacht, cé go gcuirtear

Scór	Rátáil riosca bhainteach	Iarmhairt ar an earnáil
		leibhéal cuí athléimneachta ar fáil. Mura bhfuil sé mar thosaíocht, coinnigh treoir fhaire.
16-20	Ard	Leibhéal suntasach leochaileachta i leith riosca/rioscaí aeráide sonrach(a). Moltar gníomh maolaitheach nó oiriúnú.
21-25	Foircneach	Deargleibhéal leochaileachta i leith riosca/rioscaí aeráide sonrach(a). Moltar go láidir gníomh maolaitheach nó oiriúnú.

D. Slabhraí tionchair meántosaíochta

Sa Chéim Tosaíochta, sannadh slabhraí tionchair le scóir riosca de **≤12** mar thionchair mheasartha tosaíochta. I gcás gach ceann de na tionchair seo, aithníodh riosca measartha amach anseo agus mar sin sannadh treoracha faire do gach ceann chun bearnaí taighde, idirspleáchais agus bearta oiriúnaithe féideartha a ghabháil a d'fhéadfadh mionathrú a dhéanamh ar an scór tionchair agus riosca i leasuithe den Phlean Oiriúnaithe seo amach anseo. Soláthraítear fírinniú maidir leis an scór riosca a chuirtear i leith gach meántosaíocht sa Tuarascáil Tosaíochta [38] agus cuirtear na príomhthreoracha faire i láthair i dTábla 27 agus i dTábla 28 maidir le cáilíocht uisce agus infreastruchtúr seirbhísí uisce faoi seach.

Tábla 27: Meántosaíochtaí cáilíochta uisce

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Gluaiseacht talún ar sioc agus coscairt is cúis léi agus scoilteadh píopaí agus sceitheadh mar thoradh uirthi **Spreagadh aeráide:** teochtaí isle **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí / truailleáin thionsclaíocha agus atá ag teacht chun solais *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Mar gheall ar laghdú ar laethanta seaca táthar ag súil le feabhsúchán. • Tugtar deis leis seo le haghaidh tionchar laghdaithe agus cáilíocht uisce feabhsaithe go háitiúil. • Tá gaol soiléir leis an tionchar a thuairiscítear thíos, ag cothabháil sócmhainní agus ag oiriúnú an chaighdeáin dearaidh le haeráid atá ag athrú.
Tionchar: Bíonn gluaiseacht talún ann mar gheall ar thriomú agus leathnú teirmeach ar na píopaí mar thoradh ar aimsir the, as a dtagann scoilteadh píopaí agus sceitheadh **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí / truailleáin thionsclaíocha agus atá ag teacht chun solais *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• In ainneoin gur tionchar aitheanta ar theochtaí arda é seo, is léir ón bhfeabhas reatha agus leanúnach ar an ngréasán píopaí, agus óna dhearadh, gur chóir go mbeadh an méid amach anseo níos ísle. • Aithnítear go bhfuil éagsúlacht ar fud na tíre maidir le cáilíocht an líonra píopaí agus mar sin d'fhéadfadh limistéir áitiúla a bheith ann ina bhfuil gá leis an tionchar seo a bhreithniú.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Crapadh / scoilteanna ithreach a chruthaíonn bealaí iompair tapa **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Táthar ag súil nach dtarlóidh an tionchar seo ach go háitiúil, ag brath ar ithreacha • D'fhéadfaí an tionchar seo a dhéanamh níos measa mar gheall ar athruithe ar úsáid talún agus ar bhainistíocht talún. Mar sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar bhearta comhtháite bainistíochta dobharcheantair a bhaineann leis an RBMP agus le tionchair ghéar-thosaíochta a aithníodh sa mheasúnú seo. • D'fhéadfaí taighde breise a dhéanamh chun an riosca a bhaineann leis an tionchar seo a thuiscint go hiomlán.
Tionchar: Séasúir féaraigh agus bharraí leasaithe agus cineálacha barra athraitheacha as a dtagann athruithe ar fheidhmiú **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Aithnítear go raibh roinnt tionchar stairiúil (agus tionchair logánta, b'fhéidir) ann de bharr athruithe ar bhearradh agus ar innilt. • Mar gheall ar nádúr dinimiciúil na talmhaíochta ní féidir a rá go cinnte go mbeadh méid na n-athruithe sin níos airde ná seo sa todhchaí. • Meastar go bhfuil comhordú leis an bPlean Oiriúnaithe Earnála um an Talmhaíocht, an Fhoraoiseacht agus Bia Mara ríthábhachtach chun aon tionchair sa todhchaí ar cháilíocht an uisce a oiriúnú agus a mhaolú.
Tionchar: Athruithe i gcineál agus dáileadh lotnaidí as a dtagann athruithe ar fheidhmiú lotnaidicídí ag an bhfoinse **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda Fo-earnáil/fo-earnálacha: Lotnaidicídí *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Cé go bhfuil riosca soiléir ann go mbainfear an tionchar seo amach le haeráid atá ag athrú, is féidir gur riosca logánta é seo a d'fhéadfaí a mhaolú, mar shampla trí bhainistíocht chomhtháite dobharcheantair. • Ina theannta sin, b'fhéidir go mbeadh gné den fheabhas ann a bhaineann leis an tionchar seo, ag brath ar an gcineál lotnaide. • Meastar go bhfuil comhordú leis an bPlean Oiriúnaithe Earnála um an Talmhaíocht, an Fhoraoiseacht agus Bia Mara ríthábhachtach chun aon tionchair sa todhchaí ar cháilíocht an uisce a oiriúnú agus a mhaolú.
Tionchar: Sreabhadh méadaithe trí bhealaí nádúrtha (as a dtagann iompar méadaithe) **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí / truailleáin thionsclaíocha agus atá ag teacht chun solais *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Bunaithe ar an méid stairiúil, tá an riosca sa todhchaí measartha. • In iarthar na hÉireann, go háirithe in áiteanna ina mbíonn geolaíocht charstach chun tosaigh, d'fhéadfadh tionchair logánta níos suntasaí a bheith ann, go háirithe nuair nach dtuigtear conairí carstacha. Bheadh taighde agus mapáil leanúnach orthu siúd ina gcuidiú chun dobharlaigh agus gnáthóga spleácha ar leith atá i mbaol a aithint.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Slógadh ó dhromchlaí talún trí thuilte taoide / borradh stoirme Spreagadh aeráide: ardú i leibhéal na farraige **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Níltear ag súil go mbeidh an tionchar seo ina chúis le loiceadh forleathan ar cháilíocht an uisce nó le damáiste suntasach eacnamaíoch nó sóisialta, mar sin tá an riosca measartha. • Mholfaí pleanáil chuí úsáide talún (agus ardú ar leibhéal na farraige) chun rioscaí sa todhchaí a mhaolú.
Tionchar: Sruthanna truailleán chuig dobharlaigh **Spreagadh aeráide:** níos mó stoirmeacha **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Pataiginí / cothaithigh agus dríodar / lotnaidicídí / staid an chomhshaoil, truailleáin thionsclaíocha agus atá ag teacht chun solais *Méid:* 4 *Dóchúlacht:* 3 Riosca: 12	• Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh méid an tionchair seo sa todhchaí ard mar gheall ar nádúr dian na stoirmeacha atá tuartha, tá meántosaíocht i gceist mar gheall ar an bhféidearthacht mheánach a bhaineann leis an spreagadh seo. • Aithnítear go bhféadfadh tuilleadh taighde eolaíochta aeráide ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar stoirmeacha a chuirtear i leith an athraithe aeráide a bheith ina chuidiú leis an scór dóchúlachta seo a bheachtú. • Tá gaol ann le hacmhainn oiriúnaitheach a bhaineann le tionchair ar cháilíocht uisce mar gheall ar thuile mhéadaithe dhromchla agus shéarachais, rudaí a mheastar a bheith ina dtosaíochtaí géara.
Tionchar: Athrú ar dhinimic chothaitheach locha (as a dtagann, mar shampla, bláthanna algacha / eotrófú) agus cáilíocht uisce níos ísle **Spreagadh aeráide:** ard-fhrasaíocht agus teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cothaithigh agus dríodar **Méid:** 3 (báisteach ard), 2 (teochtaí arda) **Dóchúlacht:** 4 (báisteach ard), 5 (teochtaí arda) **Riosca:** 12 (báisteach ard), 10 (teochtaí arda)	• Tharla tionchar ag eotrófú ar cháilíocht uisce locha in Éirinn go stairiúil, ach i bhfianaise líon na lochanna chreat-treoir uisce (CTU) a bhféadfadh drochthionchar a bheith orthu agus na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha ghaolmhara, díorthaíodh an scór riosca seo. • Tá na cúiseanna a bhaineann le heotrófú agus bláthanna algacha i lochanna casta toisc go mbíonn siad ann go minic mar gheall ar shaibhriú cothaitheach ach d'fhéadfadh teochtaí arda iad a dhéanamh níos measa. • Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaí machnamh ar thionchar comhdhlúthaithe il-spreagthaí aeráide faoi aeráid atá ag athrú agus ba cheart go mbeadh sé mar chuid de chlár bainistíochta comhtháite dobharcheantair agus dobharlaigh locha á mbainistiú, mar a mholtar trí thosaíochtaí géara eile.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Mar thoradh ar thriomú tailte móna, d'fhéadfaí láisteadh amóinia, carbóin orgánach tuaslagtha agus laghdú ar mhaolú de thruailliú nádúrtha agus ar chosaint ar thuile **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Stádas comhshaoil *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Cé gur cuireadh an tionchar seo san áireamh mar thosaíocht faoi thodhchaí ardteochta, tá riosca measartha i gceist mar gheall ar an dóchúlacht níos ísle go mbeidh báisteach íseal ann. • D'fhéadfaí leas a bhaint don slabhra tionchair seo freisin as gníomhaíochtaí oiriúnaithe mar fhreagra ar theochtaí arda.
Tionchar: Sreabhadh íseal agus, mar thoradh air sin, déantar meath ar cháilíocht an uisce agus ar na tionchair éiceolaíochta **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Stádas comhshaoil *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Cuireadh an tionchar seo san áireamh mar thosaíocht faoi spreagadh aeráide báistí ísle do na fo-earnálacha pataiginí/cothaitheach agus dríodair/lotnaidicídí/truailleáin tionsclaíoch agus atá ag teacht chun cinn. • D'fhéadfaí leas a bhaint don slabhra tionchair seo freisin as gníomhaíochtaí oiriúnaithe mar fhreagairt ar theochtaí arda.
Tionchar: Ionsá salanda ar screamhuisce Spreagadh aeráide: ardú i leibhéal na farraige **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Stádas comhshaoil *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 8	• Tá faisnéis theoranta ar fáil maidir le méid an ionsá salanda ar fud na hÉireann. • Mholfaí monatóireacht mhéadaithe ar leibhéal an uisce agus ar cháilíocht an uisce chun tuiscint níos fearr a fháil ar na rioscaí a bhaineann le hionsá salanda ar screamhuisce.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Acmhainn chomhshamhlaithe laghdaithe na n-uiscí a fhaigheann sceitheadh teirmeach (a d'fhéadfadh a bheith níos measa mar gheall ar shreabhadh íseal) **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Stádas comhshaoil *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Bunaithe ar an tuiscint atá ann faoi láthair ar dháileadh an scaoilte sin, meastar nach dtarlóidh an tionchar seo ach go háitiúil agus nach dócha go mbeidh tionchair shóisialta nó eacnamaíocha arda aige. • D'fhéadfadh tuiscint níos mionsonraithe ar dháileadh na scaoiltí sin agus taighde ar a dtionchar, lena n-áirítear an chaoi a bhfuil sé seo á mheas san earnáil fuinnimh, a bheith ina chuidiú chun an scóráil seo a bheachtú.
Tionchar: Tinte mar gheall ar theas agus triomach (athruithe ar cheimic reatha chun srutha mar gheall ar luaith agus ceimiceáin a bhaineann le múchadh tine, athruithe ina dhiaidh sin ar rith chun srutha cothaithigh) **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Truailleáin thionsclaíocha agus atá ag teacht chun cinn / Stádas comhshaoil *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Mar gheall ar nádúr áitiúil na dtinte agus ar fhianaise íosta ó theagmais stairiúla, measadh go mbeidh an tionchar sa todhchaí meán go hard. • Aithnítear go bhfuil gaol le hacmhainn oiriúnaitheach a bhaineann le tionchair ar cháilíocht an uisce a bhreithníonn triomú thalamh portaigh ó theochtaí arda, de thairbhe gurb iad na limistéir faoin mbaol is mó go dtarlóidh tine ar bhonn méadaithe na limistéir bhratphortaigh ardtailte, le tionchair ar bhithéagsúlacht, ar cáilíocht aeir agus ar cháilíocht an uisce (dóite móna agus gluaiseacht siolta móna agus carbóin chuig cúrsaí uisce).
Tionchar: Ráta méadaithe galaithe / díghrádaithe lotnaidicídí **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda Fo-earnáil/fo-earnálacha: Lotnaidicídí *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Níl éifeachtaí na dteochtaí níos airde ar luaineacht/dhíghrádú lotnaidicídí soiléir agus bheadh tuilleadh taighde ag teastáil (thar earnálacha mar go bhfuil an tionchar seo il-earnála), chun tuiscint níos fearr a fháil ar mhéid an riosca seo.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Díscaoileadh méadaithe geolaíochta carbónáití, m.sh. aolchloch **Spreagadh aeráide:** báisteach ard **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Stádas comhshaoil *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 8	• Tuigtear go bhfuil díscaoileadh reatha aolchloiche an-íseal. Dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag méaduithe báistí ar an bpróiseas geolaíochta seo agus ar cháilíocht uisce ina dhiaidh sin.
Tionchar: Leathadh salainn / leathadh grin bóithre **Spreagadh aeráide:** teochtaí isle **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Truailleáin tionsclaíochta agus truailleáin atá ag teacht chun cinn *Méid:* 1 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 5	• Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh sailleadh bóithre ag teastáil fós amach anseo, ní slabhra tionchair tosaíochta é seo mar táthar ag súil le feabhsú de thairbhe minicíocht laghdaithe saillte / leathadh grin mar gheall ar an laghdú ar laethanta seaca.

Foinse: [38]

Tábla 28: Meántosaíochtaí infreastruchtúir seirbhísí uisce

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Athruithe ar éileamh (m.sh. éileamh níos airde laethúil agus buaice) **Spreagadh aeráide:** teochtaí isle **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Astarraingt uisce neamhchóireáilte / Stóráil uisce *Méid:* 1 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 5	• Ní tosaíocht é mar gheall ar laghdú ar laethanta seaca. Táthar ag súil le feabhas ar an éileamh ar uisce chun reo i bpíbobair a chosc.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Strus méadaithe ar infreastruchtúr dambaí / taiscumar mar gheall ar athruithe ar pharaiméadair oibríochta leibhéal an uisce, a bhféadfadh ganntanas uisce tarlú dá bharr **Spreagadh aeráide:** ard-fhrasaíocht agus frasaíocht íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Astarraingt uisce neamhchóireáilte / Stóráil uisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Léiríonn an tionchar seo an riosca go gcaillfí foinse uisce atá suntasach go háitiúil nó go réigiúnach má theipeann ar dhamba, agus má chaillfear an stóráil. • Cé nach bhfuil siad corpraithe go sainráite sa ríomh riosca seo, aithnítear go bhfuil caighdeáin agus maoluithe i bhfeidhm cheana féin chun an dóchúlacht 'fhíor' a íoslaghdú go dtarlódh teip dambaí agus ba chóir iad a chothabháil agus a fhorbairt ar aon dul leis an eolaíocht aeráide a bhaineann le báisteach ard de réir mar a fhorbraíonn sé.
Tionchar: Meath luathaithe ar struchtúir, foirgnimh, innealra, trealamh **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Rangaíodh méid iomlán an tionchair seo mar leibhéal íseal go meán mar bhaineann sé lena thionchar eacnamaíoch amháin, gan aon tionchar sóisialta nó comhshaoil, nó tionchar íosta aige. • D'fhéadfadh sé seo a bheith thar a bheith ábhartha maidir le hinfreastruchtúr níos sine a bhí tógtha le caighdeáin dhifriúla, b'fhéidir, agus / nó ní mar a bhí deartha agus le trealamh cóireála éagsúla le lamháltais éagsúla maidir le hathruithe sa teocht. Is iondúil go mbreithneofaí é seo i nuashonruithe ar chaighdeán dearaidh agus nuair a dhéanfaí measúnú ar threalamh sonrach.
Tionchar: Meath luathaithe ar struchtúir, foirgnimh, innealra, trealamh **Spreagadh aeráide:** teochtaí isle **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 1 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 5	• Ní slabhra tionchair tosaíochta é mar gheall ar laghdú ar laethanta seaca. Táthar ag súil le feabhas i saolré na struchtúr.
Tionchar: Moirtiúlacht mhéadaithe, saincheisteanna bolaidh agus blais **Spreagadh aeráide:** báisteach ard **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Moirtiúlacht mhéadaithe, saincheisteanna bolaidh agus blais **Spreagadh aeráide:** Méadú ar an anfacht **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 3 Riosca: 9	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de. • Aithnítear go bhféadfadh tuilleadh taighde eolaíochta aeráide ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar stoirmeacha a chuirtear i leith an athraithe aeráide a bheith ina chuidiú leis an scór dóchúlachta seo a bheachtú.
Tionchar: Tionchair ar an bpróiseas cóireála agus ar éifeachtúlacht cóireála, cruthú / scaipeadh bolaidh agus oibríochtaí **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Táthar ag súil nach mbeidh ach tionchar beag ag teochtaí méadaithe ar éifeachtúlacht cóireála agus cruthú bolaidh. • Ba chóir a thabhairt d'aire go mbreathnaítear ar chruthú bolaidh faoi láthair mar shaincheist. Dá bhrí sin, táthar ag súil go dtarlóidh infheistíochtaí i dteicneolaíocht cóireála bolaidh ar aon nós, mar gheall ar íogaireacht shochaíoch mhéadaithe seachas tionchair a bhaineann le hathrú aeráide.
Tionchar: Tionchair ar an bpróiseas cóireála agus ar éifeachtúlacht cóireála, cruthú / scaipeadh bolaidh agus oibríochtaí **Spreagadh aeráide:** teochtaí isle **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Ní slabhra tionchair tosaíochta é mar gheall ar laghdú ar laethanta seaca. Táthar ag súil le feabhsúchán.
Tionchar: Tuile dhíreach shócmhainne agus / nó creimeadh cósta as a dtagann cúlú pleanáilte agus caillteanas sócmhainní Spreagadh aeráide: ardú i leibhéal na farraige **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fuíolluisce / Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Aithnítear go bhfuil infreastruchtúr seirbhísí uisce i mbaol ó ardú ainsealach ar leibhéal na farraige ach mar gheall ar an bhfad lena thús, táthar ag súil go mbeidh an riosca foriomlán measartha. • Ba chóir go mbreithneofaí ar an riosca agus sócmhainní nua agus uasghrádaithe á bpleanáil (go háirithe ag an leibhéal réigiúnach áit a bhféadfadh rioscaí a bheith níos airde ná i réigiúin eile). Ba cheart é seo a ailíniú leis an gCreat Pleanála Náisiúnta [41] agus le hacmhainní cósta na hÉireann a chosaint agus le bearta oiriúnaithe a mholtar mar fhreagra air a thacú.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Ionsá salanda ag cruthú meath ar shócmhainní níos gasta agus ag cur isteach ar uiscígh Spreagadh aeráide: ardú i leibhéal na farraige **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 8	• Tá faisnéis theoranta ar fáil maidir le méid an ionsá salanda i screamhuisce ar fud na hÉireann agus an tionchar a bhíonn aige ar shócmhainní tarchuir. • Mholfaí monatóireacht mhéadaithe chun na rioscaí a bhaineann le hionsá salanda ar screamhuisce a thuiscint ar bhealach níos fearr.
Tionchar: Caillteanas nó soláthar uaineach ó thaiscumair **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Astarraingt uisce neamhchóireáilte / Stóráil uisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Léiríonn an rátáil riosca seo an tábhacht choibhneasta atá ag baint le taiscumair mar chuid den soláthar uisce náisiúnta agus ba chóir a thabhairt d'aire go bhfuil athléimneacht soláthair ina ghné choiteann laistigh de na slabhraí tionchair tosaíochta. • Trí oiriúnú a dhéanamh ina leith seo, bheadh tionchar díreach ann chun riosca an tslabhra seo a laghdú.
Tionchar: Athruithe ar cheimic uisce, níos mó bithsceo agus miocrorgánach sa chóras soláthair uisce **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de.
Tionchar: Poitéinseal méadaithe maidir le cruthú bolaidh agus seipteachais sa líonra fuíolluisce **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• Níl méid an tionchair seo soiléir agus bheadh tuilleadh taighde ag teastáil.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Próisis sioctha agus coscartha a mbíonn tionchar acu ar infreastruchtúr líonra, amhail pléascthaí **Spreagadh aeráide:** teochtaí isle **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 1 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 5	• Ní slabhra tionchair tosaíochta é seo mar gheall ar laghdú ar laethanta seaca. Táthar ag súil le feabhsúchán mar gheall ar ghníomhaíocht sioctha agus coscartha laghdaithe.
Tionchar: Níos mó sceití agus pléascthaí mar gheall ar easnamh taise ithreach **Spreagadh aeráide:** teochtaí arda **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 5 Riosca: 10	• In ainneoin gur tionchar aitheanta ar theochtaí arda é seo, is léir ón bhfeabhas reatha agus leanúnach ar an ngréasán píopaí, agus óna dhearadh, gur chóir go mbeadh an méid amach anseo níos ísle. • Aithnítear go bhfuil éagsúlacht ar fud na tíre maidir le cáilíocht an líonra píopaí agus mar sin d'fhéadfadh limistéir áitiúla a bheith ann ina bhfuil gá leis an tionchar seo a bhreithniú.
Tionchar: Smionagar á shruthlú ó thaiscumair seirbhíse agus ó thúir isteach sa chóras **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 8	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de.
Tionchar: Laghdú ar an méid uisce as a dtagann loiceadh píopaí mar gheall ar dhíbhrú **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 2 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 8	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de.

Tionchar	Treoir fhaire
Tionchar: Níos mó gluaiseachta ithreach, níos mó gluaiseachta píopaí uisce/fuíolluisce agus níos mó pléascthaí **Spreagadh aeráide:** níos mó stoirmeacha **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 3 Riosca: 9	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de.
Tionchar: Rátaí sreafa níos ísle as a dtagann sil-leagan agus bacainní, agus saincheisteanna bolaidh **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Líonraí uisce agus fuíolluisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Táthar ag súil nach mbeidh an tionchar seo ábhartha ach go háitiúil agus go mbeidh sé teoranta ó thaobh ama de. • Mholfaí córas monatóireachta agus cigireachta chun rabhadh a thabhairt i gcoinne rioscaí féideartha logánta.
Tionchar: Méadú ar mhéideanna isteach sna hoibríochtaí **Spreagadh aeráide:** níos mó stoirmeacha **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 4 *Dóchúlacht:* 3 Riosca: 12	• Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh méid an tionchair seo sa todhchaí meán go hard de bharr nádúr dian na stoirmeacha atá tuartha, tá meántosaíocht i gceist mar gheall ar an bhféidearthacht mheánach a bhaineann leis an spreagadh seo. • Ba cheart an tionchar seo a bhreithniú mar chuid de ghnáthnósanna imeachta dearaidh i bhforbairt d'aon sócmhainn chóireála. • Aithnítear go bhféadfadh tuilleadh taighde eolaíochta aeráide ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar stoirmeacha a chuirtear i leith an athraithe aeráide a bheith ina chuidiú leis an scór dóchúlachta seo a bheachtú.
Tionchar: Sruthanna ísle agus leibhéil uisce ísle as a dtagann cumas laghdaithe comhshamhlaithe i ndáil le doirteadh fuíolluisce (athruithe ar bhainistíocht scaoilte) **Spreagadh aeráide:** báisteach íseal **Fo-earnáil/fo-earnálacha:** Cóireáil uisce agus fhuíolluisce *Méid:* 3 *Dóchúlacht:* 4 Riosca: 12	• Nascann an tionchar seo leis na tionchair ar cháilíocht an uisce a chuirtear i leith bháistí ísle agus sruthanna ísle agus leagadh béim orthu mar thionchar tosaíochta. • Meastar go mbeidh méid níos lú ag an tionchar infreastruchtúr seirbhísí uisce seo toisc go mbeidh tionchair níos áitiúla agus go bhfuil leibhéal maolaithe i bhfeidhm go ginearálta. • Agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar cháilíocht an uisce, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na cúinsí abhantraí agus oibriúcháin níos leithne a bhfuil sruthanna ísle acu.

Foinse: [38]

tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland